Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 5 Márta 2026**
**(OR. en)**

**15389/1/25**
**REV 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0111(COD)**

**EF 370**
**ECOFIN 1514**
**CODEC 1807**
***ECB***
***PARLNAT***

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh chun go nglacfaí RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 a mhéid a bhaineann le bearta luath-idirghabhála, coinníollacha maidir le réiteach agus gníomhaíocht réitigh a chistiú<br>– Arna ghlacadh ag an gComhairle an 5 Márta 2026 |

**RIALACHÁN (AE) 2026**
**Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 806/2014**
**a mhéid a bhaineann le bearta luath-idirghabhála,**
**coinníollacha maidir le réiteach agus gníomhaíocht réitigh a chistiú**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ón mBanc Ceannais Eorpach[1],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[2],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[3],

---

1 IO C 307, 31.8.2023, lch. 19.
2 IO C 349, 29.9.2023, lch. 161.
3 Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 24 Aibreán 2024 (IO C, C/2025/3752, 17.9.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/3752/oj) agus seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh an 5 Márta 2026 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil). Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an … (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Bunaíodh creat réitigh an Aontais le haghaidh institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta ('institiúidí') tar éis na géarchéime airgeadais domhanda 2008-2009 agus de dhroim doiciméad a d'fhoilsigh an Bord um Chobhsaíocht Airgeadais den chéad uair i mí Dheireadh Fómhair 2011 dar teideal *Key Attributes of Effective Resolution Regimes for Financial Institutions* [Príomhthréithe Córas Éifeachtach Imréitigh d'Institiúidí Airgeadais]. Is éard atá i gcreat réitigh an Aontais Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4] agus Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5]. Tá feidhm ag an dá ghníomh reachtacha maidir le hinstitiúidí agus maidir le heintitis eile a thagann faoi raon feidhme na Treorach sin nó an Rialacháin sin (a dtugtar 'eintitis' orthu i dteannta a chéile). Is é is aidhm do chreat réitigh an Aontais déileáil ar bhealach ordúil le teipeanna eintiteas trína bhfeidhmeanna criticiúla a chaomhnú agus trí bhagairtí ar chobhsaíocht airgeadais a sheachaint, agus trí thaisceoirí agus cistí poiblí a chosaint san am céanna. Ina theannta sin, tá sé beartaithe le creat réitigh an Aontais forbairt an mhargaidh inmheánaigh sa bhaincéireacht a chothú trí chóras comhchuibhithe a chruthú chun aghaidh a thabhairt ar ghéarchéimeanna trasteorann ar bhealach comhordaithe agus trí shaincheisteanna maidir le saobhadh na hiomaíochta agus rioscaí na córa neamh-chomhionainne a sheachaint.

---

4 Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena mbunaítear creat do théarnamh agus réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Treoir 82/891/CEE ón gComhairle, agus Treoracha 2001/24/CE, 2002/47/CE, 2004/25/CE, 2005/56/CE, 2007/36/CE, 2011/35/AE, 2012/30/AE agus 2013/36/AE, agus Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010 agus (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 173, 12.6.2014, lch. 190, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2014/59/oj).

5 Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2014 lena mbunaítear rialacha aonfhoirmeacha agus nós imeachta aonfhoirmeach maidir le réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta áirithe faoi chuimsiú Sásra Réitigh Aonair agus Ciste Réitigh Aonair agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 (IO L 225, 30.7.2014, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/806/oj).

(2) Roinnt blianta ó cuireadh chun feidhme é, ní thugann creat réitigh an Aontais faoi láthair an toradh a bhí beartaithe i ndáil le cuid de na cuspóirí sin. Go háirithe, cé go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta ag eintitis i dtreo inréiteachta agus go bhfuil acmhainní suntasacha tiomnaithe acu chuige sin, go háirithe tríd an acmhainneacht ionsúcháin caillteanais agus athchaipitliúcháin a mhéadú agus trí shocruithe um maoiniú réitigh a líonadh, is annamh a bhaintear leas as creat réitigh an Aontais. Ina ionad sin, is amhlaidh a thugtar aghaidh ar theipeanna eintiteas beag agus meánmhéide áirithe trí bhearta náisiúnta neamh-chomhchuibhithe den chuid is mó. Is airgead cáiníocóirí a úsáidtear fós seachas líontáin sábhála arna gcistiú ag an tionscal, ar nós socruithe um maoiniú réitigh. Is cosúil go n-eascraíonn an staid sin as dreasachtaí neamhleora. Eascraíonn na dreasachtaí neamhleora sin as an idirghníomhú idir creat réitigh an Aontais agus na rialacha náisiúnta, rud a fhágann nach ndéantar lánrogha leathan údarás réitigh agus an measúnú ar leas an phobail á chur i gcrích a fheidhmiú i gcónaí ar bhealach lena léirítear an chaoi a bhfuil sé beartaithe feidhm a bheith ag creat réitigh an Aontais. San am céanna, is beag úsáid a baineadh as creat réitigh an Aontais mar gheall ar an riosca do thaisceoirí eintiteas arna gcistiú ó thaiscí caillteanais a bheith á n-iompar acu chun a áirithiú gur féidir leis na heintitis sin rochtain a fháil ar chistiú seachtrach i gcás réitigh, go háirithe in éagmais dliteanais eile ar féidir tarrtháil inmheánach a thabhairt orthu. Ar deireadh, ós rud é nach bhfuil na rialacha maidir le rochtain ar chistiú i gcás nach bhfuil faoi réiteach chomh dian céanna leis na rialacha i gcás réitigh, tá claonadh ann leas a bhaint as réitigh eile de rogha ar chreat réitigh an Aontais a chur i bhfeidhm, réitigh ina n-úsáidtear airgead cáiníocóirí go minic in ionad úsáid acmhainní dílse eintiteas nó úsáid líontán sábhála arna gcistiú ag an tionscal. Cruthaíonn an staid sin rioscaí ilroinnte, rioscaí maidir le torthaí fo-optamacha i ndáil le teipeanna eintiteas a bhainistiú, go háirithe i gcás eintitis bheaga agus mheánmhéide, agus deischostais ó acmhainní airgeadais nár úsáideadh. Is gá, dá bhrí sin, a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm ar bhealach níos éifeachtaí agus níos comhleanúnaí creat réitigh an Aontais agus gur féidir é a chur i bhfeidhm aon uair a bheidh sé chun leasa an phobail má dhéantar amhlaidh, lena n-áirítear i gcás eintitis bheaga agus mheánmhéide áirithe a chistítear go príomha trí thaiscí agus nach bhfuil dliteanais leordhóthanacha eile acu ar féidir tarrtháil inmheánach a thabhairt orthu.

(3) De bhun Rialachán (AE) Uimh. 806/2014, na Ballstáit a bhfuil dlúthchomhar bunaithe acu idir an Banc Ceannais Eorpach (BCE) agus na húdaráis inniúla náisiúnta faoi seach, measfar gur Ballstáit rannpháirteacha iad chun críocha an Rialacháin sin. Mar sin féin, níl aon mhionsonra sa Rialachán sin maidir leis an bpróiseas chun tús a chur leis an dlúthchomhar maidir le cúraimí a bhaineann le réiteach. Is iomchuí, dá bhrí sin, na mionsonraí sin a leagan síos.

(4) Athraíonn déine agus leibhéal mionsonraithe na hoibre pleanála réitigh is gá maidir le fochuideachtaí nár sainaithníodh mar eintitis réitigh ag brath ar mhéid na n-eintiteas lena mbaineann, ar a bpróifíl riosca, ar a ról i soláthar feidhmeanna criticiúla, ar a bpríomhlínte gnó, ar a dtábhacht do leanúnachas oibríochtúil an ghrúpa tar éis réitigh agus an straitéis réitigh grúpa, agus ar thábhacht na fochuideachta sa Bhallstát ina bhfuil sí bunaithe, lena n-áirítear an tábhacht shistéamach a d'fhéadfadh a bheith aici agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aici ar na hacmhainní airgeadais atá ar fáil don scéim ráthaithe taiscí (SRT) i gcás foirceannadh faoi ghnáthimeachtaí dócmhainneachta. Dá bhrí sin, ba cheart don Bhord Réitigh Aonair ('an Bord') a bheith in ann na tosca sin a bhreithniú agus na bearta atá le déanamh i leith fochuideachtaí den sórt sin á sainaithint aige agus cur chuige comhchuimseach a leanúint, i gcás inarb iomchuí.

(5) Maidir le heintiteas atá á fhoirceannadh faoin dlí náisiúnta, tar éis cinneadh a dhéanamh go bhfuil sé i mbéal teipthe nó gur dóigh dó teip agus tar éis don Bhord cinneadh a dhéanamh nach rachadh sé chun leasa an phobail é a réiteach, tá sé ag dul i dtreo imeacht ón margadh ar deireadh. Sna cásanna sin, níl plean chun an t-eintiteas sin a réiteach de dhíth a thuilleadh, gan beann ar cibé acu a tharraing an t-údarás inniúil údarú an eintitis sin siar cheana nó nár tharraing. Is amhlaidh atá maidir le hinstitiúid iarmharach faoi réiteach tar éis aistriú sócmhainní, ceart, agus dliteanas i gcomhthéacs straitéise aistrithe. Is iomchuí a shonrú, dá bhrí sin, nach gá pleananna réitigh a ghlacadh sna cásanna sin.

(6) Faoi láthair, is féidir leis an mBord cinnead a dhéanamh maidir le toirmeasc a chur ar dháileacháin áirithe i gcás nach gcomhlíonann eintiteas, bíodh sé ina eintiteas réitigh nó ná bíodh, an ceanglas maoláin chomhcheangailte nuair a mheastar iad sa bhreis ar an íoscheanglas maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe (ICDI). Mar sin féin, chun deimhneacht dhlíthiúil agus ailíniú leis na nósanna imeachta atá ann cheana maidir le cur chun feidhme cinntí arna ndéanamh ag an mBord a áirithiú, is gá róil na n-údarás a bhfuil baint acu leis an bpróiseas maidir le toirmeasc a chur ar dháileacháin a shonrú ar bhealach níos soiléire. Is iomchuí, dá bhrí sin, a leagan síos gur cheart don Bhord treoir a dhíriú chuig an údarás réitigh náisiúnta chun dáileacháin den chineál sin a thoirmeasc, agus ba cheart don údarás treoir an Bhoird a chur chun feidhme. Ina theannta sin, i gcásanna áirithe, d’fhéadfaí a cheangal ar eintiteas ICDI a chomhlíonadh ar bhonn atá éagsúil leis an mbonn ar a gceanglaítear ar an eintiteas sin an ceanglas maoláin chomhcheangailte a chomhlíonadh. Cruthaíonn an staid sin éiginnteachtaí maidir leis na coinníollacha maidir le feidhmiú chumhachtaí an Bhoird chun dáileacháin a thoirmeasc agus maidir leis an Uasmhéid Indáilte a bhaineann le ICDI a ríomh. Dá bhrí sin, ba cheart a leagan síos gur cheart don Bhord, sna cásanna sin, treoir a thabhairt do na húdaráis réitigh náisiúnta dáileacháin áirithe a thoirmeasc ar bhonn an cheanglais maoláin chomhcheangailte mheasta a eascraíonn as an modheolaíocht a leagtar amach sa ghníomh tarmligthe arna ghlacadh de bhun Airteagal 45c(4) de Threoir 2014/59/AE ón gCoimisiún. Chun trédhearcacht agus deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú, ba cheart don Bhord an ceanglas maoláin chomhcheangailte measta a chur in iúl don eintiteas, agus ba cheart an ceanglas maoláin chomhcheangailte measta sin a chur ar fáil don phobal ansin.

(7) Le Treoir 2014/59/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6], leagtar síos cumhachtaí atá le feidhmiú ag údaráis réitigh, agus ní áirítear cuid díobh sin i Rialachán (AE) Uimh. 806/2014. Sa Sásra Réitigh Aonair (SRA), d'fhéadfadh sé sin éiginnteacht a chruthú maidir le cé a fheidhmeoidh na cumhachtaí sin agus maidir leis na coinníollacha faoina bhfuil siad le feidhmiú. Dá bhrí sin, is gá a shonrú conas ba cheart d'údaráis réitigh náisiúnta cumhachtaí áirithe a fheidhmiú, ar cumhachtaí iad a leagtar síos i dTreoir 2014/59/AE agus sa Treoir sin amháin, maidir le heintitis agus grúpaí a thagann faoi fhreagracht dhíreach an Bhoird. Dá bhrí sin, ba cheart don Bhord a bheith in ann, i gcás ina measann sé go bhfuil gá leis, treoir a thabhairt do na húdaráis réitigh náisiúnta na cumhachtaí sin a fheidhmiú. Go háirithe, ba cheart don Bhord a bheith in ann treoir a thabhairt d'údaráis réitigh náisiúnta a cheangal ar eintiteas taifid mhionsonraithe de na conarthaí airgeadais ar páirtí iontu an t-eintiteas a choinneáil ar bun, an chumhacht a fheidhmiú chun roinnt oibleagáidí airgeadais a chur ar fionraí de bhun Airteagal 33a de Threoir 2014/59/AE, agus rúndacht faisnéise ón taobh istigh a áirithiú de bhun Airteagal 84b den Treoir sin. Mar sin féin, ós rud é nach gceanglaítear cur i bhfeidhm na reachtaíochta náisiúnta leis na ceadanna chun laghdú a dhéanamh ar ionstraimí dliteanas incháilithe arna ndeonú ar bhonn Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, atá infheidhme freisin maidir le heintitis agus le dliteanais atá faoi réir ICDI, ba cheart don Bhord a bheith in ann na ceadanna sin a thabhairt d'eintitis go díreach, gan iallach a bheith air treoir a thabhairt do na húdaráis réitigh náisiúnta an chumhacht sin a fheidhmiú.

[6] Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/575/oj).

(8) Na taiscí a chomhlíonann na coinníollacha chun cáiliú mar dhliteanais incháilithe, is féidir iad a úsáid chun ICDI a chomhlíonadh. Mar sin féin, i bhfianaise chineál sonrach na dtaiscí, agus i bhfianaise an róil atá acu san fhíorgheilleagar agus maidir le muinín a chothú sa chóras baincéireachta, ba cheart áireamh na dtaiscí i raon feidhme na ndliteanas a úsáidtear chun ICDI a chomhlíonadh a bheith faoi réir ceanglais níos déine, ós rud é gur cheart na hacmhainní atá incháilithe do ICDI a bheith inúsáidte ina n-iomláine chun na caillteanais a sheasamh agus chun rannchuidiú le hathchaipitliú institiúide creidmheasa i gcás ina dteipfeadh uirthi. Ar an gcéad dul síos, mar is amhlaidh faoi na rialacha atá ann faoi láthair, níor cheart do dhaoine nádúrtha ná do mhicrifhiontair ná d’fhiontair bheaga agus mheánmhéide a bheith in ann na taiscí a úsáidtear le haghaidh ICDI a shealbhú. Ar an dara dul síos, ba cheart a shoiléiriú nach féidir na taiscí lena dtugtar ceart chun luath-aisíocaíochta dá úinéir a bheith incháilithe do ICDI, lena n-áirítear sna cásanna sin ina bhforáiltear leis na forálacha conarthacha go mbeidh luath-aisíocaíocht faoi réir pionós a íoc. Ar an tríú dul síos, chun trédhearcacht a áirithiú agus chun na rioscaí a bhaineann le láithriú míchuí na dtaiscí sin a íoslaghdú, ba cheart tagairt shainráite a dhéanamh sna forálacha conarthacha ábhartha do rún na hinstitiúide creidmheasa na taiscí sin a úsáid chun ICDI a chomhlíonadh, agus don fhíoras nach gcáilíonn siad mar thaiscí incháilithe agus, dá bhrí sin, nach n-aisíocfaidh an scéim ráthaithe taiscí aon chuid den taisce sin i gcás nach mbeidh sí ar fáil. Ar an gceathrú dul síos, níor cheart úsáid taiscí in ICDI a cheadú, de ghnáth, mura rud é gur údaraigh an Bord roimhe sin iad a áireamh in acmhainní atá incháilithe do ICDI ar bhonn measúnú nár ghá na taiscí sin a chosaint ar chaillteanais a iompar i gcás réitigh agus nach n-eascródh bac substainteach ar inréiteacht astu. Ba cheart don Bhord a bheith in ann úsáid na dtaiscí a údarú chun ICDI a chomhlíonadh ar bhonn ginearálta do gach eintiteas réitigh, gan measúnú aonair a dhéanamh ar gach taisce, chomh maith le háireamh taiscí chun ICDI a chomhlíonadh a theorannú do mhéideanna socraithe. Is féidir le taiscí struchtúrtha, d’ainneoin gur dliteanais iad ina bhfuil díorthaigh leabaithe, cáiliú freisin mar dhliteanais incháilithe institiúide creidmheasa, ar choinníoll go gcomhlíontar gach coinníoll eile.

(9) Chun éifeachtaí aille a sheachaint, is gá na taiscí atá ann cheana a cháilíonn mar dhliteanais incháilithe a mharthanú. Maidir le taiscí a ghlactar roimh an ... [24 mhí móide lá amháin ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo], ba cheart na critéir incháilitheachta nua a tharscaoileadh. Ba cheart deireadh a chur leis an marthanú an … [36 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo].

(10) Le Rialacháin (AE) 2019/876[7] agus (AE) 2019/877[8] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir (AE) 2019/879 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[9], cuireadh chun feidhme i ndlí an Aontais 'Bileog Téarmaí an Chumais Iomláin Ionsúcháin Caillteanais (CIIC)' arna foilsiú ag an mBord um Chobhsaíocht Airgeadais an 9 Samhain 2015 ('caighdeán CIIC'), le haghaidh bainc a bhfuil tábhacht shistéamach dhomhanda leo, dá dtagraítear i ndlí an Aontais mar institiúidí a bhfuil tábhacht shistéamach dhomhanda leo (G-SIInna). Le Rialachán (AE) 2019/877 agus le Treoir (AE) 2019/879, leasaíodh an ICDI a leagtar amach i dTreoir 2014/59/AE agus i Rialachán (AE) Uimh. 806/2014. Is gá na forálacha maidir le ICDI a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 a ailíniú le cur chun feidhme chaighdeán CIIC do G-SIInna maidir le dliteanais áirithe a d'fhéadfaí a úsáid chun an chuid den ICDI a chomhlíonadh ar cheart í a chomhlíonadh le cistí dílse agus le dliteanais fho-ordaithe eile. Go háirithe, ba cheart dliteanais a rangaítear *pari passu* le dliteanais eisiata áirithe a áireamh i gcistí dílse agus in ionstraimí incháilithe fo-ordaithe na n-eintiteas réitigh i gcás nach mó méid na ndliteanas eisiata sin ar chlár comhardaithe an eintitis réitigh ná 5 % de mhéid chistí dílse agus dhliteanais incháilithe an eintitis réitigh agus nach n-eascraíonn aon riosca a bhaineann leis an bprionsabal 'gan creidiúnaí ar bith níos measa as' ón áireamh sin.

---

7 Rialachán (AE) 2019/876 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a mhéid a bhaineann leis an gcóimheas luamhánaithe, leis an gcóimheas glanchistiúcháin chobhsaí, leis na ceanglais maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe, leis an bpriacal creidmheasa contrapháirtí, leis an bpriacal margaidh, leis na risíochtaí ar chontrapháirtithe lárnacha, leis na risíochtaí ar ghnóthais chomhinfheistíochta, leis na risíochtaí móra, leis na ceanglais tuairiscithe agus nochta, agus Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 150, 7.6.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/876/oj).

8 Rialachán (AE) 2019/877 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 a mhéid a bhaineann le hacmhainneacht ionsúcháin caillteanais agus athchaipitliúcháin institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta (IO L 150, 7.6.2019, lch. 226, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/877/oj).).

9 Treoir (AE) 2019/879 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 lena leasaítear Treoir 2014/59/AE a mhéid a bhaineann le hacmhainneacht ionsúcháin caillteanais agus acmhainneacht athchaipitliúcháin institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta agus Treoir 98/26/CE (IO L 150, 7.6.2019, lch. 296, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2019/879/oj).

(11) I gcás eintitis réitigh áirithe, is ar aistriú ghnó na hinstitiúide faoi réiteach chuig ceannaitheoir príobháideach nó chuig droichead-institiúid go príomha a bhraitheann an straitéis réitigh tosaíochta a leagtar amach sa phlean réitigh nó sa phlean réitigh grúpa. Sna cásanna sin, d'fhéadfadh sé go n-iarrfaí ar an scéim ráthaithe taiscí ranníocaíocht a dhéanamh i dtreo gníomhaíocht réitigh, rud a d'fhéadfadh cosaint taiscí áirithe nach gcumhdaítear leis an scéim ráthaithe taiscí a áirithiú. Chun an baol morálta a íoslaghdú, ba cheart a shonrú, dá bhrí sin, i gcás ina mbeartaítear sa phlean réitigh an uirlis díolacháin gnó nó an uirlis droichead-institiúide a chur i bhfeidhm agus imeacht an eintitis réitigh ón margadh, nár cheart ICDI an eintitis réitigh lena mbaineann a shocrú ar leibhéal faoi bhun tairseacha áirithe. I gcás inarb airde an méid ná na tairseacha sin de thoradh chur i bhfeidhm na rialacha maidir le calabrú ICDI, ba cheart forlámhas a bheith ag an méid níos airde sin. Níor cheart feidhm a bheith ag na tairseacha sin maidir leis an tacar ICDI d'eintitis réitigh arb é atá sa straitéis réitigh tosaíochta acu an uirlis tarrthála inmheánaí a chur i bhfeidhm chun críocha a hathchaipitlithe a mhéid is leor chun a cumas leanúint de na gníomhaíochtaí a bhfuil sí údaraithe ina leith a chur i gcrích a athbhunú, fiú i gcás ina mbeartaítear sa straitéis réitigh tosaíochta an uirlis tarrthála inmheánaí a chur i bhfeidhm in éineacht le huirlisí réitigh eile, agus an uirlis sin á húsáid ar bhealach coimhdeach.

(12) Ní áirítear i Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 rialacha tiomnaithe maidir le socruithe idirthréimhseacha ná spriocleibhéil idirmheánacha chun ICDI a chomhlíonadh tar éis 2024. Mar sin féin, is ann do chásanna nár cheart a cheangal láithreach ar eintitis ICDI níos airde arna shocrú ag an mBord a chomhlíonadh, lena n-áirítear na cásanna sin inarb iad athruithe ábhartha ar an eintiteas mar gheall ar chumaisc nó éadálacha, cuir i gcás, nó athruithe ar an straitéis réitigh tosaíochta is cúis leis an méadú ar ICDI. Go háirithe, i gcás ina n-athraíonn an straitéis réitigh tosaíochta ó fhoirceannadh faoi ghnáthimeachtaí dócmhainneachta go dtí cur i bhfeidhm gníomhaíochta réitigh, d'fhéadfadh sé nach mbeadh an t-eintiteas in ann ICDI arna shocrú ag an mBord a chomhlíonadh ina iomláine láithreach bonn. Ba cheart, dá bhrí sin, an chumhacht a thabhairt don Bhord na hidirthréimhsí iomchuí a chinneadh chun ICDI a chomhlíonadh. Thairis sin, ba cheart é a bheith de chumhacht ag an mBord spriocleibhéil idirmheánacha cheangailteacha a chinneadh le haghaidh na n-eintiteas sin, chun a áirithiú go ndéanfaidh siad a n-acmhainní atá incháilithe i leith ICDI a fhorbairt ar bhealach iomchuí. Chun ionchais dhlisteanacha a chosaint, níor cheart do na rialacha nua difear a dhéanamh do na hidirthréimhsí a chinn an Bord roimhe sin ar bhonn na rialacha is infheidhme ar an dáta ábhartha.

(13) De bhun Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 ón gComhairle[10], tá BCE inniúil ar chúraimí maoirseachta a dhéanamh i ndáil le luath-idirghabháil. Is gá na rioscaí a eascraíonn as trasuí éagsúil i ndlíthe náisiúnta na mbeart luath-idirghabhála a leagtar amach i dTreoir 2014/59/AE a laghdú agus cur i bhfeidhm éifeachtach agus comhsheasmhach na gcumhachtaí atá ag BCE a éascú chun bearta luath-idirghabhála a dhéanamh. Tugadh isteach na bearta luath-idirghabhála sin chun go mbeidh na húdaráis inniúla in ann meath ar staid airgeadais agus eacnamaíoch eintitis a leigheas agus an riosca agus an tionchar a bheadh ag réiteach féideartha a laghdú a mhéid is féidir. Mar sin féin, mar gheall ar easpa cinnteachta maidir leis na truicir chun na bearta luath-idirghabhála sin a chur i bhfeidhm agus forluí páirteach le bearta maoirseachta, is annamh a úsáideadh bearta luath-idirghabhála. Ba cheart, dá bhrí sin, forálacha Threoir 2014/59/AE maidir le bearta luath-idirghabhála a léiriú i Rialachán (AE) Uimh. 806/2014, rud a áiritheoidh uirlis dlí aonair atá infheidhme go díreach do BCE, agus ba cheart na coinníollacha maidir le cur i bhfeidhm na mbeart luath-idirghabhála sin a shimpliú agus a shonrú a thuilleadh. Chun deireadh a chur le héiginnteachtaí maidir leis na coinníollacha agus leis an uainiú chun comhlacht bainistíochta eintitis a bhaint agus riarthóirí sealadacha a cheapadh, ba cheart na bearta sin a shainaithint go sainráite mar bhearta luath-idirghabhála agus ba cheart a gcur i bhfeidhm a bheith faoi réir na dtruicear céanna. Faoi choinníollacha sonracha, d’fhéadfadh foirceannadh gníomhaíochtaí de réir a chéile a bheith ina réiteach costéifeachtach lena n-éascaítear eintiteas ag a bhfuil samhail ghnó lag imeacht as an margadh, agus ar an gcaoi sin meath fadtréimhseach a sheachaint arb é teip an eintitis an toradh air.

---

10 Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 2013 lena dtugtar cúraimí sonracha don Bhanc Ceannais Eorpach maidir le beartais a bhaineann le maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa (IO L 287, 29.10.2013, lch. 63, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1024/oj).

Ba cheart an chumhacht luath-idirghabhála a bheith ag BCE a iarraidh go gcuirfí plean isteach a bheadh le cur chun feidhme i gcás foirceannadh deonach gníomhaíochtaí eintitis, agus ag an am céanna an cinneadh maidir le cur chun feidhme an phlean sin a fhágáil faoin eintiteas lena mbaineann. Agus cumhachtaí luath-idirghabhála á gcur i bhfeidhm, ba cheart a cheangal ar BCE na bearta iomchuí a roghnú chun aghaidh a thabhairt ar chás sonrach i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta. Chun a chur ar chumas BCE rioscaí clú nó rioscaí a bhaineann le sciúradh airgid nó teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide a chur san áireamh, ba cheart do BCE measúnú a dhéanamh ar na coinníollacha chun bearta luath-idirghabhála a chur i bhfeidhm, ní hamháin ar bhonn táscairí cainníochtúla, mar shampla ceanglais chaipitil nó leachtachta, leibhéal giarála, iasachtaí neamhthuillmheacha nó comhchruinniú neamhchosaintí, ach freisin ar bhonn truicir cháilíochtúla. Leis an bpróiseas cinnteoireachta i ndáil le bearta luath-idirghabhála, ba cheart a bheith in ann iad a bhreithniú go pras agus, más iomchuí, iad a chur i bhfeidhm, chun nach rachaidh staid an eintitis in olcas a thuilleadh.

(14) Is gá a áirithiú go mbeidh an Bord in ann ullmhú le haghaidh réiteach féideartha eintitis. Dá bhrí sin, ba cheart do BCE nó don údarás inniúil náisiúnta ábhartha an Bord a chur ar an eolas faoin meath ar staid eintitis luath go leor, agus ba cheart na cumhachtaí is gá a bheith ag an mBord chun bearta ullmhúcháin a chur chun feidhme. Rud atá tábhachtach, chun go mbeidh an Bord in ann freagairt chomh tapa agus is féidir do mheath ar staid eintitis, níor cheart cur i bhfeidhm na mbeart luath-idirghabhála a bheith ina choinníoll don Bhord socruithe a dhéanamh maidir le margú an eintitis nó faisnéis a iarraidh chun an plean réitigh a thabhairt cothrom le dáta agus an luacháil a ullmhú. Agus eintiteas ar comhalta é de scéim cosanta institiúideach (SCI) á mhargú, ba cheart don Bhord breithniú a dhéanamh ar bhearta a d’fhéadfadh SCI a dhéanamh roimh an réiteach chun an riosca ábhartha go dteipfeadh ar an eintiteas nó gur dócha go dteipfeadh air a sheachaint. Chun freagairt chomhsheasmhach chomhordaithe éifeachtach thráthúil ar mheath eintitis a áirithiú agus chun ullmhú i gceart do réiteach a d’fhéadfadh a bheith ann, is gá feabhas a chur ar an idirghníomhaíocht agus ar an gcomhordú idir BCE, na húdaráis inniúla náisiúnta agus an Bord. A luaithe a chomhlíonann eintiteas na coinníollacha chun bearta luath-idirghabhála a chur i bhfeidhm, ba cheart do BCE, do na húdaráis inniúla náisiúnta agus don Bhord a malartuithe faisnéise a mhéadú, lena n-áirítear faisnéis shealadach, agus faireachán a dhéanamh go comhpháirteach ar staid an eintitis.

(15) Is gá gníomhaíocht thráthúil agus luath-chomhordú a áirithiú idir an Bord agus BCE, nó an t-údarás inniúil náisiúnta ábhartha, maidir le grúpaí trasteorann nach bhfuil chomh suntasach sin fad is atá eintiteas fós ina ghnóthas leantach ach go bhfuil riosca ábhartha ann go dteipfeadh ar an eintiteas. Dá bhrí sin, ba cheart do BCE nó don údarás inniúil náisiúnta ábhartha fógra a thabhairt don Bhord a luaithe is féidir faoin riosca sin. San fhógra sin, ba cheart na cúiseanna atá le measúnú BCE nó an údaráis inniúil náisiúnta ábhartha agus forléargas neamh-uileghabhálach ar bhearta malartacha na hearnála príobháidí, ar ghníomhaíocht mhaoirseachta nó ar bhearta luath-idirghabhála a bheith ann, bearta atá ar fáil chun teip an eintitis a chosc laistigh de thréimhse ama réasúnta. Ní dhéanann an luathfhógra sin difear d'aon bhearta malartacha ón earnáil phríobháideach, lena n-áirítear bearta ó SCI, lena gcuirfí cosc ar theip nó ar theip dhóchúil an eintitis laistigh de thréimhse ama réasúnta nó lena ndéanfaí dochar do na nósanna imeachta chun a chinneadh an bhfuil na coinníollacha maidir le réiteach á gcomhlíonadh. An réamhfhógra a thabharfaidh BCE nó an t-údarás inniúil náisiúnta ábhartha don Bhord maidir le riosca ábhartha go bhfuil eintiteas i mbéal teipthe nó gur dóigh dó teip nó deireadh na tréimhse ama sonraithe chun na bearta a chur chun feidhme chun aghaidh a thabhairt ar an riosca ábhartha sin, níor cheart é sin a bheith ina choinníoll le haghaidh cinnidh ina dhiaidh sin go bhfuil eintiteas ag teip nó gur dóigh dó teip ná ní gá ar shlí eile go dtabharfadh sé sin an cinneadh sin le tuiscint. Thairis sin, má mheastar ag céim níos déanaí go bhfuil an t-eintiteas i mbéal teipthe nó gur dóigh dó teip agus nach bhfuil aon réiteach malartach ann chun an teip sin a chosc laistigh de thréimhse ama réasúnta, ní mór don Bhord cinneadh a dhéanamh maidir le gníomhaíocht réitigh a dhéanamh. Sa chás sin, d'fhéadfadh tráthúlacht an chinnidh gníomhaíocht réitigh a chur i bhfeidhm maidir leis an eintiteas a bheith bunriachtanach chun an straitéis réitigh a chur chun feidhme go rathúil, go háirithe toisc gur féidir le hidirghabháil níos luaithe san eintiteas rannchuidiú le leibhéil leordhóthanacha cumais ionsúcháin caillteanais agus leachtachta a áirithiú chun an straitéis sin a chur i bhfeidhm. Is iomchuí, dá bhrí sin, don Bhord a bheith in ann measúnú a dhéanamh, i ndlúthchomhar le BCE nó leis an údarás inniúil náisiúnta ábhartha, ar cad is tréimhse ama réasúnta ann chun bearta malartacha a chur chun feidhme chun teip an eintitis a sheachaint. Chun toradh tráthúil a áirithiú agus chun go mbeidh an Bord in ann ullmhú go cuí do réiteach féideartha an eintitis, ba cheart don Bhord agus do BCE, nó don údarás inniúil náisiúnta ábhartha, teacht le chéile go tráthrialta, agus ba cheart don Bhord cinneadh a dhéanamh maidir le minicíocht na gcruinnithe sin agus imthosca an cháis á gcur san áireamh.

(16) Chun sáruithe ábhartha ar cheanglais stuamachta a chumhdach, is gá na coinníollacha a shonrú a thuilleadh chun a chinneadh go bhfuil máthairghnóthais i mbéal teipthe, lena n-áirítear cuideachtaí sealbhaíochta, nó gur dóigh dóibh teip. Ba cheart sárú ábhartha a bheith déanta ag máthairghnóthas ar na ceanglais sin i gcás ina bhfuil cineál agus méid an tsáraithe sin inchomparáide le sárú a thabharfadh údar cuí don údarás inniúil an t-údarú a tharraingt siar i gcomhréir le hAirteagal 18 de Threoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[11] dá mb'institiúid creidmheasa a dhéanfadh é.

[11] Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoracha 2006/48/CE agus 2006/49/CÉ (IO L 176, 27.6.2013, lch. 338, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2013/36/oj).

(17) Tá sé i gceist leis an gcreat réitigh go bhféadfar é a chur i bhfeidhm maidir le haon eintiteas a d'fhéadfadh a bheith ann, gan beann ar a mhéid agus ar a shamhail ghnó, mura leor na huirlisí atá ar fáil faoin dlí náisiúnta chun a theip a bhainistiú. Mar sin féin, ní mór roinnt cuspóirí den chreat a shonrú a thuilleadh chun comhchuibhiú a mhéadú agus chun cóineasú a chur chun cinn. Is é is aidhm don chuspóir réitigh maidir le leanúnachas feidhmeanna criticiúla a áirithiú cobhsaíocht airgeadais agus an fíorgheilleagar a choimirciú. Is gá, dá bhrí sin, a áirithiú nach scoirfear d'fheidhmeanna criticiúla a sholáthar. Go háirithe, is gá a shoiléiriú, ag brath ar na himthosca sonracha, go bhfuil an Bord in ann teacht ar an gconclúid go meastar feidhmeanna áirithe eintitis a bheith criticiúil fiú dá gcuirfeadh a scor isteach ar chobhsaíocht airgeadais nó ar sheirbhísí atá fíor-riachtanach don fhíorgheilleagar ar an leibhéal réigiúnach amháin. A mhéid a bhaineann le taiscí a ghlacadh, tá aird chuí le tabhairt ag an mBord ar an riosca go gcaillfeadh taisceoirí, a shealbhaíonn taiscí nach gcumhdaítear le Treoir 2014/49/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, muinín[12]. Ba cheart cistí poiblí a chosaint tríd an spleáchas ar thacaíocht airgeadais phoiblí urghnách a íoslaghdú, go háirithe nuair a sholáthraítear iad ó bhuiséad Ballstáit. Taisceoirí a chumhdaítear le Treoir 2014/49/AE, infheisteoirí a chumhdaítear le Treoir 97/9/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[13], cistí cliant agus sócmhainní cliant, tá siad le cosaint freisin.

---

12 Treoir 2014/49/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le Scéimeanna Ráthaithe Taiscí (IO L 173, 12.6.2014, lch. 149, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2014/49/oj).

13 Treoir 97/9/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Márta 1997 maidir le scéimeanna cúitimh d'infheisteoirí (IO L 84, 26.3.1997, lch. 22, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1997/9/oj).

(18) Le linn chéim na pleanála réitigh, agus cinneadh á dhéanamh ar cheart eintiteas a réiteach, ba cheart don Bhord an fíoras go bhfuil eintiteas faoi réir oibleagáidí simplithe a úsáid, go ginearálta, mar tháscaire nach mbeadh sé chun leas an phobail é a réiteach i gcás teipe. Os a choinne sin, ós rud é nach bhfuil an t-eintiteas faoi réir oibleagáidí simplithe, d'fhéadfaí a léiriú gur chun leas an phobail é é a réiteach i gcás teipe.

(19) I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh foirceannadh eintitis faoi ghnáthimeachtaí dócmhainneachta an chobhsaíocht airgeadais a chur i mbaol agus cur isteach ar sholáthar feidhmeanna criticiúla. D'fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh, mar shampla, i gcás inar dhócha go mbeadh caillteanais ar sciar ábhartha taiscí nó deacrachtaí suntasacha maidir le rochtain leanúnach ar thaiscí mar thoradh ar dhócmhainneacht, agus i gcás ina measann an Bord go bhféadfadh tionchar suntasach a bheith ag na caillteanais sin nó ag na deacrachtaí sin ar sholáthar feidhmeanna criticiúla, ar chobhsaíocht airgeadais trí aicídiú nó ar an bhfíorgheilleagar. Sna cásanna sin, is rídhócha gur chun leas an phobail a bheadh sé an t-eintiteas a chur faoi réiteach seachas é a fhoirceannadh faoi ghnáthimeachtaí dócmhainneachta. Sa mheasúnú i dtaobh an bhfuil réiteach eintitis chun leasa an phobail, ba cheart a léiriú freisin, a mhéid is féidir, an difríocht idir, ar thaobh amháin, cistiú arna sholáthar trí líontáin sábhála arna gcistiú ag an earnáil, eadhon na socruithe maoinithe réitigh nó na SRTanna agus, ar an taobh eile, cistiú arna sholáthar ag na Ballstáit ó airgead cáiníocóirí. Tá riosca níos airde de bhaol morálta agus dreasacht níos ísle do smacht margaidh ag baint leis an gcistiú sin a chuireann na Ballstáit ar fáil. Dá bhrí sin, agus measúnú á dhéanamh ar an gcuspóir maidir le spleáchas ar thacaíocht airgeadais phoiblí urghnách a íoslaghdú, ba cheart gurbh fhearr leis an mBord cistiú a fháil tríd an gCiste Réitigh Aonair (an 'Ciste') nó tríd an SRT ná cistiú trí mhéid comhionann acmhainní ó bhuiséad na mBallstát.

(20) Agus an measúnú ar leas an phobail á dhéanamh acu, ba cheart don Bhord measúnú a dhéanamh ar cé acu a bheadh nó nach mbeadh aon cheann de na cuspóirí réitigh i mbaol dá ndéanfaí an t-eintiteas atá i mbéal teipthe a fhoirceannadh de réir gnáthimeachtaí dócmhainneachta. Níor cheart a mheas go bhfuil gá le gníomhaíocht réitigh chun leas an phobail mura bhfuil aon cheann de na cuspóirí réitigh i mbaol dá bhfoirceannfaí an t-eintiteas faoi ghnáthimeachtaí dócmhainneachta. Má mheasann an Bord go bhfuil cuspóir réitigh amháin ar a laghad i mbaol i gcás foirceannadh faoi ghnáthimeachtaí dócmhainneachta, níor cheart toradh an mheasúnaithe ar leas an phobail a bheith diúltach ach amháin i gcás ina mbainfí na cuspóirí réitigh amach le foirceannadh an eintitis atá i mbéal teipthe de réir gnáthimeachtaí dócmhainneachta, ní hamháin a mhéid céanna le réiteach ach ar bhealach níos éifeachtaí.

(21) I bhfianaise na taithí a fuarthas agus Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 agus Treoracha 2014/49/AE agus 2014/59/AE á gcur chun feidhme, is gá na coinníollacha a shonrú tuilleadh faoinar féidir bearta de chineál réamhchúraim a cháilíonn mar thacaíocht airgeadais phoiblí urghnách a dheonú go heisceachtúil. Ba cheart a áirithiú go ndéanfar bearta réamhchúraim luath go leor. Ina theannta sin, maidir le bearta chun faoiseamh a sholáthar i leith sócmhainní bearnaithe, lena n-áirítear meáin bainistíochta sócmhainní nó scéimeanna ráthaíochta sócmhainní, is féidir leo a bheith éifeachtach agus éifeachtúil chun aghaidh a thabhairt ar chúiseanna anás airgeadais a d’fhéadfadh a bheith ann d’eintitis agus chun a dteip a chosc agus, dá bhrí sin, d’fhéadfaidís a bheith ina mbearta réamhchúraim ábhartha. Ba cheart a shonrú, dá bhrí sin, go bhféadfadh bearta réamhchúraim a bheith i bhfoirm bearta sócmhainní bearnaithe.

(22) Chun smacht margaidh a chaomhnú, cistí poiblí a chosaint agus saobhadh iomaíochta a sheachaint, ba cheart bearta réamhchúraim a fhágáil mar eisceacht agus níor cheart iad a chur i bhfeidhm ach amháin chun aghaidh a thabhairt ar chásanna ina bhfuil suaitheadh tromchúiseach sa mhargadh agus chun cobhsaíocht airgeadais a chaomhnú go háirithe i gcás géarchéim shistéamach. Thairis sin, níor cheart bearta réamhchúraim a úsáid chun aghaidh a thabhairt ar chaillteanais thabhaithe nó ar chaillteanais is dóigh a thabhófar. Is é athbhreithniú ar cháilíocht sócmhainní arna dhéanamh ag BCE, ag an Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Baincéireachta Eorpach) (ÚBE), a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[14] nó ag údaráis inniúla náisiúnta an ionstraim is iontaofa chun caillteanais thabhaithe nó caillteanais is dóigh a thabhófar a chainníochtú. Ba cheart do BCE agus d'údaráis inniúla náisiúnta an t-athbhreithniú sin nó, i gcás inarb iomchuí, cigireachtaí ar an láthair a úsáid, chun caillteanais thabhaithe nó caillteanais is dóigh a thabhófar a chainníochtú i gcás inar féidir an t-athbhreithniú sin nó na cigireachtaí sin a dhéanamh laistigh de thréimhse ama réasúnta. I gcás nach féidir é sin a dhéanamh, ba cheart do BCE agus do na húdaráis inniúla náisiúnta cainníochtú a dhéanamh ar na caillteanais a tabhaíodh nó ar dócha go dtabhófar iad ar an mbealach is iontaofa is féidir faoi na himthosca atá ann faoi láthair, i gcás inarb iomchuí ar bhonn chlár comhardaithe an eintitis, ar choinníoll go gcomhlíonann an clár comhardaithe na rialacha agus na caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, mar a dheimhníonn iniúchóir seachtrach neamhspleách é.

---

14 Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 12, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2010/1093/oj).

Maidir leis an mbreithniú go bhfuil eintiteas sócmhainneach, chun críocha beart tacaíochta i bhfoirm athchaipitliú réamhchúraim agus ráthaíochtaí Stáit ar dhliteanais nua-eisithe, ba cheart é a bheith bunaithe ar mheasúnú réamhbhreathnaitheach i dtaobh an féidir leis an eintiteas na ceanglais cistí dílse a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 nó i Rialachán (AE) 2019/2033 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[15], agus an ceanglas cistí dílse breise a leagtar síos i dTreoir 2013/36/AE nó i dTreoir (AE) 2019/2034 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[16], a chomhlíonadh.

---

15 Rialachán (AE) 2019/2033 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir leis na ceanglais stuamachta ar ghnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010, (AE) Uimh. 575/2013, (AE) Uimh. 600/2014 agus (AE) Uimh. 806/2014 (IO L 314, 5.12.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/2033/oj).

16 Treoir (AE) 2019/2034 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le maoirseacht stuamachta ar ghnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Treoracha 2002/87/CE, 2009/65/CE, 2011/61/AE, 2013/36/AE, 2014/59/AE agus 2014/65/AE (IO L 314, 5.12.2019, lch. 64, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2019/2034/oj).

(23) Is é is aidhm d’athchaipitliú réamhchúraim tacaíocht a thabhairt d’eintitis inmharthana a shainaithnítear gur dócha go mbeidh deacrachtaí sealadacha acu go luath amach anseo agus a áirithiú nach rachaidh a gcás in olcas a thuilleadh. Ionas nach ndeonófar fóirdheontais phoiblí do ghnólachtaí atá neamhbhrabúsach cheana féin, níor cheart bearta réamhchúraim, i bhfoirm ionstraimí cistí dílse nó ionstraimí caipitil eile nó trí bhearta sócmhainní bearnaithe, a dheonú ar mó iad ná an méid is gá chun easnaimh chaipitil a chumhdach mar a sainaithníodh i gcás ina mbeadh toradh diúltach ar thástáil struis nó ar chleachtadh coibhéiseach. Chun a áirithiú go scoirfear den mhaoiniú poiblí ar deireadh, ba cheart na bearta réamhchúraim sin a theorannú ó thaobh ama de agus ba cheart amlíne shoiléir a bheith iontu chun iad a fhoirceannadh (‘straitéis chun imeacht ón mbeart tacaíochta’). Níor cheart ionstraimí suthaine, lena n-áirítear caipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1, a úsáid ach amháin in imthosca eisceachtúla agus níor cheart iad a bheith faoi réir teorainneacha cainníochtúla áirithe toisc nach bhfuil siad oiriúnach, de bharr a gcineáil, chun an coinníoll go mbeadh siad sealadach a chomhlíonadh. Ba cheart do BCE nó don údarás inniúil náisiúnta ábhartha plean feabhsúcháin aonuaire a iarraidh ar eintitis nach gcomhlíonann téarmaí na straitéise chun imeacht ón mbeart tacaíochta. Chun a áirithiú go n-imeoidh eintitis nach bhfuil inmharthana ón margadh, ba cheart d’údarás ábhartha a chinneadh an bhfuil an t-eintiteas i mbéal teipthe nó ar dóigh dó teip i gcás nach bhfuil BCE nó an t-údarás inniúil náisiúnta ábhartha sásta leis an bplean feabhsúcháin nó i gcás nach gcomhlíonann an t-eintiteas an plean feabhsúcháin.

(24) Ba cheart bearta réamhchúraim a theorannú don mhéid a bheadh de dhíth ar an eintiteas chun a shócmhainneacht a choinneáil ar bun i gcás ina mbeadh toradh diúltach ar thástáil struis nó ar chleachtadh coibhéiseach. I gcás bearta réamhchúraim i bhfoirm bearta sócmhainní bearnaithe, ba cheart an t-eintiteas is faighteoir a bheith in ann an méid a deonaíodh a úsáid chun caillteanais ar na sócmhainní aistrithe a chumhdach nó i gcomhcheangal le héadáil ionstraimí caipitil, ar choinníoll nach sárófar méid foriomlán an easnaimh arna shainaithint. Is gá a áirithiú freisin go gcomhlíonfaidh bearta réamhchúraim i bhfoirm bearta sócmhainní bearnaithe na rialacha agus na cleachtais is fearr atá ann cheana maidir le Státchabhair, go n-athbhunóidh siad inmharthanacht fhadtéarmach an eintitis, go mbeidh státchabhair teoranta don mhéid is lú is gá agus go seachnófar saobhadh ar an iomaíocht. Ar na cúiseanna sin, ba cheart do na húdaráis lena mbaineann, i gcás bearta réamhchúraim i bhfoirm bearta sócmhainní bearnaithe, an treoraíocht shonrach a chur san áireamh, lena n-áirítear treoirphlean an Choimisiúin maidir leis an gcaoi ar féidir cuideachtaí náisiúnta bainistíochta sócmhainní a bhunú agus teachtaireacht ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2020 maidir le dul i ngleic le hiasachtaí neamhthuillmheacha i ndiaidh phaindéim COVID-19. Ba cheart bearta réamhchúraim i bhfoirm bearta sócmhainní bearnaithe a bheith i gcónaí faoi réir an choinníll sháraithaigh gur bearta sealadacha iad. Le ráthaíochtaí poiblí a dheonaítear ar feadh tréimhse shonraithe i ndáil le sócmhainní bearnaithe an eintitis lena mbaineann, meastar go n-áiritheofar gur fearr a chomhlíonfar an coinníoll sin ná aistrithe na sócmhainní sin chuig eintiteas a fhaigheann tacaíocht phoiblí.

(25) Tá sé tábhachtach a áirithiú go ndéanfaidh an Bord gníomhaíocht réitigh go pras agus go tráthúil i gcás ina mbeidh baint ag deonú Státchabhrach nó cabhrach ón gCiste leis an ngníomhaíocht sin. Is gá, dá bhrí sin, go mbeadh an Bord in ann an scéim réitigh lena mbaineann a ghlacadh sula ndéanfaidh an Coimisiún measúnú féachaint an bhfuil an chabhair sin comhoiriúnach leis an margadh inmheánach. Mar sin féin, chun dea-fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú i gcás mar sin, ba cheart scéimeanna réitigh lena ndeonaítear státchabhair nó cabhair ón gCiste a bheith faoi réir fhormheas na cabhrach sin ag an gCoimisiún i gcónaí. Chun go mbeidh an Coimisiún in ann a mheas a luaithe is indéanta an bhfuil an chabhair ón gCiste comhoiriúnach leis an margadh inmheánach, agus chun sreabhadh rianúil faisnéise a áirithiú, ba cheart don Bhord agus don Choimisiún an fhaisnéis uile is gá a chomhroinnt go pras maidir leis an úsáid a d’fhéadfaí a bhaint as cabhair ón gCiste. Ba cheart rialacha sonracha a leagan síos maidir le cén fhaisnéis ba cheart don Bhord a chur ar fáil don Choimisiún chun bonn eolais a chur faoin measúnú a dhéanfaidh an Coimisiún ar chomhoiriúnacht na cabhrach ón gCiste agus cathain ba cheart í a chur ar fáil.

(26) Tá an nós imeachta lena rialaítear dul i mbun réitigh agus an nós imeachta lena rialaítear cinneadh na cumhachtaí díluachála agus comhshó a chur i bhfeidhm comhchosúil le chéile. Is iomchuí, dá bhrí sin, cúraimí an Bhoird agus cúraimí BCE nó an údaráis inniúil náisiúnta faoi seach a ailíniú, de réir mar is ábhartha, nuair a dhéanann siad measúnú, ar thaobh amháin, i dtaca le cé acu atá nó nach bhfuil na coinníollacha ann chun na cumhachtaí díluachála agus comhshó a chur i bhfeidhm, agus, ar an taobh eile, nuair a dhéanann siad measúnú ar na coinníollacha chun scéim réitigh a ghlacadh.

(27) D’fhéadfadh sé go mbeadh gníomhaíocht réitigh le cur i bhfeidhm maidir le heintiteas réitigh atá mar chuid de ghrúpa réitigh, agus go mbeadh cumhachtaí díluachála agus comhshó le cur i bhfeidhm maidir le heintiteas eile den ghrúpa céanna. Maidir le hidirthuilleamaíochtaí idir na heintitis sin, lena n-áirítear ceanglais chaipitil chomhdhlúite atá le hathbhunú agus an gá le caillteanas réamhtheachtach agus sásraí iartheachtacha caipitil a ghníomhachtú, d’fhéadfadh sé a bheith dúshlánach measúnú a dhéanamh ar na riachtanais ionsúcháin caillteanais agus athchaipitliúcháin i gcás gach eintitis ar leithligh, agus ar an gcaoi sin na méideanna is gá a chinneadh a dhíluacháil agus a chomhshó le haghaidh gach eintitis. Ba cheart, dá bhrí sin, nós imeachta a shonrú trínar cheart don Bhord na hidirthuilleamaíochtaí sin a chur san áireamh agus an chumhacht chun ionstraimí caipitil agus dliteanais incháilithe a dhíluacháil agus a chomhshó sna cásanna sin á feidhmiú. Chuige sin, i gcás ina gcomhlíonfaidh eintiteas amháin na coinníollacha maidir leis na cumhachtaí díluachála agus comhshó a chur i bhfeidhm agus ina gcomhlíonfaidh eintiteas eile laistigh den ghrúpa céanna na coinníollacha maidir le réiteach san am céanna, ba cheart don Bhord scéim réitigh aonair a ghlacadh lena gcumhdófar an dá eintiteas.

(28) Chun deimhneacht dhlíthiúil a mhéadú, agus i bhfianaise ábharthacht fhéideartha na ndliteanas a thiocfaidh as teagmhais éiginnte amach anseo, lena n-áirítear toradh dlíthíochta atá ar feitheamh tráth an réitigh, is gá a leagan síos cén láimhseáil ba cheart a thabhairt do na dliteanais sin chun an uirlis tarrthála inmheánaí a chur i bhfeidhm. Ba cheart don Bhord idirdhealú a dhéanamh idir dliteanais atá bunaithe ar oibleagáidí reatha atá ann mar gheall ar theagmhais a tharla san am atá caite a mbeidh caillteanas mar thoradh orthu ach arb éiginnte a n-uainiú nó a méid agus dliteanais a d’fhéadfadh teacht chun cinn amach anseo ach nach mbeadh caillteanas mar thoradh orthu nó a d’fhéadfadh teacht chun cinn amach anseo go díreach má tharlaíonn teagmhas éiginnte.

(29) Ba cheart a shonrú freisin nach mór caitheamh le dliteanais arb éiginnte a n-uainiú nó a méid, i gcás ina bhfuil na dliteanais sin bunaithe ar oibleagáidí reatha a eascraíonn as teagmhais a tharla roimhe seo a mbeidh caillteanas ann dá mbarr, ar an mbealach céanna le dliteanais eile. Ba cheart a bheith in ann tarrtháil inmheánach a thabhairt ar dhliteanais mar sin, ach amháin má chomhlíonann siad ceann de na critéir shonracha lena n-eisiamh ó raon feidhme na huirlise tarrthála inmheánaí. I bhfianaise ábharthacht fhéideartha na ndliteanas sin i gcás réitigh agus chun cinnteacht a áirithiú i gcur i bhfeidhm na huirlise tarrthála inmheánaí, ba cheart a shonrú gur cuid de na dliteanais ar féidir tarrtháil inmheánach a thabhairt orthu iad agus, mar thoradh air sin, go bhféadfadh feidhm a bheith ag an uirlis tarrthála inmheánaí maidir leo. Chun cur i bhfeidhm éifeachtach na huirlise tarrthála inmheánaí maidir le dliteanais arb éiginnte a n-uainiú éiginnte nó a méid a áirithiú, ba cheart an chumhacht a bheith ag an mBord an phríomhshuim atá dlite i leith na ndliteanas sin a laghdú, lena n-áirítear í a laghdú go nialas, agus na dliteanais sin a chomhshó ina scaireanna nó ina n-ionstraimí úinéireachta eile. Mar sin féin, ní féidir leis an laghdú ná leis an gcomhshó teacht i bhfeidhm ach amháin má chinntear go cinntitheach agus a luaithe a chinnfear go cinntitheach an dliteanas arb éiginnte a uainiú nó a mhéid i dtaca le huainiú agus méid.

(30) Is gá a áirithiú nach ndéanfaidh dliteanas a d'fhéadfadh teacht as teagmhas éiginnte nó dliteanas arb éiginnte a uainiú nó a mhéid a bhunaítear ar oibleagáid reatha tráth an réitigh dochar d'éifeachtacht na straitéise réitigh ná go háirithe d'éifeachtacht na huirlise tarrthála inmheánaí. Chun an cuspóir sin a bhaint amach, ba cheart don luachálaí, mar chuid den luacháil chun críoch réitigh, measúnú a dhéanamh ar na dliteanais sin agus luach féideartha na ndliteanas sin a chainníochtú de réir chumas an luachálaí. Chun a áirithiú gur féidir leis an eintiteas, tar éis an phróisis réitigh, muinín mhargaidh leordhóthanach a chothú ar feadh tréimhse iomchuí ama, ba cheart don luachálaí an luach féideartha sin a chur san áireamh nuair a bheidh an méid á shuíomh faoinar gá dliteanais ar féidir tarrtháil inmheánach a thabhairt orthu a dhíluacháil nó a chomhshó chun cóimheasa caipitil na hinstitiúide faoi réiteach a athbhunú. Go háirithe, ba cheart don Bhord a chumhachtaí comhshó a chur i bhfeidhm maidir le dliteanais ar féidir tarrtháil inmheánach a thabhairt orthu a mhéid is gá chun a áirithiú gur leor athchaipitliú na hinstitiúide faoi réiteach chun caillteanais fhéideartha a chumhdach a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar dhliteanas a d'fhéadfadh teacht chun cinn amach anseo de bharr teagmhas éiginnte nó atá bunaithe ar oibleagáid reatha ach arb éiginnte a uainiú nó a mhéid. Agus measúnú á dhéanamh ar an méid atá le díluacháil nó le comhshó, ba cheart don Bhord breithniú cúramach a dhéanamh ar thionchar an chaillteanais a d'fhéadfadh a bheith ann ar an institiúid faoi réiteach bunaithe ar roinnt tosca, lena n-áirítear an dóchúlacht go dtiocfaidh an teagmhas chun cinn, an creat ama dá theacht chun cinn agus méid an dliteanais.

(31) I gcúinsí áirithe, tar éis don Chiste ranníocaíocht suas le huasmhéid 5 % de dhliteanais iomlána an eintitis, lena n-áirítear cistí dílse, a chur ar fáil, beidh an Bord in ann foinsí breise cistiúcháin a úsáid chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt dá ghníomhaíocht réitigh. Ba cheart a shonrú ar bhealach níos soiléire cé na himthosca ina bhféadfadh an Ciste tuilleadh tacaíochta a thabhairt i gcás ina ndearnadh na dliteanais uile ar féidir tarrtháil inmheánach a thabhairt orthu agus nach taiscí incháilithe iad, ag a bhfuil rangú tosaíochta atá níos ísle ná rangú taiscí nach bhfuil faoi chumhdach de chuid daoine nádúrtha agus micrifhiontar, fiontar beag agus fiontar meánmhéide agus nach n-eisiatar go discréideach ón tarrtháil inmheánach, a dhíluacháil nó a chomhshó ina n-iomláine.

(32) Tá rath an réitigh ag brath ar rochtain thráthúil a bheith ag an mBord ar fhaisnéis ábhartha ó na heintitis a thagann faoi fhreagracht an Bhoird agus ó institiúidí poiblí agus údaráis phoiblí. Sa chomhthéacs sin, ba cheart don Bhord a bheith in ann rochtain a fháil ar fhaisnéis de chineál staidrimh a bhailigh BCE faoina fheidhm bainc ceannais, sa bhreis ar an bhfaisnéis atá ar fáil do BCE mar mhaoirseoir faoi chuimsiú Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013. De bhun Rialachán (CE) Uimh. 2533/98 ón gComhairle[17], ba cheart don Bhord cosaint fhisiceach agus loighciúil ar fhaisnéis staidrimh rúnda a áirithiú agus ba cheart dó údarú a éileamh ó BCE chun tarchur breise a dhéanamh a d'fhéadfadh a bheith riachtanach chun cúraimí an Bhoird a fhorghníomhú. Ós rud é gur minic soláthar faisnéise a bhaineann le líon comhiomlánaithe na gcustaiméirí arb é eintiteas an t-aon chomhpháirtí baincéireachta amháin nó an príomh-chomhpháirtí baincéireachta atá acu, ar faisnéis í atá i seilbh na sásraí uathoibrithe láraithe arna mbunú de bhun Threoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[18], a bheith riachtanach agus comhréireach chun an measúnú ar leas an phobail a dhéanamh, ba cheart don Bhord a bheith in ann an fhaisnéis sin a fháil ar bhonn cás ar chás.

---

17 Rialachán (CE) Uimh. 2533/98 ón gComhairle an 23 Samhain 1998 maidir le faisnéis staidrimh do bhailiú ag an mBanc Ceannais Eorpach (IO L 318, 27.11.1998, lch. 8, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1998/2533/oj).

18 Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le húsáid an chórais airgeadais chun sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 2005/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2006/70/CE ón gCoimisiún (IO L 141, 5.6.2015, lch. 73, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2015/849/oj).

Ba cheart uainiú beacht na rochtana indírí a bheadh ag an mBord ar fhaisnéis a shonrú freisin. Thairis sin, i gcás ina mbeidh an fhaisnéis a theastaíonn ón mBord chun a chúraimí a chomhlíonadh ar fáil d’institiúid phoiblí nó d’údarás poiblí a gceanglaítear uirthi nó air comhoibriú leis an mBord, ba cheart don institiúid nó don údarás sin an fhaisnéis sin a chur ar fáil don Bhord arna iarraidh sin dó. Más rud é, an tráth sin, áfach, nach mbeidh an fhaisnéis ar fáil, gan beann ar an gcúis, ba cheart don Bhord a bheith in ann an fhaisnéis sin a fháil ón duine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil an fhaisnéis sin aige trí na húdaráis réitigh náisiúnta nó go díreach, tar éis dó na húdaráis réitigh náisiúnta sin a chur ar an eolas faoin méid sin. Chomh maith leis sin, ba cheart don Bhord a bheith in ann an nós imeachta agus an fhoirm a shonrú ar dá réir ba cheart dó faisnéis a fháil ó eintitis chun a áirithiú gurb í an fhaisnéis sin is oiriúnaí dá riachtanais, lena n-áirítear maidir le seomraí sonraí fíorúla. Ina theannta sin, chun an comhar is leithne is féidir a áirithiú le hinstitiúidí phoiblí agus údaráis phoiblí uile a bhféadfadh sonraí a bheith acu atá ábhartha don Bhord a shealbhú, agus atá riachtanach chun na cúraimí a thugtar dó a chomhlíonadh, agus chun dúbláil iarrataí a sheachaint, ba cheart comhaltaí an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais, na SRTanna ábhartha, an Bhoird Eorpaigh um Riosca Sistéamach, na nÚdarás Maoirseachta Eorpach agus an tSásra Cobhsaíochta Eorpaigh a áireamh leis na hinstitiúidí phoiblí agus údaráis phoiblí ar cheart don Bhord a bheith in ann comhoibriú leo, infhaighteacht faisnéise a sheiceáil leo agus faisnéis a mhalartú leo. Ar deireadh, chun idirghabháil thráthúil na socruithe airgeadais atá ar conradh don Chiste a áirithiú, i gcás inar gá, ba cheart don Bhord an Coimisiún agus BCE a chur ar an eolas a luaithe a mheasann sé go bhféadfadh sé a bheith riachtanach na socruithe airgeadais sin a ghníomhachtú agus gach faisnéis is gá a chur ar fáil don Choimisiún agus do BCE chun a gcúraimí a chomhlíonadh i ndáil leis na socruithe airgeadais sin.

(33) Foráiltear le hAirteagal 86(1) de Threoir 2014/59/AE nach bhfuil gnáthimeachtaí dócmhainneachta maidir le heintitis faoi raon feidhme na Treorach sin le tosú ach amháin ar thionscnamh an údaráis réitigh agus nach ndéanfar cinneadh lena gcuirtear eintiteas i ngnáthimeachtaí dócmhainneachta ach amháin le toiliú an údaráis réitigh. Ní léirítear an fhoráil sin i Rialachán (AE) Uimh. 806/2014. I gcomhréir le roinnt na gcúraimí a shonraítear i Rialachán (AE) Uimh. 806/2014, ba cheart do na húdaráis réitigh náisiúnta dul i gcomhairle leis an mBord sula ngníomhóidh siad i gcomhréir le hAirteagal 86(1) de Threoir 2014/59/AE i ndáil le heintitis atá faoi fhreagracht dhíreach an Bhoird.

(34) Is ionann na critéir roghnúcháin do phost Leas-Chathaoirleach an Bhoird agus na critéir maidir leis an gCathaoirleach agus comhaltaí lánaimseartha eile an Bhoird a roghnú. Is iomchuí, dá bhrí sin, na cearta vótála céanna a thabhairt do Leas-Chathaoirleach an Bhoird agus atá ag an gCathaoirleach agus ag comhaltaí lánaimseartha an Bhoird.

(35) Chun go bhféadfaidh an Bord réamh-mheasúnú a dhéanamh ina sheisiún iomlánach ar an réamh-dhréachtbhuiséad sula dtíolacfaidh an Cathaoirleach an dréacht críochnaitheach, ba cheart síneadh a chur leis an tréimhse faoina bhféadfaidh an Cathaoirleach togra tosaigh a chur ar aghaidh le haghaidh bhuiséad bliantúil an Bhoird.

(36) Chun an comhar laistigh de SRA idir an Bord agus na húdaráis réitigh náisiúnta a neartú a thuilleadh, ba cheart don Bhord, ina sheisiún feidhmiúcháin, dul i gcomhairle leis an mBord ina sheisiún iomlánach maidir le treoirlínte, treoracha ginearálta agus aon ionstraimí eile a bhfuil feidhm ghinearálta acu laistigh de SRA ina leagtar amach an chaoi a bhfuil sé ar intinn ag an mBord Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 a chur chun feidhme.

(37) Ba cheart an nós imeachta chun comhairliúcháin a dhéanamh maidir le treoirlínte, treoracha ginearálta agus aon ionstraimí eile a bhfuil feidhm ghinearálta acu laistigh de SRA a thuiscint ag féachaint do na nósanna imeachta atá ann cheana chun comhairliúcháin a dhéanamh i gcomhréir leis an gcreat dá dtagraítear in Airteagal 31(1) de Rialachán (AE) Uimh. 806/2014. I gcás ina bhforáiltear sa chreat sin cheana féin do shocruithe sonracha i ndáil le treoirlínte agus treoracha ginearálta, ba cheart feidhm a bheith ag na nósanna imeachta sin atá ann cheana sa bhreis ar an nós imeachta comhairliúcháin nua, i gcás inarb iomchuí.

(38) Tar éis na tréimhse tosaigh ina ndéantar an Ciste dá bhforáiltear i Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 a thiomargadh, d'fhéadfadh laghduithe beaga faoi bhun a spriocleibhéil teacht ar na hacmhainní airgeadais atá ar fáil dó, go háirithe mar thoradh ar mhéadú ar thaiscí faoi chumhdach. Is dócha, dá bhrí sin, gur beag méid na ranníocaíochtaí *ex ante* is dócha a ghlaofar sna cúinsí sin. D'fhéadfadh sé, dá bhrí sin, sna blianta romhainn amach, nach mbeadh méid na ranníocaíochtaí *ex ante* sin i gcomhréir a thuilleadh leis an gcostas a bhaineann leis na ranníocaíochtaí sin a bhailiú. Dá bhrí sin, ba cheart don Bhord a bheith in ann tiomsú na ranníocaíochtaí *ex ante* a chur siar go ceann 3 bliana go dtí go sroichfidh an méid atá le tiomsú méid atá comhréireach le costas an phróisis tiomsaithe, ar choinníoll nach ndéanfaidh an t-iarchur sin difear ábhartha do chumas an Bhoird an Ciste a úsáid.

(39) Tá gealltanais íocaíochta neamh-inchúlghairthe ar cheann de chomhpháirteanna na n-acmhainní airgeadais atá ar fáil don Chiste. Is gá, dá bhrí sin, na himthosca a shonrú inar féidir na gealltanais íocaíochta sin a ghlaoch. I gcás ina scoirfidh eintiteas de bheith faoi réir na hoibleagáide ranníocaíochtaí a íoc leis an gCiste tar éis cinneadh lena dtréigtear a údarás, ba cheart an gealltanas íocaíochta neamh-inchúlghairthe a chealú. Chun a áirithiú nach dtiteann na hacmhainní airgeadais atá ar fáil sa Chiste faoi bhun leibhéal a mheasann an Bord a bheith leordhóthanach mar gur cuireadh an gealltanas íocaíochta neamh-inchúlghairthe ar ceal, ba cheart an chumhacht a bheith ag an mBord ranníocaíocht a chinneadh ar cheart a cheangal ar an eintiteas ábhartha í a íoc. Ina chinneadh, ba cheart don Bhord breithniú cuí a dhéanamh ar an ngá atá leis an gcothrom iomaíochta idir na heintitis rannpháirteacha uile a choinneáil ar bun, lena n-áirítear an t-eintiteas a scoireann de bheith laistigh de raon feidhme Airteagal 2 de Rialachán (AE) 806/2014. Tá an Bord le cúiseanna mionsonraithe lena chinneadh a thabhairt agus leis an gcinneadh sin a nochtadh, lena n-áirítear an réasúnú atá leis, ina thuarascáil bhliantúil. Ina theannta sin, chun níos mó trédhearcachta agus cinnteachta a thabhairt maidir le sciar na ngealltanas íocaíochta neamh-inchúlghairthe i méid iomlán na ranníocaíochtaí *ex ante* atá le tiomsú, ba cheart don Bhord an sciar sin a chinneadh ar bhonn bliantúil, faoi réir na dteorainneacha is infheidhme. Ba cheart é a bheith mar aidhm ag BCE, nó ag an údarás inniúil náisiúnta, a áirithiú go maolófar aon éifeacht chomh-thimthriallach a bheidh ag gealltanais íocaíochta neamh-inchúlghairthe ag brath ar a láimhseáil chuntasaíochta.

(40) Uasmhéid bliantúil na ranníocaíochtaí *ex post* urghnácha leis an gCiste a cheadaítear a ghlaoch, tá sé teoranta faoi láthair do thrí oiread na ranníocaíochtaí *ex ante*. Tar éis na tréimhse tiomargtha tosaigh dá bhforáiltear i Rialachán (AE) Uimh. 806/2014, ní bheidh na ranníocaíochtaí *ex ante* sin, i gcúinsí seachas na cinn ina ndéantar an Ciste a úsáid, ag brath ach ar athruithe ar leibhéal na dtaiscí faoi chumhdach, agus orthu sin amháin, agus is dócha, dá bhrí sin, go n-éireoidh siad beag. Dá socrófaí uasmhéid na ranníocaíochtaí *ex post* urghnácha ar bhonn na ranníocaíochtaí *ex ante*, d'fhéadfaí teorainn shuntasach a chur leis an deis atá ag an gCiste ranníocaíochtaí *ex post* a thiomsú, agus ar an gcaoi sin a chumas gníomhaíochta a laghdú. Chun an toradh sin a sheachaint, ba cheart foráil a dhéanamh maidir le teorainn dhifriúil agus ba cheart uasmhéid na ranníocaíochtaí *ex post* úrghnácha a gceadaítear glaoch orthu a shocrú ag trí oiread an ochtú cuid de spriocleibhéal an Chiste.

(41) Ba cheart nasc leordhóthanach a choinneáil freisin idir pá agus feidhmíocht i gcás réitigh, go háirithe i gcás inar dócha go gcuirfear na caillteanais ar aghaidh chuig an gCiste. Sna cásanna sin, ba cheart aon luach saothair inathraitheach de chuid comhaltaí den chomhlacht bainistíochta agus de bhainistíocht shinsearach na hinstitiúide faoi réiteach nár íocadh amach nó nár dílsíodh a chur ar ceal. Mura gcruthóidh comhalta den chomhlacht bainistíochta nó den bhainistíocht shinsearach nach raibh baint ar bith acu leis an iompar ba chúis le teip na hinstitiúide faoi réiteach, nó nárbh iad a chuidigh leis an teip sin, ba cheart an luach saothair inathraithe a dílsíodh nó a íocadh sna 24 mhí roimh an gcinneadh gníomhaíocht réitigh a dhéanamh a thabhairt ar ais nó a aisíoc.

(42) Is féidir an Ciste a úsáid chun tacú le cur i bhfeidhm na huirlise díolacháin gnó nó na huirlise droichead-institiúide sa chaoi go n-aistrítear tacar sócmhainní, ceart agus dliteanas de chuid na hinstitiúide faoi réiteach chuig faighteoir. I gcás mar sin, féadfaidh an Bord éileamh a bheith aige in aghaidh an eintitis iarmharaigh ina fhoirceannadh ina dhiaidh sin faoi ghnáthimeachtaí dócmhainneachta. D'fhéadfadh sin tarlú i gcás ina n-úsáidtear an Ciste i ndáil le caillteanais a d'iompródh creidiúnaithe murach sin, lena n-áirítear i bhfoirm ráthaíochtaí do shócmhainní agus do dhliteanais, nó i bhfoirm chumhdach na difríochta idir na sócmhainní agus na dliteanais arna n-aistriú. Chun a áirithiú go ndéanfaidh na scairshealbhóirí agus na creidiúnaithe a fhágtar ar lár san eintiteas iarmharach caillteanais na hinstitiúide faoi réiteach a iompar go héifeachtach agus feabhas a chur ar an bhféidearthacht aisíocaíochtaí i gcás dócmhainneachta a thabhairt don Bhord, ba cheart na héilimh sin de chuid an Bhoird in aghaidh an eintitis iarmharaigh, agus éilimh a eascraíonn as speansais réasúnacha arna dtabhú i gceart ag an mBord, tairbhiú den rangú tosaíochta céanna i ndócmhainneacht agus rangú éileamh na socruithe náisiúnta um maoiniú réitigh i ngach Ballstát rannpháirteach, ar cheart é a bheith níos airde ná an rangú tosaíochta taiscí agus SRTanna. Ós rud é go bhfuil sé d'aidhm ag an gcúiteamh a íoctar le scairshealbhóirí agus le creidiúnaithe tríd an gCiste i ngeall ar sháruithe ar an bprionsabal 'gan creidiúnaí ar bith níos measa as' torthaí na gníomhaíochta réitigh a chúiteamh, níor cheart éilimh ón mBord a bheith ag éirí as an gcúiteamh sin.

(43) Chun solúbthacht leordhóthanach a áirithiú agus chun gur fusa do SRT idirghabháil a dhéanamh chun tacú le húsáid na n-uirlisí réitigh, i gcás inarb é an toradh a bheidh orthu imeacht ó mhargadh na hinstitiúide faoi réiteach, ba cheart gnéithe áirithe a mhéid a bhaineann le húsáid SRT i gcás réitigh a shonrú. Go háirithe, is gá a shonrú gur féidir cistí SRT a úsáid chun tacú le hidirbhearta aistrithe lena n-áirítear taiscí, lena n-áirítear taiscí incháilithe thar an leibhéal cumhdaigh arna soláthar ag an SRT lena mbaineann, agus na taiscí neamh-incháilithe a áirítear sa tosaíocht ghinearálta do thaisceoirí, i gcásanna áirithe agus faoi choinníollacha soiléire. Ba cheart an ranníocaíocht ó SRT a bheith dírithe ar an easnamh i luach na sócmhainní arna n-aistriú chuig ceannaitheoir nó droichead-institiúid a chumhdach i gcomparáid le luach na dtaiscí arna n-aistriú. I gcás ina n-éileoidh an ceannaitheoir ranníocaíocht mar chuid den idirbheart chun a neodracht chaipitil a áirithiú agus chun comhlíonadh cheanglais chaipitil an cheannaitheora a chaomhnú, ba cheart go rannchuideoidh SRT chuige sin freisin. Ba cheart an tacaíocht a thugann SRT don ghníomhaíocht réitigh a bheith i bhfoirm airgid thirim nó foirmeacha eile, mar atá ráthaíochtaí nó comhaontuithe roinnte caillteanais a d’fhéadfadh tionchar na tacaíochta ar na hacmhainní airgeadais atá ar fáil ag an SRT sin a íoslaghdú agus, san am céanna, d’fhéadfadh sé ligean don ranníocaíocht ó SRT a chuspóirí a chomhlíonadh.

(44) Ba cheart an ranníocaíocht ó SRT i gcás réitigh a bheith faoi réir teorainneacha áirithe. Ar an gcéad dul síos, níor cheart méid iomlán na ranníocaíochta a dhéanann SRT in aon chás réitigh a bheith níos mó ná méid na dtaiscí faoi chumhdach san institiúid creidmheasa lena mbaineann. Ar an dara dul síos, aon idirghabháil a dhéanfaidh SRT i ngníomhaíocht réitigh a bhraitheann go príomha ar an uirlis tarrthála inmheánaí chun an institiúid faoi réiteach a athchaipitliú agus chun leanúint dá gníomhaíochtaí, ba cheart a áirithiú nach mó an idirghabháil sin ná an caillteanas a sheasfadh SRT i gcás dócmhainneachta dá n-íocfadh sí taisceoirí faoi chumhdach agus dá ndéanfadh sí seachaíocht ar a n-éilimh maidir le sócmhainní na hinstitiúide. Ar an tríú dul síos, i gcás ina n-úsáidtear SRT chun tacú le gníomhaíocht réitigh arb é atá inti go príomha an gnó a aistriú chuig ceannaitheoir nó chuig droichead-institiúid, níor cheart méid na ranníocaíochta ó SRT a bheith níos mó ná 62.5 % dá spriocleibhéal, mura roghnaíonn an t-údarás ainmnithe faoi Threoir 2014/49/AE an teorainn sin a dhífheidhmiú chun nach mbeidh éifeachtaí díobhálacha ar chobhsaíocht airgeadais nó chun rochtain taisceoirí ar a dtaiscí a chaomhnú. Ar an gceathrú dul síos, níor cheart an ranníocaíocht ó SRT a bheith níos mó ná an difríocht idir na sócmhainní aistrithe agus na taiscí agus na dliteanais aistrithe ag a bhfuil an rangú céanna nó rangú tosaíochta níos airde i ndáil le dócmhainneacht ná mar atá ag na taiscí sin. D’áiritheodh an méid sin nach n-úsáidfí an ranníocaíocht ó SRT ach amháin ar mhaithe le forchur caillteanas ar thaisceoirí a sheachaint, i gcás inarb iomchuí, agus ní ar mhaithe le cosaint creidiúnaithe atá rangaithe níos ísle ná taiscí i gcás dócmhainneachta. I gcás inarb ábhartha, áfach, d’fhéadfaí a áireamh sa ranníocaíocht freisin an méid is gá chun neodracht chaipitil an eintitis is faighteoir a áirithiú.

(45) Ba cheart a shonrú nár cheart do SRT a bheith in ann ranníocaíocht a dhéanamh le haistriú dliteanas seachas taiscí faoi chumhdach i gcomhthéacs réitigh ach amháin má chinneann an Bord, ar bhonn cás ar chás, nach féidir tarrtháil inmheánach a thabhairt ar thaiscí a áirítear sa tosaíocht ghinearálta do thaisceoirí seachas taiscí faoi chumhdach, ná iad a fhágáil san institiúid iarmharach faoi réiteach a dhéanfar a fhoirceannadh, agus mura gcomhlíontar na coinníollacha maidir le húsáid an Chiste le ranníocaíochtaí ó scairshealbhóirí agus ó chreidiúnaithe. Go háirithe, ba cheart cead a bheith ag an mBord leithdháileadh caillteanas ar na taiscí sin a sheachaint i gcás inar gá an t-eisiamh sin agus i gcás ina bhfuil sé comhréireach chun comhleanúnachas feidhmeanna criticiúla agus croílínte gnó a chaomhnú agus chun tógálacht fhorleathan agus éagobhsaíocht airgeadais a sheachaint, rudaí a d’fhéadfadh a bheith ina gcúis le suaitheadh tromchúiseach i ngeilleagar an Aontais nó i ngeilleagar Ballstáit. Ba cheart feidhm a bheith ag na cúiseanna céanna maidir le dliteanais eile ar féidir tarrtháil inmheánach a thabhairt orthu a áireamh san aistriú chuig ceannaitheoir nó chuig droichead-institiúid a bhfuil tosaíocht acu atá níos ísle ná rangú taiscí faoi chumhdach. Sa chás sin, níor cheart an ranníocaíocht ó SRT tacú le haistriú na ndliteanas sin ar féidir tarrtháil inmheánach a thabhairt orthu. Más gá aon tacaíocht sheachtrach airgeadais a thabhairt d’aistriú na ndliteanas sin ar féidir tarrtháil inmheánach a thabhairt orthu, ba cheart an tacaíocht sin a chur ar fáil leis an gCiste.

(46) Ós rud é gur féidir SRT a úsáid i gcás réitigh, ní mór sonrú breise a dhéanamh ar na coinníollacha faoinar féidir an ranníocaíocht ó SRT a áireamh chun cabhrú leis na ceanglais maidir le rochtain a fháil ar an gCiste a chomhlíonadh. Na hinstitiúidí creidmheasa a bhfuil a luach iomlán sócmhainní cothrom le EUR 80 billiún nó faoina bhun, is iad sin amháin ba cheart a bheith in ann é sin a dhéanamh, agus ba cheart é a bheith i gcomhthéacs gníomhaíocht réitigh atá ag brath go príomha ar uirlis díolacháin gnó nó ar uirlis droichead-institiúide a chur i bhfeidhm. Chun a áirithiú go leanfar den réiteach a mhaoiniú go príomha le hacmhainní inmheánacha na hinstitiúide creidmheasa agus chun saobhadh iomaíochta a íoslaghdú, níor cheart úsáid a bhaint as an ranníocaíocht ó SRT chun rochtain ar an gCiste a áirithiú ach amháin i gcás institiúidí creidmheasa nach ndéanann, sna 24 mhí roimhe sin sula ndéantar gníomhaíocht réitigh, an plean réitigh nó an plean réitigh grúpa foráil maidir lena bhfoirceannadh ar bhealach ordúil i gcás teipe, ós rud é gur socraíodh ICDI arna chinneadh ag an mBord do na hinstitiúidí creidmheasa sin ar leibhéal lena n-áirítear na méideanna ionsúcháin caillteanais agus na méideanna athchaipitliúcháin araon. Ba cheart na híosleibhéil ICDI le haghaidh eintitis ag a bhfuil straitéisí réitigh tosaíochta lena mbeartaítear go príomha uirlisí aistrithe a úsáid i gcás réitigh a chomhlíonadh le ICDI arna shocrú ag an mBord, fiú má rinneadh foráil sa phlean réitigh nó sa phlean réitigh grúpa faoi seach maidir le gníomhaíochtaí éagsúla agus, dá bhrí sin, nach raibh ICDI na n-institiúidí creidmheasa sin faoi réir na n-íosleibhéal sin. Thairis sin, ba cheart ranníocaíochtaí cistí dílse agus dliteanas incháilithe le haghaidh ionsúchán caillteanais agus athchaipitliú a dhéanamh sula ndéanfar ranníocaíochtaí ó SRTanna a mhéid is féidir. Ar deireadh, níor cheart a ICDI a bheith sáraithe ag an institiúid faoi réiteach, lena n-áirítear na spriocanna idirmheánacha ceangailteacha, laistigh de thréimhse áirithe roimh ghníomhaíocht réitigh, gan dochar do sháruithe teicniúla gearrthéarmacha ar ICDI.

(47) Más ionann an ranníocaíocht a dhéanann scairshealbhóirí agus creidiúnaithe na hinstitiúide faoi réiteach trí laghduithe, díluachái nó comhshó a ndliteanas nó trí na caillteanais a mheastar a iompróidh siad agus an t-eintiteas iarmharach á fhoirceannadh, móide an ranníocaíocht ó SRT, agus 8 % ar a laghad de dhliteanais iomlána na hinstitiúide, cistí dílse san áireamh, ba cheart don Bhord a bheith in ann an Ciste a úsáid chun cistiú breise a chur ar fáil i gcás inar gá sin chun réiteach éifeachtach a áirithiú i gcomhréir leis na cuspóirí réitigh. Sna cásanna sin, ba cheart an ranníocaíocht ó SRT a theorannú don mhéid is gá chun rochtain a thabhairt ar an gCiste. Ina theannta sin, i gcás institiúid creidmheasa ag a bhfuil luach iomlán sócmhainní ar bhonn aonair idir EUR 30 billiún agus EUR 80 billiún, níor cheart an ranníocaíocht ó SRT a bheith níos mó ná 2.5 % de dhliteanais iomlán na hinstitiúide creidmheasa, cistí dílse san áireamh, ar bhonn aonair.

(48) In imthosca urghnácha, d’fhéadfadh sé tarlú nach leor ranníocaíocht an Chiste, mar atá 5 % de na dliteanais iomlána, lena n-áirítear cistí dílse, chun riachtanais mhaoinithe gníomhaíochta réitigh ar leith a chumhdach. Sa chás sin, agus i gcás ina rabhthas in ann an ranníocaíocht sin a dhéanamh a bhuí le hidirghabháil SRT, ba cheart ranníocaíocht bhreise ó SRT a dhéanamh, faoi choinníollacha áirithe, ar ranníocaíocht í a bheidh cothrom le méid na gcaillteanas a bhainfeadh do na taiscí faoi chumhdach mura mbeidís cosanta. Níor cheart costas na ranníocaíochta breise sin a bheith níos airde ná na caillteanais a d’iompródh SRT sa chás hipitéiseach ina ndéanfaí foirceannadh faoi ghnáthimeachtaí dócmhainneachta agus ina n-aisíocfaí taiscí faoi chumhdach. Ina theannta sin , níor cheart suim na chéad ranníocaíochta ó SRT agus an ranníocaíocht bhreise ó SRT a bheith níos mó ná méid na dtaiscí faoi chumhdach san institiúid creidmheasa lena mbaineann. In éineacht le ranníocaíocht bhreise ó SRT, ba cheart don Bhord a bheith in ann cistiú breise a lorg ó fhoinsí maoiniúcháin malartacha, i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha maidir leis an gcistiú sin.

(49) I bhfianaise chineál frithpháirtithe an Chiste, is iomchuí nós imeachta tiomnaithe a bhunú a bheidh le leanúint a luaithe a bheidh an ghlanúsáid charntha a bhaintear as ag tairseacha áirithe, trí ranníocaíocht roimh ré ó SRT i gcás inar féidir sin. Níor cheart nach bhféadfaí acmhainní an Chiste a úsáid i ngníomhaíocht réitigh ina dhiaidh sin de bharr nós imeachta mar sin. I gcás ina mbainfidh glanúsáid an Chiste thar thréimhse 3 bliana tairseach amach a bheith coibhéiseach le 10 % dá spriocleibhéal, ní mór don seisiún iomlánach treoir a thabhairt maidir leis an úsáid a bhainfear as an gCiste amach anseo arna éascú le ranníocaíocht ó SRT, go dtí go mbeidh cistiú athshlánaithe. Má bhíonn glanúsáid an Chiste thar thréimhse 3 bliana ag 20 % dá spriocleibhéal, ní mór don Bhord an Chomhairle agus an Coimisiún a chur ar an eolas. Ag an bpointe sin, ba cheart don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar na rialacha maidir le ranníocaíochtaí ó SRTanna i gcás réitigh lena gceadaítear an Ciste a úsáid ina dhiaidh sin, chomh maith le measúnú a dhéanamh ar cé acu is iomchuí nó nach iomchuí sna cásanna sin na socruithe is infheidhme maidir le ranníocaíochtaí a bhailiú chun go mbeidh an Ciste athshlánaithe. Thairis sin, ba cheart an tréimhse ama chun an spriocleibhéal a bhaint amach a shíneadh go 10 mbliana.

(50) I gcás ina n-úsáidtear cistí SRT chun an uirlis díolacháin gnó nó an uirlis droichead-institiúide a chur i bhfeidhm, ina n-aonar nó in éineacht le ranníocaíochtaí ón gCiste, ba cheart an t-eintiteas iarmharach a bheidh fágtha tar éis aistriú na sócmhainní, na gceart agus na ndliteanas a fhoirceannadh ar bhealach ordúil i gcomhréir leis an dlí náisiúnta is infheidhme, de bhun Airteagal 22(5) de Rialachán (AE) Uimh. 806/2014. Ina theannta sin, i gcás ina n-úsáidfear cistí SRT chun tacú leis an uirlis droichead-institiúide, ba cheart oibríochtaí na droichead-institiúide a fhoirceannadh i gcomhréir le hAirteagal 41(3), (5) agus (6) de Threoir 2014/59/AE.

(51) Tá trédhearcacht ríthábhachtach chun sláine an mhargaidh, smacht an mhargaidh agus cosaint infheisteoirí a áirithiú. Chun a áirithiú go mbeidh an Bord in ann iarrachtaí i dtreo níos mó trédhearcachta a chothú agus páirt a ghlacadh iontu, ba cheart cead a bheith aige faisnéis a nochtadh a eascraíonn as a chuid anailísí, measúnuithe agus cinntí féin, lena n-áirítear a mheasúnuithe inréiteachta, i gcás nach ndéanfadh an nochtadh sin dochar do chosaint leas an phobail a mhéid a bhaineann le beartas airgeadais, airgeadaíochta nó eacnamaíoch agus i gcás ina bhfuil leas sáraitheach poiblí ann sa nochtadh.

(52) Chun comhsheasmhacht a áirithiú, ba cheart na leasuithe a thugtar isteach ar Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 leis an Rialachán seo atá comhchosúil leis na leasuithe a thugtar isteach ar Threoir 2014/59/AE le Treoir (AE) 2026/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[19+] a chur i bhfeidhm ón dáta céanna leis an dáta a thrasuitear Treoir (AE) 2026/…[++], is é sin... [24 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo]. Níl aon chúis, áfach, le moill a chur ar chur i bhfeidhm na leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 arna dtabhairt isteach leis an Rialachán seo a bhaineann go heisiach le feidhmiú an tSásra Réitigh Aonair. Dá bhrí sin, ba cheart feidhm a bheith ag na leasuithe sin ón … [mí amháin tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo].

---

19 Treoir (AE) 2026/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an … lena leasaítear Treoir 2014/59/AE a mhéid a bhaineann le bearta luath-idirghabhála, coinníollacha maidir le réiteach agus gníomhaíocht réitigh a mhaoiniú agus Treoir 2014/24/AE a mhéid a bhaineann le seirbhísí luachála i gcás réitigh (IO L, …, ELI: …).

\+ IO: cuir isteach sa téacs, uimhir na treorach atá in ST 15445/25 (2023/0112 (COD)) agus líon isteach an fonóta a ghabhann leis.

++ IO: cuir isteach sa téacs uimhir na treorach atá in ST 15445/25 (2023/0112 (COD)).

(53) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo, is é sin éifeachtacht agus éifeachtúlacht an chreata téarnaimh agus réitigh d'eintitis a fheabhsú, a bhaint amach go leordhóthanach i ngeall ar na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ag baint le cineálacha éagsúla cur chuige náisiúnta do shláine an mhargaidh inmheánaigh agus, trí rialacha atá socraithe cheana ar leibhéal an Aontais a leasú, gur fearr is féidir iad a bhaint amach ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach.
I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, mar a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.

(54) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

*Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 806/2014*

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 mar a leanas:

(1) leasaítear Airteagal 3(1) mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (21):

'(21) ciallaíonn 'fochuideachta' fochuideachta mar a shainmhínítear í in Airteagal 4(1), pointe (16), de Rialachán (AE) Uimh 575/2013, agus, chun críocha Airteagal 8, Airteagal 10(10), Airteagail 12 go 12k, 21 agus 53 den Rialachán seo a chur i bhfeidhm i gcás grúpaí réitigh dá dtagraítear i bpointe (24b)(b) den mhír seo, áireofar leis, i gcás inarb iomchuí agus de réir mar is iomchuí, institiúidí creidmheasa nó institiúidí airgeadais atá buanchleamhnaithe le comhlacht lárnach, an comhlacht lárnach féin, agus a bhfochuideachtaí faoi seach, agus aird á tabhairt ar an mbealach ina gcomhlíonann grúpaí réitigh Airteagal 12f(3) den Rialachán seo;';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (24a):

'(24a) ciallaíonn 'eintiteas réitigh' duine dlítheanach atá bunaithe i mBallstát atá rannpháirteach, a bhfuil sainaitheanta ag an mBord nó ag an údarás réitigh náisiúnta, i gcomhréir le hAirteagal 8 den Rialachán seo, mar eintiteas ar ina leith a fhoráiltear do ghníomhaíocht réitigh sa phlean réitigh;';

(c) i bpointe (24b), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

'(b) institiúidí creidmheasa nó institiúidí airgeadais atá buanchleamhnaithe le comhlacht lárnach, agus an comhlacht lárnach féin i gcás inarb eintiteas réitigh ceann amháin ar a laghad de na hinstitiúidí creidmheasa nó na hinstitiúidí airgeadais sin nó inarb eintiteas réitigh an comhlacht lárnach, agus a bhfochuideachtaí faoi seach;

(d) cuirtear isteach na pointí seo a leanas:

'(24d) ciallaíonn 'G-SII neamh-AE' G-SII neamh-AE mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1), pointe (134), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013';

(24e) ciallaíonn 'eintiteas G-SII' eintiteas G-SII mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1), pointe (136), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;';

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (49):

'(49) ciallaíonn 'dliteanais ar féidir tarrtháil inmheánach a thabhairt orthu' na dliteanais, lena n-áirítear dliteanais arb éiginnte a n-uainiú nó a méid, agus na hionstraimí caipitil nach gcáilíonn mar ionstraimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1, ionstraimí Breise Leibhéal 1 nó Leibhéal 2 de chuid eintitis dá dtagraítear in Airteagal 2 agus nach n-eisiatar ó raon feidhme na huirlise tarrthála inmheánaí de bhun Airteagal 27(3);';

(f) cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

'(49aa) ciallaíonn 'dliteanais arb éiginnte a n-uainiú nó a méid' dliteanais bunaithe ar oibleagáidí reatha a eascraíonn as teagmhais a tharla san am atá caite as a n-eascróidh caillteanas agus arb éiginnte a n-uainiú nó a méid mar thoradh orthu;';

(g) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (49b):

'(49b) ciallaíonn 'ionstraimí incháilithe fo-ordaithe' ionstraimí a chomhlíonann na coinníollacha uile dá dtagraítear in Airteagal 72a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, seachas Airteagal 72b(3), (4) agus (5), den Rialachán sin, agus, i gcás inarb infheidhme, in Airteagal 12c(1a) den Rialachán seo;';

(h) cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

‘(50a) ciallaíonn ‘údarás ainmnithe’ údarás ainmnithe mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe (18), de Threoir 2014/49/AE;’;

(2) in Airteagal 4, cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

‘1a. Cuirfidh na Ballstáit an Bord ar an eolas a luaithe is féidir maidir lena n-iarraidh ar dhlúthchomhar a dhéanamh le BCE de bhun Airteagal 7 de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013.

Tar éis fógra a thabhairt de bhun Airteagal 7 de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 agus sula mbunófar dlúthchomhar, cuirfidh na Ballstáit gach faisnéis ar fáil faoi na heintitis agus na grúpaí atá bunaithe ar a gcríoch a d’fhéadfadh a bheith ag teastáil ón mBord chun ullmhú do na cúraimí a thugtar dó leis an Rialachán seo agus leis an gComhaontú.’;

(3) in Airteagal 5, cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

'1a. Aon tagairtí d'údaráis arna n-ainmniú i gcomhréir le hAirteagal 3 de Threoir 2014/59/AE in Airteagal 7(6), pointe (e), Airteagal 10(3), Airteagal 63(3), pointe (j), Airteagal 65(2), pointe (k), agus Airteagal 70(4) de Threoir (AE) 2025/1 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*, léifear iad mar thagairtí don Bhord maidir leis na heintitis agus na grúpaí dá dtagraítear in Airteagal 7(2) den Rialachán seo, agus maidir leis na heintitis agus na grúpaí dá dtagraítear in Airteagal 7(4), pointe (b), agus in Airteagal 7(5) den Rialachán seo i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha maidir leis na forálacha sin a chur i bhfeidhm.

---

* Treoir (AE) 2025/1 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2024 lena mbunaítear creat le haghaidh gnóthais árachais agus atháraċhais a théarnamh agus a réiteach agus lena leasaítear Treoracha 2002/47/CE, 2004/25/CE, 2007/36/CE, 2014/59/AE agus (AE) 2017/1132 agus Rialacháin (AE) Uimh. 1094/2010, (AE) Uimh. 648/2012, (AE) Uimh. 806/2014 agus (AE) 2017/1129 (IO L, 2025/1, 8.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2025/1/oj).';

(4) leasaítear Airteagal 7 mar a leanas:

(a) i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cheathrú fomhír:

'Nuair a bheidh na cúraimí dá dtagraítear sa mhír seo á bhfeidhmiú, cuirfidh na húdaráis réitigh náisiúnta forálacha ábhartha an Rialacháin seo i bhfeidhm. Aon tagairtí don Bhord in Airteagal 5(2), Airteagal 6(5), Airteagail 8(6), (8), (10), an tríú fomhír, (11a), (12), agus (13), Airteagal 10(1) go (10), Airteagal 10a, Airteagail 11 go 14, Airteagal 15(1), (2) agus (3), Airteagal 16, Airteagal 18(1), (1a), (2), (5) agus (6), Airteagal 20, Airteagal 21(1) go (7), Airteagal 21(8), an dara fomhír, Airteagal 21(9) agus (10), Airteagal 22(1), (3), (5) agus (6), Airteagail 23 agus 24, Airteagal 25(3), Airteagal 27(1) go (15), Airteagal 27(16), an dara fomhír, an dara habairt, an tríú fomhír, agus an ceathrú fomhír, an chéad, an tríú agus an ceathrú habairt, Airteagal 30(2b) agus (2c), Airteagal 30a(1) agus (2), Airteagal 32 agus Airteagal 79(1), (2), (7) agus (8), léifear iad mar thagairtí do na húdaráis réitigh náisiúnta maidir le grúpaí agus eintitis dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo. Chun na críche sin, déanfaidh na húdaráis réitigh náisiúnta na cumhachtaí a thugtar dóibh faoin dlí náisiúnta lena dtrasuitear Treoir 2014/59/AE a fheidhmiú i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos sa dlí náisiúnta.';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

‘5. D'ainneoin mhír 3 den Airteagal seo, féadfaidh na Ballstáit rannpháirteacha a chinneadh go ndéanfaidh an Bord na cumhachtaí agus freagrachtaí ábhartha go léir a thugtar dó leis an Rialachán seo i ndáil le heintitis agus le grúpaí atá bunaithe ar a gcríoch, seachas iad siúd dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo, a fheidhmiú. Sa chás sin, ní bheidh feidhm ag mír 3 ná ag mír 4 den Airteagal seo, ag Airteagal 9, ag Airteagal 12(3), ná ag Airteagal 31(1). Déanfaidh na Ballstáit a bhfuil rún acu an rogha sin a úsáid fógra a thabhairt don Bhord agus don Choimisiún ina leith sin. Gabhfaidh éifeacht leis an bhfógra ó lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Tar éis éifeacht a bheith ag an bhfógra dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo, féadfaidh na Ballstáit rannpháirteacha a chinneadh go ndéanfar an fhreagracht as feidhmiú na gcúraimí maidir le heintitis agus grúpaí atá bunaithe ar a gcríoch, seachas iad siúd dá dtagraítear i mír 2, a chur ar ais chuig na húdaráis réitigh náisiúnta, agus sa chás sin ní bheidh feidhm ag an gcéad fhomhír den mhír seo a thuilleadh. Déanfaidh na Ballstáit a bhfuil rún acu an rogha sin a úsáid fógra a thabhairt don Bhord agus don Choimisiún ina leith sin. Gabhfaidh éifeacht leis an bhfógra sin ó lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.’;

(5) leasaítear Airteagal 8 mar a leanas:

(a) i mír 2, cuirtear an fhomhír seo a leanas léi:

'Féadfaidh an Bord treoir a thabhairt do na húdaráis réitigh náisiúnta na cumhachtaí dá dtagraítear in Airteagal 10(8) de Threoir 2014/59/AE a fheidhmiú. Déanfaidh na húdaráis réitigh náisiúnta treoracha an Bhoird a chur chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 29 den Rialachán seo.';

(b) leasaítear mír 10 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

'I gcomhréir leis na bearta dá dtagraítear sa chéad fhomhír, sainaithneofar sa phlean réitigh na heintitis réitigh agus na grúpaí réitigh agus, i gcás inarb iomchuí, na heintitis leachtaithe do gach grúpa.';

(ii) cuirtear an mhír seo a leanas léi:

‘Agus na bearta atá le déanamh á sainaithint, bearta maidir leis na fochuideachtaí dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointe (b), nach eintitis réitigh iad, féadfaidh an Bord cur chuige comhréireach a leanúint mura bhfuil tionchar diúltach ag an gcur chuige sin ar inréiteacht an ghrúpa, agus méid na fochuideachta, a próifíl riosca, a ról i soláthar feidhmeanna criticiúla agus croílínte, an tábhacht do leanúnachas oibríochtúil an ghrúpa tar éis réitigh agus straitéis réitigh an ghrúpa á gcur san áireamh. Déanfaidh an Bord tábhacht na fochuideachta sa Bhallstát ina bhfuil sí bunaithe a mheas go cuí, lena n-áirítear an tábhacht shistéamach a d’fhéadfadh a bheith léi, agus an tionchar a d’fhéadfadh a bheith aici ar na hacmhainní airgeadais atá ar fáil don scéim ráthaithe taiscí i gcás foirceannadh faoi ghnáthimeachtaí dócmhainneachta.’;

(c) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

‘11a. I gcás ina dtionscnófar imeachtaí chun eintiteas a fhoirceannadh i gcomhréir leis an dlí náisiúnta is infheidhme de bhun Airteagal 32b de Threoir 2014/59/AE, nó i gcás ina mbeidh feidhm ag Airteagal 22(5) den Rialachán seo, ní ghlacfaidh an Bord plean réitigh don eintiteas sin nó ní áireoidh sé an t-eintiteas sin a thuilleadh sa phlean réitigh grúpa.’;

(6) leasaítear Airteagal 10 mar a leanas:

(a) i mír 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cheathrú fomhír:

‘Déanfar an measúnú dá dtagraítear sa tríú fomhír sa bhreis ar an measúnú ar inréiteacht an ghrúpa ina iomláine.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 7:

‘7. Más rud é, de bhun measúnú ar inréiteacht eintitis nó grúpa arna dhéanamh i gcomhréir le mír 3 nó le mír 4, go gcinnfidh an Bord, tar éis dó dul i gcomhairle leis na húdaráis inniúla, lena n-áirítear BCE, go go bhfuil baic shubstainteacha ann ar inréiteacht an eintitis nó an ghrúpa sin, ullmhóidh an Bord tuarascáil, i gcomhar leis na húdaráis inniúla, agus díreoidh sé í ar an eintiteas nó máthairghnóthas atá i mbun anailís ar na baic shubstainteacha ar chur i bhfeidhm éifeachtach uirlisí réitigh agus feidhmiú na gcumhachtaí réitigh. Breithneofar sa tuarascáil sin freisin an tionchar ar shamhail ghnó an eintitis nó an ghrúpa agus molfar inti aon bhearta comhréireacha agus spriocdhírithe is gá nó is iomchuí, i dtuairim an Bhoird, chun na baic sin a bhaint i gcomhréir le mír 10.’;

(c) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

‘9a. I gcás ina gcinneann an Bord go laghdaítear nó go mbaintear na baic shubstainteacha ar inréiteacht go héifeachtach leis na bearta a mhol an t-eintiteas nó an máthairghnóthas lena mbaineann, déanfaidh an Bord, tar éis dó dul i gcomhairle le BCE nó leis an údarás inniúil náisiúnta ábhartha agus, i gcás inarb iomchuí, leis an údarás macrastuamachta ainmnithe, cinneadh a ghlacadh. Léireofar sa chinneadh sin go bhfuil measúnú déanta ag an mBord gur leor na bearta a moladh chun na baic shubstainteacha a laghdú nó a bhaint go héifeachtach agus tabharfar treoir do na húdaráis réitigh náisiúnta ceangal a chur ar an eintiteas, ar an máthairghnóthas, nó ar aon fhochuideachta de chuid an ghrúpa lena mbaineann, na bearta atá beartaithe a chur chun feidhme.’;

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 10:

‘I gcás ina gcinneann an Bord nach laghdaítear ná nach mbaintear na baic shubstainteacha ar inréiteacht go héifeachtach leis na bearta a mhol an t-eintiteas nó an máthairghnóthas lena mbaineann,, déanfaidh an Bord, tar éis dó dul i gcomhairle leis na húdaráis inniúla agus, i gcás inar iomchuí, leis an údarás macrastuamachta ainmnithe, cinneadh a ghlacadh. Léireofar sa chinneadh sin, go bhfuil measúnú déanta ag an mBord nach laghdaítear ná nach mbaintear na baic shubstainteacha ar inréiteacht go héifeachtach agus tabharfar treoir do na húdaráis réitigh náisiúnta a cheangal ar an eintiteas, ar an máthairghnóthas, nó ar aon fhochuideachta de chuid an ghrúpa lena mbaineann, na bearta atá beartaithe atá liostaithe i mír 11 a ghlacadh.

Agus beart malartacha á sainaithint aige, taispeánfaidh an Bord conas nach mbeadh na bearta a mhol an t-eintiteas nó an máthairghnóthas lena mbaineann in ann na baic shubstainteacha ar inréiteacht a laghdú nó agus atá na bearta malartacha atá á moladh comhréireach chun iad a bhaint. Cuirfidh an Bord san áireamh bagairt na mbac sin ar chobhsaíocht airgeadais, inréiteacht agus éifeacht na mbeart ar ghnó an eintitis nó an mháthairghnóthais lena mbaineann, ar a chobhsaíocht, agus ar a chumas rannchuidiú leis an ngeilleagar, ar an margadh inmheánach do sheirbhísí airgeadais agus ar chobhsaíocht airgeadais i mBallstáit eile agus san Aontas trí chéile.

Cuirfidh an Bord i gcuntas freisin an gá tionchar ar an eintiteas nó ar an ngrúpa lena mbaineann a sheachaint, ar tionchar é a rachadh thar a bhfuil riachtanach chun go mbainfí an bac ar inréiteacht nó a bheadh díréireach.';

(7) Leasaítear Airteagal 10a mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta tosaigh:

‘I gcás ina mbeidh an ceanglas maoláin chomhcheangailte á chomhlíonadh ag eintiteas agus an ceanglas sin á bhreithniú sa bhreis ar gach ceann de na ceanglais dá dtagraítear in Airteagal 141a(1), pointí (a), (b) agus (c), de Threoir 2013/36/AE, ach nach ndéanann sé an ceanglas maoláin chomhcheangailte a chomhlíonadh nuair a dhéantar é a bhreithniú sa bhreis ar na ceanglais dá dtagraítear in Airteagail 12d agus 12e den Rialachán seo, agus é sin á ríomh i gcomhréir le hAirteagal 12a(2), pointe (a), den Rialachán seo, beidh de chumhacht ag an mBord, i gcomhréir le mír 2 agus mír 3 den Airteagal seo, ordú a thabhairt don údarás réitigh náisiúnta toirmeasc a chur ar eintiteas, níos mó ná an t-uasmhéid indáilte a bhaineann leis an íoscheanglas le haghaidh cistí dílse agus dliteanas incháilithe (‘M-MDA’), arna ríomh i gcomhréir le mír 4 den Airteagal seo, a dháileadh, trí aon cheann de na gníomhaíochtaí a leanas:’;

(b) cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘7. I gcás nach bhfuil eintiteas réitigh nó eintiteas nach eintiteas réitigh é ann féin faoi réir an cheanglais maoláin chomhcheangailte ar an mbonn céanna ar a gceanglaítear air na ceanglais dá dtagraítear in Airteagail 12a agus 12e den Rialachán seo a chomhlíonadh, cuirfidh an Bord míreanna 1 go 6 den Airteagal seo i bhfeidhm ar bhonn an cheanglais maoláin chomhcheangailte mheasta ar toradh é ar an modheolaíocht a leagtar amach sa ghníomh tarmligthe a glacadh de bhun Airteagal 45c(4) de Threoir 2014/59/AE. Beidh feidhm ag Airteagal 128, an ceathrú mír, de Threoir 2013/36/AE.

Déanfaidh an Bord an ceanglas maoláin chomhcheangailte measta dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a áireamh sa chinneadh lena gcinntear na ceanglais dá dtagraítear in Airteagal 12d agus Airteagal 12e den Rialachán seo. Cuirfidh an t-eintiteas an ceanglas maoláin chomhcheangailte measta ar fáil go poiblí in éineacht leis an bhfaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 45i(3) de Threoir 2014/59/AE.’;

(8) in Airteagal 12, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘8. Beidh an Bord freagrach as na ceadanna dá dtagraítear in Airteagal 77(2) agus Airteagal 78a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a dheonú do na heintitis dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo. Díreoidh an Bord cinneadh chuig an eintiteas lena mbaineann.’;

(9) in Airteagal 12a, cuirtear an méid a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Áiritheoidh an Bord agus údaráis réitigh náisiúnta go gcomhlíonfaidh na heintitis dá dtagraítear in Airteagail 12(1) agus (3), i gcónaí, na ceanglais le haghaidh cistí dílse agus dliteanais incháilithe i gcás ina gceanglaítear sin i gcomhréir leis an Airteagal seo agus le hAirteagail 12b go 12i faoi mar a chinn an Bord ina leith.’;

(10) leasaítear Airteagal 12c mar a leanas:

(a) cuirtear na míreanna seo a leanas isteach:

‘1a. Ní áireoidh eintitis réitigh taiscí i méid na gcistí dílse agus na ndliteanas incháilithe ach amháin i gcás ina bhfuil an t-áireamh sin údaraithe ag an mBord i gcomhréir le mír 1b agus i gcás ina gcomhlíonann na taiscí sin na coinníollacha uile seo a leanas:

(a) comhlíonann na taiscí na coinníollacha ar fad a leagtar amach i mír 1, an chéad fhomhír;

(b) níl na taiscí á sealbhú ag daoine nádúrtha agus micrifhiontair, fiontair bheaga agus mheánmhéide;

(c) is taiscí téarma iad na taiscí a bhfuil aibíocht tosaigh bliana amháin ar a laghad acu agus ní thugann siad ceart don úinéir aisíocaíocht luath a fháil fiú i gcás ina bhfuil an aisíocaíocht luath faoi réir pionós a íoc;

(d) tagraíonn an doiciméadacht chonarthach ábhartha go sainráite don mhéid seo a leanas:

(i) rún an eintitis réitigh na taiscí a áireamh i méid na gcistí dílse agus na ndliteanas incháilithe;

(ii) eisiamh na dtaiscí ó aon aisíocaíocht ó scéim ráthaithe taiscí de bhun Airteagal 5(1), pointe (l), de Threoir 2014/49/AE.

1b. Féadfaidh an Bord údarú a thabhairt don eintiteas réitigh taiscí a áireamh go hiomlán nó go páirteach i méid na gcistí dílse agus na ndliteanas incháilithe má tá sé sásta go gcomhlíontar gach ceann de na coinníollacha seo a leanas:

(a) measann an Bord nach ndéanfaí na taiscí sin a eisiamh go hiomlán nó go páirteach ón tarrtháil inmheánach de bhun Airteagal 27(5) nó nach n-aistreofaí iad go hiomlán chuig faighteoir faoi aistriú páirteach;

(b) tháinig an Bord ar an gconclúid nach bac substainteach ar inréiteacht é an t-áireamh sin, nó nach dócha go mbeidh sé ina bhac substainteach ar inréiteacht, go háirithe mar gheall ar an tionchar ar a indéanta atá sé uirlisí réitigh a úsáid ar bhealach a mbaintear amach na cuspóirí réitigh.

Déanfaidh an Bord an t-údarú a tharraingt siar i gcás ina gcinnfidh sé nach bhfuil ceann de na coinníollacha dá dtagraítear sa chéad fhomhír á chomhlíonadh a thuilleadh. Sa chás sin, scoirfidh an t-eintiteas réitigh de thaiscí a áireamh i méid na gcistí dílse agus na ndliteanas incháilithe';

(b) i míreanna 4, agus 5, cuirtear an téarma 'eintitis G-SII' in ionad an téarma 'G-SIInna';

(c) i mír 7, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta tosaigh:

'De mhaolú ar mhír 4 den Airteagal seo, féadfaidh an Bord a chinneadh gur eintitis réitigh, arb eintitis GSIInna iad nó arb eintitis réitigh iad atá faoi réir Airteagal 12d(4) agus (5) den Rialachán seo, a dhéanfaidh na ceanglais dá dtagraítear in Airteagal 12f a chomhlíonadh, le cistí dílse, le hionstraimí, nó le dliteanais dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo, a mhéid nach airde suim na gcistí dílse, na n-ionstraimí, ná na ndliteanas sin, mar gheall ar an oibleagáid atá ar an eintiteas réitigh cloí leis an gceanglas maoláin chomhcheangailte, Airteagal 92a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, Airteagal 12d(4), agus Airteagal 12f den Rialachán seo, nach airde an tsuim sin ná an tsuim is airde díobh seo a leanas:';

(d) leasaítear mír 8 mar a leanas:

(i) sa chéad fhomhír, cuirtear an téarma ‘eintitis G-SII’ in ionad an téarma ‘G-SIInna’;

(ii) sa dara fomhír, pointe (c), cuirtear an téarma ‘eintiteas G-SII’ in ionad an téarma ‘G-SII’;

(e) cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘10. Féadfaidh an Bord cead a thabhairt don eintiteas réitigh na ceanglais dá dtagraítear i míreanna 4, 5 agus 7 a chomhlíonadh trí chistí dílse nó dliteanais dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 3 a úsáid i gcás ina gcomhlíontar gach ceann de na coinníollacha seo a leanas:

(a) i gcás eintitis arb eintitis G-SII iad nó eintitis réitigh atá faoi réir Airteagal 12a(4) nó (5), níor laghdaigh an Bord an ceanglas dá dtagraítear i mír 4 den Airteagal seo, de bhun na chéad fhomhíre den mhír sin;

(b) na dliteanais dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo nach gcomhlíonann an coinníoll dá dtagraítear in Airteagal 72b(2), pointe (d), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, comhlíonann siad na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 72b(4), pointí (b) go (e), den Rialachán sin.’;

(11) leasaítear Airteagal 12d mar a leanas:

(a) i mír 2a, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír, pointe (b):

‘(b) dliteanais lena gcomhlíontar na critéir incháilitheachta dá dtagraítear in Airteagal 72a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, seachas Airteagal 72b(2), pointí (b) agus (d), den Rialachán sin, agus i gcás inarb infheidhme, in Airteagal 12c(1a) den Rialachán seo;’;

(b) i mír 3, an t-ochtú fomhír, cuirtear an téarma ‘feidhmeanna criticiúla’ in ionad na bhfocal ‘feidhmeanna criticiúla eacnamaíochta’;

(c) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

‘5a. I gcás eintitis réitigh a bhfuil sé beartaithe go príomha lena straitéis réitigh tosaíochta an uirlis díolacháin gnó nó an uirlis droichead-institiúide a chur i bhfeidhm agus go n-imeoidh sé ón margadh, beidh leibhéal an cheanglais dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo ar a laghad cothrom leis an méid seo a leanas:

(a) 16 % nuair a ríomhtar é i gcomhréir le hAirteagal 12a(2), pointe (a); agus

(b) 4.75 % nuair a ríomhtar é i gcomhréir le hAirteagal 12a(2), pointe (b).

Ní bheidh feidhm ag an gcéad fhomhír den mhír seo maidir le heintitis réitigh a bhfuil sé beartaithe ina straitéis réitigh tosaíochta an uirlis tarrthála inmheánaí a chur i bhfeidhm chun críoch Airteagal 27(1), pointe (a), go neamhspleách nó in éineacht le huirlisí réitigh eile.’;

(d) i mír 6, an t-ochtú fomhír, cuirtear an téarma ‘feidhmeanna criticiúla’ in ionad na bhfocal ‘feidhmeanna criticiúla eacnamaíocha’;

(12) in Airteagal 12e(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta tosaigh:

‘Beidh an ceanglas dá dtagraítear in Airteagal 12a(1) d’eintiteas réitigh arb eintiteas G-SII é comhdhéanta den mhéid seo a leanas:’;

(13) leasaítear Airteagal 12g mar a leanas:

(a) leasaítear mír 1 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

‘Féadfaidh an Bord, tar éis dó dul i gcomhairle leis na húdaráis inniúla, lena n-áirítear BCE, a chinneadh an ceanglas a leagtar síos san Airteagal sin a chur i bhfeidhm maidir le heintiteas dá dtagraítear in Airteagal 2, pointe (b), nó maidir le hinstitiúid airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 2, pointe (c), ar fochuideachta d’eintiteas réitigh é ach nach eintiteas réitigh ann féin é.’;

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú fomhír:

‘De mhaolú ar an gcéad agus an dara fomhír den mhír seo, déanfaidh máthairghnóthais de chuid an Aontais nach eintitis réitigh iad féin ach ar fochuideachtaí de chuid eintitis tríú tír iad, na ceanglais a leagtar síos in Airteagail 12d agus 12e ar bhonn comhdhlúite.’;

(iii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an chúigiú fomhír:

‘I dtaca le grúpaí réitigh arna sainaithint i gcomhréir le hAirteagal 3(1), pointe (24b)(b), le hinstitiúidí creidmheasa nó institiúidí airgeadais atá buanchleamhnaithe le comhlacht lárnach ach nach eintitis réitigh iad féin, le comhlacht lárnach nach eintiteas réitigh é féin, agus le haon eintitis réitigh nach bhfuil faoi réir ceanglais faoi Airteagal 12f(3), comhlíonfaidh siad siúd Airteagal 12d(6) ar bhonn aonair.’;

(b) i mír 2, pointe (a), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (ii):

‘(ii) comhlíonann siad na critéir incháilitheachta dá dtagraítear in Airteagal 72a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, cé is moite d’Airteagal 72b(2), pointí (b), (c), (k), (l) agus (m), agus Airteagal 72b(3), (4) agus (5) den Rialachán sin, agus, i gcás inarb infheidhme, in Airteagal 12c(1a) den Rialachán seo;’;

(c) cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘4. I gcás, i gcomhréir leis an straitéis réitigh dhomhanda, nach eintitis réitigh iad fochuideachtaí atá bunaithe san Aontas, nó máthairghnóthas de chuid an Aontais agus a fho-institiúidí, agus i gcás ina gcomhaontaíonn comhaltaí an choláiste réitigh Eorpaigh leis an straitéis sin, i gcás ina mbunaítear iad de bhun Airteagal 89 de Threoir 2014/59/AE, comhlíonfaidh fochuideachtaí atá bunaithe san Aontas nó, ar bhonn comhdhlúite, an máthairghnóthas de chuid an Aontais ceanglas Airteagal 12a(1) trí na hionstraimí dá dtagraítear i mír 2, pointí (a) agus (b), den Airteagal seo a eisiúint d’aon cheann díobh seo a leanas:

(a) a máthairghnóthas deiridh atá bunaithe i dtríú tír;

(b) fochuideachtaí an mháthairghnóthais deiridh sin atá bunaithe sa tríú tír chéanna;

(c) eintitis eile faoi na coinníollacha a leagtar amach i mír 2, pointí (a)(i) agus (b)(ii), den Airteagal seo.’;

(14) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 12i:

*'Airteagal 12i*

*Tarscaoileadh i gcás comhlacht lárnach, nó i gcás institiúidí creidmheasa nó institiúidí airgeadais atá buanchleamhnaithe le comhlacht lárnach*

Féadfaidh an Bord cur i bhfeidhm Airteagal 12g maidir le comhlacht lárnach nó institiúid creidmheasa nó institiúid airgeadais atá buanchleamhnaithe le comhlacht lárnach a tharscaoileadh, go páirteach nó go hiomlán, i gcás ina gcomhlíontar gach ceann de na coinníollacha seo a leanas:

(a) tá an institiúid creidmheasa nó an institiúid airgeadais agus an comhlacht lárnach faoi réir maoirseacht ag an aon údarás inniúil amháin agus tá siad bunaithe sa Bhallstát rannpháirteach céanna agus is cuid den ghrúpa réitigh céanna iad;

(b) is dliteanais chomhpháirteacha agus leithleacha iad gealltanais an chomhlachta lárnaigh agus a institiúidí creidmheasa nó a institiúidí airgeadais buanchleamhnaithe, nó tá gealltanais a n-institiúidí creidmheasa nó a n-institiúidí airgeadais buanchleamhnaithe ráthaithe go hiomlán ag an gcomhlacht lárnach;

(c) déantar faireachán ar an íoscheanglas le haghaidh cistí dílse agus dliteanais incháilithe agus ar shócmhainneacht agus leachtacht an chomhlachta lárnaigh agus na n-institiúidí creidmheasa nó na n-institiúidí airgeadais buanchleamhnaithe ar fad ina n-iomláine ar bhonn chuntais chomhdhlúite na n-institiúidí sin;

(d) i gcás tarscaoileadh maidir le hinstitiúid creidmheasa nó institiúid airgeadais atá buanchleamhnaithe le comhlacht lárnach, beidh sé de chumhacht ag lucht bainistíochta an chomhlachta lárnaigh treoracha a eisiúint do lucht bainistíochta na n-institiúidí buanchleamhnaithe;

(e) comhlíonann an grúpa réitigh ábhartha an ceanglas dá dtagraítear in Airteagal 12f(3); agus

(f) ní ann d'aon bhacainn láithreach ábhartha phraiticiúil ná dhlíthiúil, ná do bhacainn thuartha mar sin, ar aistriú pras cistí dílse nó aisíoc dliteanas idir an comhlacht lárnach agus na hinstitiúidí creidmheasa nó na hinstitiúidí airgeadais atá buanchleamhnaithe leis i gcás réitigh.';

(15) Leasaítear Airteagal 12k mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1 agus 2:

‘1. Féadfaidh an Bord idirthréimhsí iomchuí a chinneadh, nach faide ná 3 bliana iad, d’eintitis chun na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 12f nó 12g nó na ceanglais a eascraíonn as cur i bhfeidhm Airteagal 12c(4), (5) nó (7), de réir mar is iomchuí, a chomhlíonadh, i gcás nach mbeadh comhlíonadh na gceanglas sin gan idirthréimhse comhréireach.
Féadfaidh an Bord spriocleibhéil idirmheánacha a chinneadh do na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 12f nó 12g, nó do na ceanglais ar toradh iad ar chur i bhfeidhm Airteagal 12c(4), (5) nó (7), de réir mar is iomchuí, a chomhlíonfaidh eintitis ar dháta arna shocrú ag an mBord. Leis na spriocleibhéil idirmheánacha, déanfar, mar riail, méadú líneach ar na cistí dílse agus ar na dliteanais incháilithe ionsar an gceanglas a áirithiú.

2. De mhaolú ar mhír 1, maidir leis an idirthréimhse arna cinneadh ag an mBord le haghaidh eintitis a dtagann athrú ar an straitéis réitigh tosaíochta ina leith ó fhoirceannadh faoi ghnáthimeachtaí dócmhainneachta go cur i bhfeidhm gníomhaíochta réitigh, ní bheidh an idirthréimhse níos faide ná 4 bliana.

I gcás ina mbeidh údar cuí leis agus nuair is iomchuí ar bhonn na gcritéar dá dtagraítear i mír 7, féadfaidh an Bord idirthréimhse níos faide suas le 6 bliana a chinneadh.

Féadfaidh an Bord spriocleibhéil idirmheánacha a chinneadh do na ceanglais dá dtagraítear in Airteagal 12d, nó do na ceanglais ar toradh iad ar chur i bhfeidhm Airteagal 12c(4), (5) nó (7), de réir mar is iomchuí, a chomhlíonfaidh eintitis ar dháta arna shocrú ag an mBord. Leis na spriocleibhéil idirmheánacha, is gnáth méadú líneach ar na cistí dílse agus ar na dliteanais incháilithe ionsar an gceanglas a áirithiú.';

(b) i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

'(a) ar ar chuir an Bord an uirlis tarrthála inmheánaí i bhfeidhm; nó';

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

'4. Ní bheidh feidhm ag na ceanglais dá dtagraítear in Airteagal 12c(4) agus (7) ná in Airteagal 12d(4) agus (5), mar is infheidhme, laistigh den tréimhse 3 bliana tar éis an dáta a thosaíonn an t-eintiteas réitigh nó an grúpa a bhfuil an t-eintiteas réitigh mar chuid de a bheith aitheanta mar G-SII nó mar G-SII neamh-AE nó má tharlaíonn go dtosaíonn an t-eintiteas réitigh a bheith sa staid dá dtagraítear in Airteagal 12d(4) nó (5).';

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 5 agus 6:

'5. De mhaolú ar Airteagal 12a(1), cinnfidh an Bord idirthréimhse iomchuí ina ndéanfar na ceanglais atá in Airteagal 12f nó 12g a chomhlíonadh, nó ceanglas is toradh ar chur i bhfeidhm Airteagal 12c(4), (5), nó (7), de réir mar is iomchuí, ar eintitis a ndearnadh uirlisí réitigh, nó an chumhacht díluachála nó comhshó dá dtagraítear in Airteagal 21, a chur i bhfeidhm maidir leo.

6. Chun críocha mhíreanna 1 go 5, cuirfidh an Bord in iúl don eintiteas íoscheanglas pleanáilte le haghaidh cistí dílse agus dliteanais incháilithe le haghaidh gach tréimhse 12 mhí i rith na hidirthréimhse d'fhonn an cumas ionsúcháin caillteanais agus athchaipitliúcháin aige a mhéadú arís diaidh ar ndiaidh. Ag deireadh na hidirthréimhse, beidh an t-íoscheanglas le haghaidh cistí dílse agus dliteanais incháilithe cothrom leis an méid a chinnfear faoi Airteagal 12d(4), (5) nó (7), Airteagal 12d(4) nó (5), Airteagal 12f nó Airteagal 12g, de réir mar is infheidhme.';

(16) Cuirtear an méid seo a leanas isteach in ionad Airteagal 13:

*'Airteagal 13*
*Bearta luath-idirghabhála*

1. Déanfaidh BCE bearta luath-idirghabhála a bhreithniú gan moill mhíchuí agus, más iomchuí, iad a chur i bhfeidhm i gcás ina ndéanann eintiteas dá dtagraítear in Airteagal 7(2), pointe (a), an méid seo a leanas:

(a) comhlíonann sé na coinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 102 de Threoir 2013/36/AE nó in Airteagal 16(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 agus tá feidhm ag ceachtar díobh seo a leanas:

(i) ní dhearna an t-eintiteas na gníomhaíochtaí ceartaitheacha arna n-éileamh ag BCE, lena n-áirítear na bearta dá dtagraítear in Airteagal 104 de Threoir 2013/36/AE nó in Airteagal 16(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013;

(ii) measann BCE nach leor gníomhaíochtaí ceartaitheacha seachas bearta luath-idirghabhála chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna an eintitis sin;

(b) sáraítear na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 12f nó 12g; nó

(c) sáraítear, nó is dócha go sárófar, sa 12 mhí tar éis mheasúnú BCE, aon cheann de na ceanglais a leagtar síos i dTeideal II de Threoir 2014/65/AE nó in Airteagail 3 go 7, 14 go 17 nó 24, 25 agus 26 de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*.

Féadfaidh BCE a chinneadh go gcomhlíonfar an coinníoll dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointe (a)(ii), den mhír seo gan gníomhaíochtaí leasúcháin eile a dhéanamh roimhe sin, lena n-áirítear feidhmiú na gcumhachtaí dá dtagraítear in Airteagal 104 de Threoir 2013/36/AE nó in Airteagal 16(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013.

Chun críocha na chéad fhomhíre, pointí (b) agus (c), den mhír seo, cuirfidh an Bord nó an t-údarás inniúil mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1), pointe (26), de Threoir 2014/65/AE BCE ar an eolas gan mhoill faoin sárú nó faoin sárú dóchúil.

2. Chun críocha mhír 1, ar na bearta luath-idirghabhála beidh an méid seo a leanas:

(a) an ceanglas ar chomhlacht bainistíochta an eintitis aon cheann den dá ní seo a leanas a dhéanamh:

(i) ceann amháin nó níos mó de na socruithe nó de na bearta a leagtar amach sa phlean téarnaimh a chur chun feidhme; nó

(ii) an plean téarnaimh a thabhairt cothrom le dáta i gcomhréir le hAirteagal 5(2) de Threoir 2014/59/AE, i gcás nach ionann na himthosca ba chúis leis an luath-idirghabháil agus na toimhdí a leagtar amach sa phlean téarnaimh tosaigh, agus ceann amháin nó níos mó de na socruithe nó de na bearta a leagtar amach sa phlean téarnaimh nuashonraithe a chur chun feidhme laistigh de thréimhse shonrach;

(b) an ceanglas atá ar chomhlacht bainistíochta an eintitis cruinniú de scairshealbhóirí an eintitis a thionól, nó mura gcomhlíonann an comhlacht bainistíochta an ceanglas sin, an cruinniú a thionól go díreach, agus sa dá chás an clár a shocrú agus a cheangal go mbreithneofaí cinntí áirithe lena nglacadh ag na scairshealbhóirí;

(c) an ceanglas atá ar chomhlacht bainistíochta an eintitis plean a tharraingt suas, i gcomhréir leis an bplean téarnaimh i gcás inarb infheidhme, le haghaidh idirbheartaíocht maidir le hathstruchtúrú fiachais le cuid dá chreidiúnaithe nó lena chreidiúnaithe go léir;

(d) an ceanglas struchtúr dlíthiúil an eintitis a athrú;

(e) an ceanglas bainistíocht shinsearach nó comhlacht bainistíochta an eintitis a bhaint, nó a ionadú i gcomhréir le hAirteagal 13a, ina n-iomláine nó maidir le daoine aonair;

(f) riarthóir sealadach amháin nó níos mó a cheapadh don eintiteas i gcomhréir le hAirteagal 13b;

(g) an ceanglas atá ar chomhlacht bainistíochta an eintitis plean a tharraingt suas a fhéadfaidh an t-eintiteas a chur chun feidhme i gcás ina gcinnfidh sé foirceannadh a ghníomhaíochtaí a thionscnamh.

3. Roghnóidh BCE na bearta luath-idirghabhála iomchuí dá dtagraítear i mír 2 ar bhonn a bhfuil comhréireach leis na cuspóirí atá á saothrú, ag féachaint do thromchúis an tsáraithe nó don sárú dóchúil agus do luas an mheathlaithe ar staid airgeadais an eintitis, i measc faisnéis ábhartha eile.

4. I gcás gach ceann de na bearta luath-idirghabhála dá dtagraítear i mír 2, leagfaidh BCE sprioc-am cur chun feidhme síos a bheidh teoranta go docht don am is gá chun an beart lena mbaineann a chur chun feidhme faoi choinníollacha réasúnta. Déanfaidh BCE meastóireacht ar éifeachtacht an bhirt díreach tar éis don sprioc-am dul in éag agus roinnfidh sé an mheastóireacht sin leis an mBord.

I gcás ina gcinnfear sa mheastóireacht nár cuireadh na bearta luath-idirghabhála chun feidhme go hiomlán nó nach bhfuil siad éifeachtach, féadfaidh BCE measúnú a dhéanamh ar cé acu a chomhlíontar nó nach gcomhlíontar an coinníoll dá dtagraítear in Airteagal 18(1), pointe (a).

5. I gcás ina mbeidh, i ngrúpa dá dtagraítear in Airteagal 7(2), pointe (a), den Airteagal seo eintitis atá bunaithe i mBallstáit rannpháirteacha agus i mBallstáit neamh-rannpháirteacha, déanfaidh BCE ionadaíocht d'údaráis inniúla náisiúnta na mBallstát rannpháirteach, chun críoch comhchomhairle agus comhair le Ballstáit neamh-rannpháirteacha i gcomhréir le hAirteagal 30 de Threoir 2014/59/AE.

I gcás ina mbeidh, i ngrúpa dá dtagraítear in Airteagal 7(2), pointe (a), eintitis atá bunaithe i mBallstáit rannpháirteacha agus fochuideachtaí atá bunaithe, nó brainsí suntasacha atá lonnaithe, i mBallstáit neamh-rannpháirteacha, déanfaidh BCE aon chinneadh nó beart dá dtagraítear in Airteagail 13 go 13c atá ábhartha don ghrúpa, a chur in iúl, go tráthúil, d'údaráis inniúla agus/nó d'údaráis réitigh na mBallstát neamh-rannpháirteach, de réir mar is iomchuí.';

---

* Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 173 12.6.2014, lch. 84, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/600/oj)';

(17) cuirtear na hairteagail seo a leanas isteach i gCaibidil 2:

*'Airteagal 13a*

*An bhainistíocht shinsearach nó an comhlacht bainistíochta a ionadú*

Chun críocha Airteagal 13(2), pointe (e), déanfar an bhainistíocht shinsearach nua nó an comhlacht bainistíochta nua, nó comhaltaí aonair díobh, a cheapadh i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí náisiúnta agus beidh ceapacháin den sórt sin faoi réir fhormheas BCE.

*Airteagal 13b*

*Riarthóir sealadach*

1. Chun críocha Airteagal 13(2), pointe (f), féadfaidh BCE, ar bhonn a bhfuil comhréireach sna himthosca, riarthóir sealadach amháin nó níos mó a cheapadh chun aon cheann den dá ní seo a leanas a dhéanamh:

   (a) teacht in ionad chomhlacht bainistíochta an eintitis ar bhonn sealadach; nó

   (b) oibriú go sealadach le comhlacht bainistíochta an eintitis.

   Tráth a cheapfar an riarthóir sealadach, sonróidh BCE an bhfuil an ceapachán sin chun críocha na chéad fhomhíre, pointe (a) nó pointe (b).

Chun críocha na chéad fhomhíre, pointe (b), sonróidh BCE a thuilleadh, tráth an cheapacháin, ról, dualgais agus cumhachtaí an riarthóra shealadaigh agus aon cheanglais ar chomhlacht bainistíochta an eintitis i dtaca le dul i gcomhairle leis an riarthóir sealadach nó toiliú an riarthóra shealadaigh a fháil sula ndéanfaidh sé cinntí nó gníomhaíochtaí sonracha.

Déanfaidh BCE ceapadh aon riarthóra shealadaigh a phoibliú ach amháin i gcás nach bhfuil an chumhacht ag an riarthóir sealadach ionadaíocht a dhéanamh ar son an eintitis.

Beidh ag gach riarthóir sealadach eolas, scileanna agus taithí leordhóthanach chun a dhualgais a dhéanamh agus comhlíonfaidh sé na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 91(2) agus (2a) de Threoir 2013/36/AE. Beidh an measúnú a dhéanfaidh BCE i dtaobh an bhfuil an t-eolas, na scileanna agus an taithí sin ag an riarthóir sealadach agus an gcomhlíonann sé na ceanglais sin ina dhlúthchuid den chinneadh an riarthóir sealadach sin a cheapadh.

2. Sonróidh BCE cumhachtaí an riarthóra shealadaigh tráth a cheaptha ar bhonn a bhfuil comhréireach sna himthosca. Féadfaidh cuid de chumhachtaí chomhlacht bainistíochta an eintitis faoi reachtanna an eintitis agus faoin dlí náisiúnta, nó iad go léir, a bheith san áireamh leis na cumhachtaí sin, lena n-áirítear an chumhacht chun roinnt feidhmeanna riaracháin de chuid chomhlacht bainistíochta an eintitis, nó iad go léir, a fheidhmiú. Beidh cumhachtaí an riarthóra shealadaigh maidir leis an eintiteas i gcomhréir leis an dlí cuideachtaí is infheidhme. Féadfaidh BCE na cumhachtaí sin a choigeartú i gcás ina dtiocfaidh athrú ar na himthosca.

3. Sonróidh BCE ról agus feidhmeanna an riarthóra shealadaigh tráth a cheaptha. D'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith san áireamh sa ról agus sna feidhmeanna sin:

(a) staid airgeadais an eintitis a fhionnadh;

(b) gnó nó cuid de ghnó an eintitis a bhainistiú chun a staid airgeadais a chaomhnú nó a athbhunú;

(c) bearta a dhéanamh chun bainistíocht fhónta stuama ghnó an eintitis a athbhunú;

(d) a áirithiú go gcomhlíonfaidh an t-eintiteas aon cheanglas de bhun Airteagal 13c(3), an dara fomhír, (4), an chéad fhomhír, nó (5).

Sonróidh BCE aon teorainn le ról agus feidhmeanna an riarthóra shealadaigh tráth a cheaptha.

4. Beidh an chumhacht eisiach ag BCE chun aon riarthóir sealadach a cheapadh agus a chur as oifig. Féadfaidh BCE riarthóir sealadach a chur as oifig aon tráth agus ar chúis ar bith. Féadfaidh BCE téarmaí ceapacháin an riarthóra shealadaigh a athrú aon tráth faoi réir an Airteagail seo.

5. Féadfaidh BCE a cheangal ar an riarthóir sealadach toiliú a fháil roimh ré ó BCE le haghaidh gníomhartha áirithe. Sonróidh BCE aon cheanglas mar sin agus an riarthóir sealadach á cheapadh nó tráth a dhéantar aon athrú ar théarmaí ceapacháin an riarthóra shealadaigh.

   In aon chás, féadfaidh an riarthóir sealadach an chumhacht cruinniú ginearálta de scairshealbhóirí an eintitis a thionól agus clár an chruinnithe sin a shocrú, ar an gcoinníoll go bhfaigheann sé toiliú roimh ré ó BCE.

6. Arna iarraidh sin do BCE, déanfaidh an riarthóir sealadach tuarascálacha a tharraingt suas maidir le staid airgeadais an eintitis agus maidir leis na gníomhartha a rinneadh le linn thréimhse a shainordaithe, ag eatraimh arna socrú ag BCE. Déanfaidh an riarthóir sealadach, in aon chás, an tuarascáil sin a tharraingt suas ag deireadh a shainordaithe.

7. Ceapfar an riarthóir sealadach ar feadh bliain amháin ar a mhéad. Féadfaidh BCE, ar bhonn eisceachtúil, síneadh a chur leis an tréimhse sin uair amháin ar feadh tréimhse atá comhréireach leis na himthosca má leantar de na coinníollacha maidir le ceapadh an riarthóra shealadaigh a chomhlíonadh.
   Beidh BCE freagrach as a chinneadh an bhfuil na coinníollacha sin á gcomhlíonadh agus as údar a thabhairt do na scairshealbhóirí i dtaca le haon síneadh a chuirfear le sainordú an riarthóra shealadaigh.

8. Faoi réir an Airteagail seo, ní dhéanfar dochar do chearta na scairshealbhóirí a leagtar síos i ndlí an Aontais nó sa dlí cuideachtaí náisiúnta trí riarthóir sealadach a cheapadh.

9. Ní mheasfar gur scáthstiúrthóir nó stiúrthóir *de facto* den eintiteas lena mbaineann faoin dlí náisiúnta é riarthóir sealadach arna cheapadh i gcomhréir le míreanna 1 go 8.

*Airteagal 13c*
*Ullmhú don réiteach*

1. Maidir leis na heintitis agus na grúpaí dá dtagraítear in Airteagal 7(2), agus na heintitis agus na grúpaí dá dtagraítear in Airteagal 7(4), pointe (b), agus Airteagal 7(5) i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha maidir leis na forálacha sin a chur i bhfeidhm, tabharfaidh BCE nó údaráis inniúla náisiúnta fógra don Bhord gan mhoill maidir leis an méid seo a leanas:

(a) aon cheann de na bearta dá dtagraítear in Airteagal 16(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013, Airteagal 104(1) de Threoir 2013/36/AE nó in Airteagal 39(2) de Threoir (AE) 2019/2034 a dhéanann siad nó a cheanglaíonn siad ar eintiteas nó ar ghrúpa a dhéanamh;

(b) go gcomhlíontar, mar is léir ó ghníomhaíocht mhaoirseachta, na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 13(1) den Rialachán seo nó in Airteagal 27(1) de Threoir 2014/59/AE i ndáil le heintiteas nó grúpa, gan beann ar chur i bhfeidhm aon bhirt luath-idirghabhála;

(c) cur i bhfeidhm aon cheann de na bearta luath-idirghabhála dá dtagraítear in Airteagal 13 den Rialachán seo nó in Airteagal 27 de Threoir 2014/59/AE.

Cuirfidh an Bord an Coimisiún ar an eolas faoi aon fhógra a bheidh faighte aige de bhun na chéad fhomhíre.

Déanfaidh BCE nó an t-údarás inniúil náisiúnta ábhartha dlúthfhaireachán, i ndlúthchomhar leis an mBord, ar staid na n-eintiteas agus na ngrúpaí dá dtagraítear sa chéad fhomhír agus ar a mhéid a chomhlíon siad na bearta dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointe (a), arb é is aidhm dóibh aghaidh a thabhairt ar an meath ar staid na n-eintiteas agus na ngrúpaí sin agus ar na bearta luath-idirghabhála dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointe (c).

2. Tabharfaidh BCE nó an t-údarás inniúil náisiúnta ábhartha fógra don Bhord a luaithe is féidir i gcás ina measfaidh siad go bhfuil riosca ábhartha ann go mbeadh feidhm ag ceann amháin nó níos mó de na himthosca dá dtagraítear in Airteagal 18(4) maidir le heintiteas dá dtagraítear in Airteagal 7(2), nó maidir le heintiteas dá dtagraítear in Airteagal 7(4), pointe (b), agus in Airteagal 7(5) i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha chun na forálacha sin a chur i bhfeidhm. Beidh an méid a leanas san fhógra sin:

(a) na cúiseanna a bhfuil fógra á thabhairt;

(b) forléargas ar na bearta atá á mbreithniú lena gcuirfí cosc ar theip an eintitis lena mbaineann laistigh de thréimhse ama réasúnta, an tionchar a mheastar a bheidh acu ar an eintiteas a mhéid a bhaineann leis na himthosca dá dtagraítear in Airteagal 18(4) agus an tréimhse a bhfuil coinne léi chun na bearta sin a chur chun feidhme.

Tar éis dó an fógra dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a fháil, déanfaidh an Bord measúnú, i ndlúthchomhar le BCE nó leis an údarás inniúil náisiúnta ábhartha, ar cad is tréimhse ama réasúnta ann chun measúnú a dhéanamh ar an gcoinníoll dá dtagraítear in Airteagal 18(1), pointe (b), agus aird á tabhairt ar luas an mheatha ar staid an eintitis, ar an ngá atá leis an straitéis réitigh a chur chun feidhme go héifeachtach, agus ar aon bhreithniú eile atá ábhartha don chás. Féadfaidh an Bord, aon tráth, athmheasúnú a dhéanamh ar an gcreat ama agus é a chur in oiriúint d'imthosca an cháis. Cuirfidh an Bord an measúnú nó an t-athmheasúnú sin in iúl do BCE nó don údarás inniúil náisiúnta ábhartha a luaithe is féidir.

Tar éis an fógra dá dtagraítear sa chéad fhomhír a fháil, déanfaidh BCE nó an t-údarás inniúil náisiúnta ábhartha agus an Bord, i ndlúthchomhar le chéile, faireachán ar staid an eintitis, ar chur chun feidhme na mbeart ábhartha laistigh den tréimhse ama ionchasach agus ar aon fhorbairtí ábhartha eile. Chun na críche sin, tiocfaidh BCE nó an t-údarás inniúil náisiúnta ábhartha agus an Bord le chéile go tráthrialta, le minicíocht atá le cinneadh ag an mBord agus aird á tabhairt ar imthosca an cháis. Déanfaidh BCE nó an t-údarás inniúil náisiúnta ábhartha agus an Bord aon fhaisnéis ábhartha a sholáthar dá chéile gan mhoill.

Tabharfaidh an Bord fógra don Choimisiún faoi aon fhaisnéis a bheidh faighte aige de bhun na chéad fhomhíre.

3. Soláthróidh BCE nó an t-údarás inniúil náisiúnta ábhartha an fhaisnéis uile a iarrfaidh an Bord don Bhord, ar faisnéis í atá riachtanach le haghaidh aon cheann de na gníomhaíochtaí seo a leanas:

(a) an plean réitigh a thabhairt cothrom le dáta agus ullmhú le haghaidh réiteach féideartha eintitis dá dtagraítear in Airteagal 7(2), nó eintitis dá dtagraítear in Airteagal 7(4), pointe (b), agus Airteagal 7(5) i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha maidir le cur i bhfeidhm na bhforálacha sin;

(b) an luacháil dá dtagraítear in Airteagal 20(1) go (15) a dhéanamh.

I gcás nach bhfuil an fhaisnéis sin ar fáil cheana féin do BCE nó do na húdaráis inniúla náisiúnta, comhoibreoidh an Bord agus BCE agus na húdaráis inniúla náisiúnta sin agus comhordóidh siad chun an fhaisnéis sin a fháil. Chun na críche sin, beidh sé de chumhacht ag BCE, ag an mBord, trí na húdaráis réitigh náisiúnta nó go díreach, tar éis iad a chur ar an eolas, agus ag na húdaráis inniúla náisiúnta a cheangal ar an eintiteas an fhaisnéis sin a sholáthar, lena n-áirítear trí chigireachtaí ar an láthair, agus an fhaisnéis sin a sholáthar dá chéile.

4. Beidh sé de chumhacht ag an mBord, trí na húdaráis réitigh náisiúnta nó go díreach, tar éis dó iad a chur ar an eolas, margú a dhéanamh do cheannaitheoirí ionchasacha don eintiteas dá dtagraítear in Airteagal 7(2), nó don eintiteas dá dtagraítear in Airteagal 7(4), pointe (b), agus in Airteagal 7(5) i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha chun na forálacha sin a chur i bhfeidhm, chun socruithe a dhéanamh maidir leis an margú sin, nó chun ceangal a chur ar an eintiteas é sin a dhéanamh, chun na gcríoch seo a leanas:

(a) ullmhú do réiteach an eintitis sin, faoi réir na gcritéar a leagtar síos in Airteagal 39(2) de Threoir 2014/59/AE agus na gceanglas maidir le rúndacht ghairmiúil a leagtar síos in Airteagal 88 den Rialachán seo;

(b) an measúnú a dhéanfaidh an Bord ar an gcoinníoll dá dtagraítear in Airteagal 18(1), pointe (b), den Rialachán seo.

I gcás ina gcinneann an Bord, i bhfeidhmiú na cumhachta dá dtagraítear sa chéad fhomhír, an t-eintiteas a mhargú go díreach le ceannaitheoirí ionchasacha, tabharfaidh sé aird chuí ar imthosca an cháis, go háirithe ar aon bhearta coisctheacha a d’fhéadfadh scéim ráthaithe taiscí a dhéanamh nó aon bhearta a d’fhéadfadh SCI a dhéanamh, agus ar an tionchar a d’fhéadfadh a bheith ag feidhmiú na cumhachta sin ar staid foriomlán an eintitis.

5. Beidh an chumhacht ag an mBord a cheangal ar an údarás réitigh náisiúnta ábhartha an méid seo a leanas a dhéanamh:

   (a) a cheangal ar an eintiteas lena mbaineann na socruithe is gá a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear ardán digiteach, chun faisnéis a chomhroinnt le ceannaitheoirí ionchasacha nó le comhairleoirí agus luachálaithe atá fostaithe ag an mBord;

   (b) réamhscéim réitigh a dhréachtú don eintiteas lena mbaineann.

   I gcás ina bhfeidhmíonn an Bord a chumhacht faoin gcéad fhomhír, pointe (a), den mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 88.

6. Ní bheidh an réamhfhógra ó BCE nó ón údarás inniúil náisiúnta ábhartha i gcomhréir le mír 1, an chéad fhomhír, ina choinníoll riachtanach don Bhord chun ullmhú do réiteach an eintitis nó chun na cumhachtaí dá dtagraítear i míreanna 3, 4 agus 5 a fheidhmiú.

7. Déanfaidh an Bord an Coimisiún, BCE, na húdaráis inniúla náisiúnta ábhartha agus na húdaráis réitigh náisiúnta ábhartha a chur ar an eolas maidir le haon ghníomh a dhéantar de bhun mhíreanna 3, 4 agus 5 gan mhoill.

8. Comhoibreoidh BCE, na húdaráis inniúla náisiúnta ábhartha, an Bord agus na húdaráis réitigh náisiúnta ábhartha go dlúth le chéile sna cásanna seo a leanas:

(a) agus breithniú á dhéanamh ar na bearta dá dtagraítear i mír 1, an chéad fhomhír, pointe (a), a dhéanamh arb é is aidhm dóibh aghaidh a thabhairt ar mheath ar staid eintitis nó grúpa, agus ar na bearta dá dtagraítear i mír 1, an chéad fhomhír, pointe (c);

(b) agus breithniú á dhéanamh ar aon cheann de na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i míreanna 3, 4 agus 5;

(c) le linn chur chun feidhme na ngníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (a) agus i bpointe (b) den fhomhír seo.

Áiritheoidh BCE, na húdaráis inniúla náisiúnta ábhartha, an Bord agus na húdaráis réitigh náisiúnta ábhartha go mbeidh na bearta agus na gníomhaíochtaí sin comhsheasmhach, comhordaithe agus éifeachtach.

9. Féadfaidh an Bord treoir a thabhairt do na húdaráis réitigh náisiúnta na cumhachtaí dá dtagraítear in Airteagal 84b(1) de Threoir 2014/59/AE a fheidhmiú. Déanfaidh na húdaráis réitigh náisiúnta treoracha an Bhoird a chur chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 29 den Rialachán seo.';

(18) in Airteagal 14(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

‘(c) cistí poiblí a chosaint tríd an spleáchas ar thacaíocht airgeadais phoiblí urghnách a íoslaghdú, go háirithe nuair a sholáthraítear í ó bhuiséad Ballstáit;’;

(19) in Airteagal 16, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Déanfaidh an Bord gníomhaíocht réitigh i ndáil le máthairghnóthas dá dtagraítear in Airteagal 2, pointe (b), agus breithniú á dhéanamh aige ar an ngá atá leis an straitéis réitigh a chur chun feidhme go héifeachtach, i gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 18(1).

Chun gníomhaíocht réitigh a dhéanamh, measfar go bhfuil máthairghnóthas dá dtagraítear in Airteagal 2, pointe (b), i mbéal teipthe nó gur dóigh dó teip in aon cheann de na himthosca seo a leanas:

(a) comhlíonann an máthairghnóthas ceann amháin nó níos mó de na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 18(4), pointe (b), (c) nó (d);

(b) sáraíonn an máthairghnóthas go hábhartha nó tá eilimintí oibiachtúla ann a léiríonn go sáróidh an máthairghnóthas go hábhartha, go luath amach anseo, na ceanglais is infheidhme a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 nó sna forálacha náisiúnta lena dtrasuitear Treoir 2013/36/AE.’;

(20) leasaítear Airteagal 18 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1, 1a, 2 agus 3:

‘1. Glacfaidh an Bord scéim réitigh de bhun mhír 6 den Airteagal seo i ndáil leis na heintitis dá dtagraítear in Airteagal 7(2), agus leis na heintitis dá dtagraítear in Airteagal 7(4), pointe (b), agus in Airteagal 7(5) i gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha maidir le cur i bhfeidhm na bhforálacha sin, ach amháin nuair a chinnfidh sé ina sheisiún feidhmiúcháin, tar éis dó teachtaireacht a fháil de bhun an dara fomhír, nó ar a thionscnamh féin, agus ag cur san áireamh gur gá an straitéis réitigh a chur chun feidhme go héifeachtach, go gcomhlíonfar na coinníollacha uile seo a leanas:

(a) tá an t-eintiteas i mbéal teipthe nó is dóigh dó teip;

(b) ag féachaint d’uainiú agus d’imthosca ábhartha eile, níl aon ionchas réasúnach ann go gcuirfeadh aon bhearta malartacha ón earnáil phríobháideach, lena n-áirítear bearta ó SCI, bearta coisctheacha dá dtagraítear in Airteagal 11(3) de Threoir 2014/49/AE, gníomhaíocht mhaoirseachta, bearta luath-idirghabhála, nó díluacháil nó comhshó ionstraimí caipitil ábhartha agus dliteanas incháilithe dá dtagraítear in Airteagal 21(1) den Rialachán seo, a dhéanfaí i leith an eintitis, cosc ar theip an eintitis laistigh de thréimhse ama réasúnta;

(c) tá gá le gníomhaíocht réitigh ar mhaithe le leas an phobail de bhun mhír 5.

Is é BCE a dhéanfaidh an measúnú ar an gcoinníoll dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointe (a), den mhír seo, i gcás na n-eintiteas dá dtagraítear in Airteagal 7(2), pointe (a), nó is é an t-údarás inniúil náisiúnta ábhartha a dhéanfaidh é maidir leis na heintitis dá dtagraítear in Airteagal 7(2), pointe (b), Airteagal 7(3), an dara fomhír, Airteagal 7(4), pointe (b), agus Airteagal 7(5), tar éis dó dul i gcomhairle leis an mBord. Ní fhéadfaidh an Bord, ina sheisiún feidhmiúcháin, an measúnú sin a dhéanamh ach amháin tar éis dó a chur in iúl do BCE nó don údarás inniúil náisiúnta ábhartha go bhfuil rún aige an measúnú sin a dhéanamh agus sa chás amháin nach ndéanann BCE nó an t-údarás inniúil náisiúnta ábhartha féin an measúnú sin laistigh de thrí lá féilire tar éis dó an fhaisnéis sin a fháil. Déanfaidh BCE nó an t-údarás inniúil náisiúnta ábhartha, gan mhoill, aon fhaisnéis ábhartha a iarrann an Bord a sholáthar don Bhord chun a mheasúnú a dhéanamh, sula gcuirfidh an Bord in iúl dó, nó ina dhiaidh sin, faoin rún atá aige an measúnú a dhéanamh ar an gcoinníoll dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointe (a), den mhír seo.

I gcás ina measfaidh BCE nó an t-údarás inniúil náisiúnta ábhartha go bhfuil an coinníoll dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointe (a), á chomhlíonadh i ndáil le heintiteas dá dtagraítear sa chéad fhomhír, cuirfidh sé an measúnú sin in iúl don Choimisiún agus don Bhord gan mhoill.

Is é an Bord, ina sheisiún feidhmiúcháin agus i ndlúthchomhar le BCE nó leis an údarás inniúil náisiúnta ábhartha, a dhéanfaidh an measúnú ar an gcoinníoll dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointe (b). Déanfaidh BCE nó an t-údarás inniúil náisiúnta ábhartha aon fhaisnéis ábhartha a iarrann an Bord a sholáthar don Bhord gan mhoill chun a mheasúnú a dhéanamh. Féadfaidh BCE nó an t-údarás inniúil náisiúnta ábhartha a chur in iúl don Bhord freisin go measann sé go bhfuil an coinníoll a leagtar síos sa chéad fhomhír, pointe (b), á chomhlíonadh.

Agus measúnú á dhéanamh ar na coinníollacha dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointí (a) agus (b), lorgóidh BCE, an t-údarás inniúil náisiúnta ábhartha nó an Bord an fhaisnéis is déanaí atá ar fáil ón scéim ráthaithe taiscí nó, i gcás inarb ábhartha, ón SCI a bhfuil an t-eintiteas ina chomhalta de, a bheadh ábhartha don mheasúnú sin, lena n-áirítear an féidir leis an scéim ráthaithe taiscí nó leis an SCI an teip a chosc.

1a. Féadfaidh an Bord scéim réitigh a ghlacadh i gcomhréir le mír 1 i ndáil le comhlacht lárnach agus i ndáil leis na hinstitiúidí creidmheasa nó na hinstitiúidí airgeadais uile atá buanchleamhnaithe leis ar cuid den ghrúpa réitigh céanna iad i gcás ina gcomhlíonann an comhlacht lárnach agus na hinstitiúidí creidmheasa nó na hinstitiúidí airgeadais uile atá buanchleamhnaithe leis, nó an grúpa réitigh lena mbaineann siad, na coinníollacha a leagtar síos sa chéad fhomhír de mhír 1 ina n-iomláine.

2. Gan dochar do chásanna ina bhfuil cinneadh déanta ag BCE cúraimí maoirseachta díreacha a fheidhmiú a bhaineann le hinstitiúidí creidmheasa de bhun Airteagal 6(5), pointe (b), de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013, i gcás teachtaireacht a fháil de bhun mhír 1 den Airteagal seo maidir le heintiteas nó grúpa dá dtagraítear in Airteagal 7(3) den Rialachán seo, cuirfidh an Bord a mheasúnú dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, an ceathrú fomhír, den Airteagal seo, in iúl do BCE nó don údarás inniúil náisiúnta ábhartha gan mhoill.

3. Beart a bheith glactha roimhe seo de bhun Airteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013, Airteagal 27 de Threoir 2014/59/AE, Airteagal 13 den Rialachán seo nó Airteagal 104 de Threoir 2013/36/AE, ní coinníoll a bheidh ann maidir le gníomhaíocht réitigh a ghlacadh.';

(b) leasaítear mír 4 mar a leanas:

(i) sa chéad fhomhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

'(d) tá gá le tacaíocht airgeadais phoiblí urghnách seachas i gcás ina ndeonaítear tacaíocht mar sin i gceann de na foirmeacha dá dtagraítear in Airteagal 18a(1).';

(ii) scriostar an dara fomhír, an tríú fomhír agus an ceathrú fomhír;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

‘5. Chun críocha mhír 1, an chéad fhomhír, pointe (c), ní bheidh gá le gníomhaíocht réitigh chun leasa an phobail má chinneann an Bord nach mbeadh aon cheann de na cuspóirí réitigh i mbaol i gcás ina bhfoirceanntar an t-eintiteas faoi ghnáthimeachtaí dócmhainneachta.

Má chineann an Bord go mbeadh ceann amháin nó níos mó de na cuspóirí réitigh i mbaol i gcás ina ndéantar an t-eintiteas a fhoirceannadh faoi ghnáthimeachtaí dócmhainneachta, cinnfidh an Bord go bhfuil gá le gníomhaíocht réitigh chun leasa an phobail i gcás ina bhfuil gá leis an ngníomhaíocht réitigh chun ceann amháin nó níos mó de na cuspóirí réitigh a bhaint amach agus go bhfuil sí comhréireach leis sin agus i gcás nach gcomhlíonfadh foirceannadh an eintitis faoi ghnáthimeachtaí dócmhainneachta na cuspóirí réitigh atá i mbaol ar bhealach níos éifeachtaí.

Agus an measúnú dá dtagraítear sa chéad fhomhír á dhéanamh aige, déanfaidh an Bord, ar bhonn na faisnéise a bheidh ar fáil dó tráth an mheasúnaithe sin, aon tacaíocht airgeadais phoiblí urghnách is féidir a bheith ag súil leis go réasúnach a dheonú don eintiteas a mheas agus a chur i gcomparáid, i gcás réitigh agus i gcás foirceannadh i gcomhréir leis an dlí náisiúnta is infheidhme.

Agus an measúnú dá dtagraítear sa dara fomhír á dhéanamh aige, cuirfidh an Bord san áireamh na costais réitigh agus na gnáthimeachtaí dócmhainneachta agus féachfaidh sé le scriosadh luacha a íoslaghdú agus a sheachaint, mura gá sin chun na cuspóirí réitigh a bhaint amach.';

(d) i mír 7, cuirtear an méid seo a leanas isteach in ionad an dara fomhír:

'Laistigh de 24 uair an chloig ón tráth a tharchuirfidh an Bord an scéim réitigh, formhuineoidh an Coimisiún an scéim réitigh nó cuirfidh sé ina haghaidh, maidir le gnéithe lánroghnacha na scéime réitigh sna cásanna nach gcumhdaítear sa tríú fomhír den mhír seo nó maidir leis an úsáid atá beartaithe a bhaint as Státchabhair nó as cabhair ón gCiste nach meastar a bheith comhoiriúnach leis an margadh inmheánach.';

(e) cuirtear na míreanna seo a leanas isteach:

'11. I gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha dá dtagraítear i mír 1,an chéad fhomhír, pointí (a) agus (b), den Airteagal seo, féadfaidh an Bord treoir a thabhairt do na húdaráis réitigh náisiúnta na cumhachtaí a fheidhmiú faoin dlí náisiúnta lena dtrasuitear Airteagal 33a de Threoir 2014/59/AE, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos sa dlí náisiúnta. Déanfaidh na húdaráis réitigh náisiúnta treoracha an Bhoird a chur chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 29 den Rialachán seo.

12. Féadfaidh an Bord treoir a thabhairt do na húdaráis réitigh náisiúnta na cumhachtaí dá dtagraítear in Airteagal 84b(2) de Threoir 2014/59/AE a fheidhmiú. Déanfaidh na húdaráis réitigh náisiúnta treoracha an Bhoird a chur chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 29 den Rialachán seo.';

(21) cuirtear isteach an t-airteagal seo a leanas:

*‘Airteagal 18a*
*Tacaíocht airgeadais phoiblí urghnách*

1. Féadfar tacaíocht airgeadais phoiblí urghnách lasmuigh de ghníomhaíocht réitigh a dheonú d’eintiteas dá dtagraítear in Airteagal 2, ar bhonn eisceachtúil, ar choinníoll go gcomhlíonann an tacaíocht airgeadais phoiblí urghnách na coinníollacha agus na ceanglais a bhunaítear i gcreat Státchabhrach an Aontais, sna cásanna seo a leanas amháin:

(a) chun suaitheadh tromchúiseach de chineál eisceachtúil nó sistéamach i ngeilleagar Ballstáit a leigheas agus chun cobhsaíocht airgeadais a chaomhnú, i gcás ina mbeidh an tacaíocht airgeadais phoiblí urghnách sin ann in aon cheann de na foirmeacha a leanas:

(i) ráthaíocht Stáit chun tacaíocht a thabhairt do shaoráidí leachtachta arna gcur ar fáil ag bainc cheannais i gcomhréir le coinníollacha na mbanc ceannais;

(ii) ráthaíocht Stáit maidir le dliteanais nua-eisithe;

(iii) ionstraimí cistí dílse seachas ionstraimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1 nó ionstraimí caipitil eile a fháil, nó bearta sócmhainní bearnaithe a úsáid, ar phraghsanna, ar fhad agus ar théarmaí eile nach dtugann buntáiste míchuí don eintiteas lena mbaineann, sa chás nach ann d’aon cheann de na himthosca dá dtagraítear in Airteagal 18(4), pointe (a), (b) nó (c), nó in Airteagal 21(1) tráth a dheonaítear an tacaíocht phoiblí;

(b) i gcás ina mbeidh an tacaíocht airgeadais phoiblí urghnách i bhfoirm idirghabhála ó scéim ráthaithe taiscí, dá dtagraítear in Airteagal 11(3) de Threoir 2014/49/AE;

(c) i gcás ina mbeidh an tacaíocht airgeadais phoiblí urghnách i bhfoirm idirghabhála ó scéim ráthaithe taiscí, dá dtagraítear in Airteagal 11(5) de Threoir 2014/49/AE;

(d) i gcás ina mbeidh an tacaíocht airgeadais phoiblí urghnách i bhfoirm Státchabhrach arna deonú d'eintiteas dá dtagraítear in Airteagal 32b de Threoir 2014/59/AE, seachas an tacaíocht arna deonú ag scéim ráthaithe taiscí de bhun Airteagal 11(5) de Threoir 2014/49/AE.

2. Comhlíonfaidh na bearta tacaíochta dá dtagraítear i mír 1, pointe (a), an méid seo a leanas ar fad:

(a) bearta a bheidh teoranta d'eintitis shócmhainneacha, mar a dhearbhaigh BCE nó an t-údarás inniúil náisiúnta ábhartha;

(b) beidh siad de chineál réamhchúramach agus sealadach agus bunaithe ar straitéis réamhshainithe, arna formheas ag BCE nó ag an údarás inniúil náisiúnta ábhartha, chun imeacht ó na bearta tacaíochta, lena n-áirítear dáta foirceanta, dáta díola nó sceideal aisíocaíochta a shonraítear go soiléir le haghaidh gach ceann de na bearta sin;

(c) beidh siad comhréireach chun iarmhairtí an tsuaite thromchúisigh i ngeilleagar Ballstáit de chineál eisceachtúil nó sistéamach a leigheas agus chun cobhsaíocht airgeadais a chaomhnú; agus

(d) ní úsáidfear iad chun caillteanais atá tabhaithe ag an eintiteas, nó ar dócha go dtabhóidh sé iad, le linn an 12 mhí ina dhiaidh sin ar a laghad a fhritháireamh.

Ní nochtfar an straitéis réamhshainithe dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointe (b), den mhír seo go dtí go n-imeoidh an t-eintiteas ó na bearta tacaíochta lena mbaineann, nó go dtí go mbeidh an measúnú dá dtagraítear i mír 6, an dara fomhír, den Airteagal seo curtha i gcrích, faoi réir oibleagáidí neamh-inmhoillithe maidir le nochtadh dá dtagraítear in Airteagal 17 de Rialachán (AE) Uimh. 596/2014.

3. Chun críocha mhír 2, an chéad fhomhír, pointe (a), den Airteagal seo, i gcás ina mbeidh an tacaíocht airgeadais phoiblí urghnách i bhfoirm na mbeart tacaíochta dá dtagraítear i mír 1, pointí (a)(ii) agus (iii), den Airteagal seo, measfar institiúid nó eintiteas a bheith sócmhainneach i gcás ina gcinnfidh an t-údarás inniúil nár tharla aon sárú, nó nach dóigh dó tarlú sa 12 mhí ina dhiaidh sin, bunaithe ar ionchais reatha, ar aon cheann de na ceanglais dá dtagraítear in Airteagal 92(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, Airteagal 104a de Threoir 2013/36/AE, Airteagal 11(1) de Rialachán (AE) 2019/2033, Airteagal 40 de Threoir (AE) 2019/2034 nó ar na ceanglais ábhartha is infheidhme faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta.

Agus measúnú á dhéanamh an ndearnadh sárú ar na ceanglais dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo, déanfaidh BCE nó an t-údarás inniúil náisiúnta ábhartha neamhaird d’aon sáruithe atá leigheasta go héifeachtach faoi thráth an mheasúnaithe. I gcás ina gcinnfidh BCE nó an t-údarás inniúil náisiúnta ábhartha gur dócha go ndéanfar sárú amach anseo ar na ceanglais dá dtagraítear in Airteagal 104a de Threoir 2013/36/AE nó in Airteagal 40 de Threoir (AE) 2019/2034 sa 12 mhí ina dhiaidh sin, féadfaidh sé a mheas go heisceachtúil go bhfuil eintiteas sócmhainneach i gcás ina gcinnfidh sé go mbeidh an sárú de chineál gearrthéarmach agus go bhfuil bearta feabhsúcháin éifeachtacha chun aghaidh a thabhairt air beartaithe ag an eintiteas agus go mbeidh measúnú déanta ag BCE nó ag an údarás inniúil náisiúnta ábhartha orthu mar bhearta inchreidte tráth an mheasúnaithe.

4. Chun críocha mhír 2, an chéad fhomhír, pointe (d), déanfaidh BCE nó an t-údarás inniúil náisiúnta ábhartha na caillteanais atá tabhaithe ag an eintiteas nó ar dócha go dtabhóidh sé iad a chainníochtú. Beidh an cainníochtú sin bunaithe ar athbhreithnithe ar cháilíocht sócmhainní arna ndéanamh ag BCE, ag ÚBE nó ag údaráis náisiúnta nó, i gcás inarb iomchuí, ar chigireachtaí ar an láthair arna ndéanamh ag BCE nó ag an údarás inniúil náisiúnta ábhartha. I gcás nach féidir na hathbhreithnithe nó na cigireachtaí sin a dhéanamh laistigh de thréimhse ama réasúnta, féadfaidh BCE nó an t-údarás inniúil náisiúnta ábhartha an cainníochtú a bhunú ar chlár comhardaithe an eintitis, ar choinníoll go gcomhlíonann an clár comhardaithe na rialacha agus na caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, arna ndeimhniú ag iniúchóir seachtrach neamhspleách. Déanfar an cainníochtú chomh gar agus is féidir don dáta a dheonaítear na bearta tacaíochta agus trí úsáid a bhaint as an bhfaisnéis is déanaí atá ar fáil do BCE nó don údarás inniúil náisiúnta ábhartha.

5. Beidh na bearta tacaíochta dá dtagraítear i mír 1, pointe (a)(iii), teoranta do bhearta a mheas BCE nó an t-údarás inniúil náisiúnta a bheith riachtanach chun sócmhainneacht an eintitis a chaomhnú trí aghaidh a thabhairt ar a easnamh caipitil arna shuíomh i gcás ina mbeidh toradh diúltach ar thástálacha struis náisiúnta, tástálacha struis de chuid an Aontais nó tástálacha struis ar fud an tsásra aonair maoirseachta, nó cleachtaí coibhéiseacha arna ndéanamh ag BCE, ÚBE nó údaráis náisiúnta, i gcás inarb infheidhme, arna ndeimhniú ag BCE nó ag an údarás inniúil ábhartha.

De mhaolú ar mhír 1, pointe (a)(iii), den Airteagal seo, ceadófar, ar bhonn eisceachtúil, ionstraimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1 a fháil i gcás gurb amhlaidh, toisc cineál an easnaimh arna shainaithint, nach bhfágfadh fáil aon ionstraime cistí dílse eile nó aon ionstraime caipitil eile go mbeadh an t-eintiteas lena mbaineann in ann aghaidh a thabhairt ar an easnamh caipitil arna shuíomh ina mbeadh toradh diúltach ar thástáil struis ábhartha nó ar chleachtadh coibhéiseach. Ní bheidh méid ionstraimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1 a fuarthas níos mó ná 2 % de mhéid iomlán na neamhchosanta ar riosca atá ag an eintiteas lena mbaineann, méid arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 92(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.

In imthosca eisceachtúla, féadfaidh BCE nó an t-údarás inniúil náisiúnta ábhartha cead a thabhairt an teorainn 2 % a shárú i gcás inar léirigh sé go bhfuil sé riachtanach agus iomchuí chun na bearta tacaíochta a chur chun feidhme, agus imthosca sonracha an cháis á gcur san áireamh. Beidh méid an tsáraithe ar mhéid nach mbeidh aon riosca ag baint leis i dtaobh cur i gcrích tráthúil agus inchreidte na straitéise réamhshainithe chun imeacht ó na bearta tacaíochta. Cuirfidh BCE nó an t-údarás inniúil náisiúnta ábhartha an anailís is bunús lena chead ar fáil don Choimisiún chun an teorainn 2 % a shárú chun críocha aon mheasúnaithe fhéideartha ar státchabhair.

6. I gcás nach ndéanfar aon cheann de na bearta tacaíochta dá dtagraítear i mír 1, pointe (a), a fhuascailt, a aisíoc nó a fhoirceannadh ar shlí eile i gcomhréir le téarmaí na straitéise chun imeacht ón mbeart tacaíochta a bunaíodh tráth a deonaíodh beart mar sin, iarrfaidh BCE nó an t-údarás inniúil náisiúnta ábhartha ar an eintiteas plean feabhsúcháin aonuaire a chur isteach. Tabharfar tuairisc sa phlean feabhsúcháin ar na bearta atá le déanamh chun imeacht ón mbeart tacaíochta faoi 2 bhliain agus chun inmharthanacht fhadtéarmach an eintitis a áirithiú. Ní chuirfidh an plean feabhsúcháin srian ar chumhacht BCE ná na n-údarás measúnú nó cinneadh a dhéanamh an bhfuil ag teip ar an eintiteas nó an dócha go dteipfidh air, tráth ar bith.

I gcás nach bhfuil BCE nó an t-údarás inniúil náisiúnta ábhartha sásta go bhfuil an plean feabhsúcháin inchreidte nó indéanta, nó i gcás nach gcomhlíonann an t-eintiteas an plean feabhsúcháin, déanfaidh na húdaráis ábhartha measúnú i dtaobh an bhfuil ag teip ar an eintiteas nó an dócha go dteipfí air.

7. Cuirfidh BCE nó an t-údarás inniúil náisiúnta ábhartha an Bord ar an eolas faoi thorthaí a mheasúnaithe i dtaobh an gcomhlíontar na coinníollacha dá dtagraítear i mír 2, an chéad fhomhír, pointí (a), (b) agus (d), den Airteagal seo maidir leis na heintitis agus na grúpaí dá dtagraítear in Airteagal 7(2) agus maidir leis na heintitis agus na grúpaí dá dtagraítear in Airteagal 7(4), pointe (b), agus Airteagal 7(5) i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha chun na forálacha sin a chur i bhfeidhm.';

(22) leasaítear Airteagal 19 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Más rud é gurb é atá i ngníomhaíocht réitigh Státchabhair a dheonú de bhun Airteagal 107(1) CFAE, nó cabhair ón gCiste a dheonú i gcomhréir le mír 3 den Airteagal seo, ní thiocfaidh an scéim réitigh dá dtagraítear in Airteagal 18(6) den Rialachán seo i bhfeidhm go dtí go mbeidh cinneadh dearfach nó cinneadh coinníollach glactha ag an gCoimisiún nó cinneadh gan agóid a dhéanamh maidir le comhoiriúnacht úsáid na cabhrach sin don mhargadh inmheánach. Glacfaidh an Coimisiún, agus aird á tabhairt aige ar an ngá atá ann go ndéanfaidh an Bord an scéim réitigh a fhorghníomhú go tráthúil, an cinneadh maidir le comhoiriúnacht úsáid na Státchabhrach nó na cabhrach ón gCiste leis an margadh inmheánach faoin tráth a fhormhuineoidh sé an scéim réitigh ar a dhéanaí nó a dhéanfaidh sé agóid ina coinne de bhun Airteagal 18(7), an dara fomhír, den Rialachán seo, nó roimh dhul in éag na tréimhse 24 uair an chloig dá dtagraítear in Airteagal 18(7), an cúigiú fomhír, den Rialachán seo, cibé acu is túisce.

Agus na cúraimí a thugtar dóibh le hAirteagal 18 á gcomhlíonadh acu, beidh socruithe struchtúracha i bhfeidhm ag institiúidí an Aontais lena n-áiritheofar neamhspleáchas oibríochtúil agus lena seachnófar coinbhleachtaí leasa a d'fhéadfadh teacht chun cinn idir na feidhmeanna a chuirtear de chúram orthu na cúraimí sin agus feidhmeanna eile a chomhlíonadh agus poibleoidh siad, ar bhealach iomchuí, an fhaisnéis ábhartha uile maidir lena n-eagrú inmheánach i ndáil leis sin.';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. A luaithe a mheasfaidh an Bord go bhféadfadh sé gur gá an Ciste a úsáid, rachaidh sé i dteagmháil go neamhfhoirmiúil, go pras, agus ar mhodh rúnda leis an gCoimisiún chun an úsáid a d’fhéadfaí a bhaint as an gCiste a phlé, lena n-áirítear gnéithe dlíthiúla agus eacnamaíocha a úsáide. A luaithe a bheidh an Bord sách cinnte go mbeidh úsáid na cabhrach ón gCiste i gceist leis an scéim réitigh atá beartaithe, tabharfaidh an Bord fógra foirmiúil don Choimisiún maidir leis an úsáid a bheartaítear a bhaint as an gCiste. Beidh san fhógra sin an fhaisnéis go léir is gá don Choimisiún chun a mheasúnuithe a dhéanamh de bhun na míre seo, agus atá ina sheilbh ag an mBord nó atá de chumhacht aige a fháil i gcomhréir an Rialachán seo.

A luaithe a fhaightear an fógra dá dtagraítear sa chéad fhomhír, déanfaidh an Coimisiún measúnú an ndéanfadh úsáid an Chiste iomaíocht a shaobhadh nó saobhadh a bhagairt, trí fhabhar a thabhairt don tairbhí nó d’aon ghnóthas eile ionas, sa mhéid go ndéanfadh sé difear don trádáil idir na Ballstáit, go mbeadh sé ar neamhréir leis an margadh inmheánach. Cuirfidh an Coimisiún i bhfeidhm maidir le húsáid an Chiste na critéir a bunaíodh do chur i bhfeidhm na rialacha maidir le Státchabhair mar a chumhdaítear in Airteagal 107 CFAE. Tabharfaidh an Bord don Choimisiún an fhaisnéis atá ina sheilbh, nó faisnéis a bhfuil sé de chumhacht ag an mBord í a fháil i gcomhréir leis an Rialachán seo, agus a mheasfaidh an Coimisiún a bheith riachtanach chun an measúnú sin a dhéanamh.

Agus a mheasúnú á dhéanamh ag an gCoimisiún, beidh sé faoi threoir ag na rialacháin ábhartha uile a ghlactar faoi Airteagal 109 CFAE, ag na teachtaireachtaí, treoraíochtaí agus bearta ábhartha uile a bheidh glactha ag an gCoimisiún i gcur i bhfeidhm rialacha na gConarthaí a bhaineann le Státchabhair de réir mar a bheidh i bhfeidhm nuair a bheidh an measúnú le déanamh. Déanfar na bearta sin a chur i bhfeidhm amhail agus gur tagairtí don Bhord a bhí sna tagairtí don Bhallstát atá freagrach as fógra a thabhairt i dtaobh na cabhrach, agus déanfar aon mhodhnú eile is gá.

Glacfaidh an Coimisiún cinneadh maidir lena chomhoiriúnaí atá úsáid an Chiste don mhargadh inmheánach, agus díreoidh sé an cinneadh sin chuig an mBord agus chuig údaráis réitigh náisiúnta an Bhallstáit nó na mBallstát lena mbaineann. Féadfaidh an cinneadh sin a bheith ag brath ar choinníollacha, ar ghealltanais nó ar geallúintí i leith an tairbhí agus cuirfear san áireamh ann an gá atá le gníomhaíocht réitigh ag an mBord a chur i gcrích go tráthúil.

Féadfar oibleagáidí ar an mBord, ar na húdaráis réitigh náisiúnta sna Ballstáit rannpháirteacha nó sna Ballstáit lena mbaineann nó ar an tairbhí a leagan síos sa chinneadh sin freisin chun go gcumasófar faireachán ar chomhlíonadh an chinnidh. D'fhéadfadh ceanglais maidir le hiontaobhaí nó le duine neamhspleách eile a cheapadh chun cabhrú leis an bhfaireachán a bheith ar áireamh sna ceanglais sin. Féadfaidh iontaobhaí nó duine neamhspleách eile na feidhmeanna sin a d'fhéadfadh a bheith sonraithe sa chinneadh ón gCoimisiún a chomhlíonadh.

Déanfar aon chinneadh de bhun na míre seo a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Féadfaidh an Coimisiún cinneadh diúltach a eisiúint, agus é dírithe chuig an mBord, i gcás ina gcinnfidh sé nach mbeadh úsáid bheartaithe an Chiste comhoiriúnach leis an margadh inmheánach agus nach féidir é a chur chun feidhme san fhoirm atá beartaithe ag an mBord. Ar chinneadh mar sin a fháil, athbhreithneoidh an Bord a scéim réitigh agus ullmhóidh sé scéim réitigh athbhreithnithe.';

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 10:

'10. De mhaolú ar mhír 3, féadfaidh an Chomhairle a chinneadh d'aon toil, ar iarratas a fháil ó Bhallstát nó ón mBord, laistigh de 7 lá tar éis an t-iarratas sin a bheith déanta, go measfar úsáid an Chiste a bheith comhoiriúnach don mhargadh inmheánach más rud é go mbeidh bonn cirt le cinneadh mar sin in imthosca eisceachtúla. Déanfaidh an Coimisiún cinneadh i gcás nach mbeidh cinneadh déanta ag an gComhairle laistigh den tréimhse 7 lá sin.';

(23) leasaítear Airteagal 20 mar a leanas:

(a) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

'8a. I gcás inar gá chun bonn eolais a thabhairt do na cinntí dá dtagraítear i mír 5, pointí (c) agus (d), comhlánóidh an luachálaí an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 7, pointe (c), le meastachán ar luach na sócmhainní agus na ndliteanas lasmuigh den chlár comhardaithe a d'fhéadfadh teacht chun cinn amach anseo mar gheall ar theagmhas éiginnte agus ar na dliteanais arb éiginnte a n-uainiú nó a méid.';

(b) i mír 17, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

‘(a) an chaoi a gcaithfí le scairshealbhóirí agus creidiúnaithe, nó leis na scéimeanna ráthaithe taiscí ábhartha sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 79(1), pointe (a), agus Airteagal 79(6), dá rachadh institiúid faoi réiteach, a ndearnadh an ghníomhaíocht réitigh nó na gníomhaíochtaí réitigh ina leith, i mbun gnáthimeachtaí dócmhainneachta an tráth a rinneadh an cinneadh maidir leis an ngníomhaíocht réitigh;’;

(24) leasaítear Airteagal 21 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 1 mar a leanas:

(i) leasaítear an chéad fhomhír mar a leanas:

– cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

‘Feidhmeoidh an Bord, ag gníomhú dó faoin nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 18, an chumhacht chun ionstraimí caipitil ábhartha agus dliteanais incháilithe dá dtagraítear i mír 7a den Airteagal seo a dhíluacháil nó a chomhshó, maidir leis na heintitis agus na grúpaí dá dtagraítear in Airteagal 7(2), agus maidir leis na heintitis agus na grúpaí dá dtagraítear in Airteagal 7(4), pointe (b), agus Airteagal 7(5) i gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha maidir le cur i bhfeidhm na bhforálacha sin, ach ní dhéanfaidh sé an méid sin ach amháin nuair a chinnfidh sé ina sheisiún feidhmiúcháin, tar éis dó teachtaireacht a fháil de bhun an dara fomhír den mhír seo nó ar a thionscnamh féin agus aird á tabhairt ar an ngá atá leis an gcumhacht díluachála nó chomhshó nó, i gcás inarb infheidhme, an straitéis réitigh don ghrúpa réitigh a chur chun feidhme go héifeachtach, go mbeidh feidhm ag ceann amháin nó níos mó de na himthosca seo a leanas:’;

– cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (e):

‘(e) go n-éileoidh an t-eintiteas nó an grúpa tacaíocht airgeadais phoiblí urghnách, ach amháin i gcás ina ndeonaítear an tacaíocht sin i gceann de na foirmeacha dá dtagraítear in Airteagal 18a.’;

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

‘Is é BCE a dhéanfaidh an measúnú ar na coinníollacha dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointí (a) go (d), den mhír seo, i gcás eintitis dá dtagraítear in Airteagal 7(2), pointe (a), nó is é an t-údarás inniúil náisiúnta ábhartha a dhéanfaidh é i gcás eintitis dá dtagraítear in Airteagal 7(2), pointe (b), Airteagal 7(4), pointe (b), agus Airteagal 7(5), agus is é an Bord, ina sheisiún feidhmiúcháin, i gcomhréir le leithdháileadh na gcúraimí de bhun an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 18(1) agus (2) a dhéanfaidh é.’;

(b) scriostar mír 2;

(c) i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

‘(b) ag féachaint d’uainiú agus d’imthosca ábhartha eile, níl aon ionchas réasúnach ann go gcuirfeadh aon ghníomhaíocht, lena n-áirítear bearta malartacha ón earnáil phríobháideach, gníomhaíocht mhaoirseachta nó bearta luath-idirghabhála, seachas díluacháil nó comhshó ionstraimí caipitil ábhartha, agus dliteanas incháilithe dá dtagraítear i mír 7a, cosc ar theip an eintitis nó an ghrúpa sin laistigh de thréimhse ama réasúnta.’;

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 9:

‘9. I gcás ina gcomhlíonfar ceann amháin nó níos mó de na coinníollacha dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo maidir le heintiteas dá dtagraítear sa mhír sin, agus ina gcomhlíonfar na coinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 18(1) freisin maidir leis an eintiteas sin nó le heintiteas ar cuid den ghrúpa céanna é, beidh feidhm ag an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 18(6), (7) agus (8). Glacfaidh an Bord scéim réitigh aonair lena gcumhdófar an t-eintiteas ar ina leith a chomhlíontar na coinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 18(1) chomh maith le haon eintiteas dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo.’;

(25) in Airteagal 22, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

‘5. I gcás ina n-úsáidtear na huirlisí réitigh dá dtagraítear i mír 2, pointe (a) nó (b), go neamhspleách nó in éineacht le huirlisí réitigh eile, chun gan aistriú a dhéanamh ach ar chuid de shócmhainní, de chearta nó de dhliteanais na hinstitiúide faoi réiteach, déanfar aon eintiteas iarmharach a bheidh fágtha tar éis aistriú na sócmhainní, na gceart nó na ndliteanas, agus tar éis cur i bhfeidhm uirlisí réitigh eile, i gcás inarb ábhartha, a fhoirceannadh ar bhealach ordúil i gcomhréir leis an dlí náisiúnta is infheidhme.

Ní bheidh feidhm ag an gcéad fhomhír den mhír seo i gcás ina gcuirtear an uirlis tarrthála inmheánaí i bhfeidhm maidir le hinstitiúid faoi réiteach chun críoch Airteagal 27(1), pointe (a), in éineacht le huirlisí réitigh eile.

Sna cásanna dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo, i gcás ina mbeadh de thoradh ar an ngníomhaíocht réitigh sin go mbeadh caillteanais le hiompar ag creidiúnaithe nó go ndéanfaí a n-éilimh a chomhshó, féadfaidh an Bord a chinneadh gan an chumhacht a fheidhmiú chun ionstraimí caipitil a dhíluacháil agus a chomhshó i gcomhréir le hAirteagal 21, dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, más rud é go bhfuil na hionstraimí sin le fágáil san eintiteas iarmharach agus go n-áiritheofaí le cur i bhfeidhm na n-uirlisí réitigh dá dtagraítear i mír 2, pointe (a) nó (b), den Airteagal seo, mar aon le foirceannadh an eintitis iarmharaigh, ar bhonn na luachála dá dtagraítear in Airteagal 20, go n-iompróidís caillteanais sula n-iompródh aon chreidiúnaithe eile de chuid na hinstitiúide faoi réiteach iad.';

(26) leasaítear Airteagal 27 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 7:

'7. Ní fhéadfaidh an Ciste ranníocaíocht dá dtagraítear i mír 6 a dhéanamh ach amháin i gcás ina gcomhlíontar gach ceann de na coinníollacha seo a leanas:

(a) go ndearna scairshealbhóirí agus sealbhóirí ionstraimí caipitil ábhartha agus sealbhóirí dliteanas eile ar féidir tarrtháil inmheánach a thabhairt orthu ranníocaíocht de mhéid nach lú ná 8 % de na dliteanais iomlána, lena n-áirítear cistí dílse na hinstitiúide faoi réiteach, le hionsúchán caillteanais agus athchaipitliú, arna tomhas i gcomhréir leis an luacháil dá bhforáiltear in Airteagal 20(1) go (15) den Rialachán seo, trí laghdú, díluacháil nó comhshó de bhun Airteagal 48(1) de Threoir 2014/59/AE agus Airteagal 21(10) den Rialachán seo, agus go ndearna an scéim ráthaithe taiscí amhlaidh de bhun Airteagal 79 den Rialachán seo i gcás inarb ábhartha;

(b) nach mó an ranníocaíocht ón gCiste ná 5 % de na dliteanais iomlána, lena n-áirítear cistí dílse na hinstitiúide faoi réiteach, arna tomhas i gcomhréir leis an luacháil dá bhforáiltear in Airteagal 20(1) go (15).';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 9:

'9. In imthosca urghnácha, féadfaidh an Bord cistiú breise a lorg ó fhoinsí maoinithe eile sa chás:

(a) go ndearna an Ciste ranníocaíocht de bhun mhír 6 agus gur sroicheadh an teorainn 5 % dá dtagraítear i mír 7, pointe (b); agus

(b) go ndearnadh na dliteanais ar fad ar féidir tarrtháil inmheánach a thabhairt orthu nach taiscí incháilithe iad, a rangaítear níos ísle ná na taiscí dá dtagraítear in Airteagal 108(1), an chéad fhomhír, pointe (b), de Threoir 2014/59/AE, agus nár eisiadh ón tarrtháil inmheánach de bhun mhír 5 den Airteagal seo, a dhíluacháil nó a chomhshó ina n-iomláine.';

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 13:

'13. Déanfaidh an Bord measúnú ar bhonn luachála lena gcomhlíontar ceanglais Airteagal 20(1) go (15), an comhiomlán den mhéid seo a leanas:

(a) i gcás inarb ábhartha, an méid faoi nach mór dliteanais ar féidir tarrtháil inmheánach a thabhairt orthu a dhíluacháil lena áirithiú go mbeidh glanluach sócmhainní na hinstitiúide faoi réiteach comhionann le nialas; agus

(b) i gcás inarb ábhartha, an méid faoina gcaithfear dliteanais ar féidir tarrtháil inmheánach a thabhairt orthu a chomhshó ina scaireanna nó ina gcineálacha eile d'ionstraimí caipitil chun cóimheas caipitil Ghnáthchothromas Leibhéal 1 a athbhunú i gcás:

(i) na hinstitiúide faoi réiteach; nó

(ii) na droichead-institiúide.

13a. Leis an measúnú dá dtagraítear i mír 13, suífear an méid faoinar gá dliteanais ar féidir tarrtháil inmheánach a thabhairt orthu a dhíluacháil nó a chomhshó chun na gcríoch seo a leanas:

(a) chun cóimheas caipitil Ghnáthchothromas Leibhéal 1 na hinstitiúide faoi réiteach a athbhunú, nó, i gcás inarb infheidhme, cóimheas na droichead-institiúide a shuíomh, agus aon ranníocaíocht chaipitil ón gCiste de bhun Airteagal 76(1), pointe (d), á cur san áireamh;

(b) chun muinín leordhóthanach sa mhargadh a chothú san institiúid faoi réiteach nó sa droichead-institiúid, agus aon dliteanas a d'fhéadfadh teacht chun cinn amach anseo de bharr teagmhas éiginnte nó dliteanais arb éiginnte a n-uainiú nó a méid nach bhfuil díluacháilte ná comhshóite á chur san áireamh, agus a chur ar chumas na hinstitiúide sin leanúint, ar feadh bliain amháin ar a laghad, de na coinníollacha maidir le húdarú a chomhlíonadh agus leanúint de na gníomhaíochtaí a bhfuil sí údaraithe ina leith faoi Threoir 2013/36/AE nó 2014/65/AE a dhéanamh.

I gcás ina mbeidh sé ar intinn ag an mBord an uirlis deighilte sócmhainní dá dtagraítear in Airteagal 26 a úsáid, déanfar meastachán stuamachta ar riachtanais chaipitil an mheáin bainistíochta sócmhainní a chur san áireamh sa mhéid lena gcaithfear dliteanais ar féidir tarrtháil inmheánach a thabhairt orthu a laghdú, de réir mar is iomchuí.';

(27) leasaítear Airteagal 30 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

'Oibleagáid an chomhair agus malartú faisnéise';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Agus a bhfreagrachtaí faoi seach faoin Rialachán seo á bhfeidhmiú acu, oibreoidh an Bord, an Chomhairle, an Coimisiún, BCE agus na húdaráis réitigh náisiúnta agus na húdaráis inniúla náisiúnta i ndlúthchomhar le chéile, go háirithe le linn chéimeanna na pleanála réitigh, na luath-idirghabhála agus an réitigh de bhun Airteagal 8 go hAirteagal 29. Cuirfidh siad an fhaisnéis uile is gá ar fáil dá chéile chun a gcúraimí faoi seach a chomhlíonadh, lena n-áirítear an fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 2a, 2b agus 2c den Airteagal seo.';

(c) cuirtear na míreanna seo a leanas isteach:

‘2a. Comhoibreoidh an Bord, BERS, ÚBE, ESMA agus ÚEÁPC go dlúth le chéile agus soláthróidh siad dá chéile an fhaisnéis uile is gá chun a gcúraimí faoi seach a chomhlíonadh.

2b. Comhoibreoidh BCE agus comhaltaí eile an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais (CEBC) go dlúth leis an mBord agus déanfaidh siad an fhaisnéis uile is gá chun cúraimí an Bhoird a chomhlíonadh a sholáthar dó, lena n-áirítear an fhaisnéis arna bailiú acu de bhun Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh. Beidh feidhm ag Airteagal 88(6) maidir le gach malartú faisnéise den sórt sin sin.

2c. Comhoibreoidh na húdaráis ainmnithe agus na scéimeanna ráthaithe taiscí go dlúth leis an mBord. Déanfaidh na húdaráis ainmnithe sin, na scéimeanna ráthaithe taiscí sin agus an Bord an fhaisnéis uile is gá chun a gcúraimí faoi seach a chomhlíonadh a sholáthar dá chéile. Beidh na húdaráis ainmnithe agus na scéimeanna ráthaithe taiscí faoi réir cheanglais na rúndachta gairmiúla a leagtar síos in Airteagal 88.’;

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 6 agus 7:

‘6. Féachfaidh an Bord le comhoibriú go dlúth le haon saoráid cúnaimh airgeadais phoiblí, lena n-áirítear an tSaoráid Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais (EFSF) agus an Sásra Cobhsaíochta Eorpach (SCE), go háirithe i ngach ceann de na cásanna seo a leanas:

(a) sna himthosca urghnácha dá dtagraítear in Airteagal 27(9) agus i gcás inar dheonaigh saoráid mar sin cúnamh airgeadais díreach nó indíreach, nó inar dóigh di í a dheonú, d’eintitis atá bunaithe i mBallstát rannpháirteach;

(b) i gcás ina mbeidh socrú airgeadais déanta ag an mBord le haghaidh an Chiste de bhun Airteagal 74.

7. I gcás inar gá, tabharfaidh an Bord meabhrán tuisceana i gcrích le BCE agus le comhaltaí eile CEBC, leis na húdaráis réitigh náisiúnta agus leis na húdaráis inniúla náisiúnta, agus leis na húdaráis ainmnithe agus na scéimeanna ráthaithe taiscí ina mbeidh tuairisc i dtéarmaí ginearálta ar an gcaoi a gcomhoibreoidh siad faoi mhíreanna 2 go 2c agus 4 den Airteagal seo agus faoi Airteagal 74, an dara mír, i gcomhlíonadh a gcúraimí faoi seach faoi dhlí an Aontais. Athbhreithneofar an meabhrán sin go tráthrialta agus déanfar é a fhoilsiú faoi réir na gceanglas maidir le rúndacht ghairmiúil.’;

(28) cuirtear isteach an t-airteagal seo a leanas:

*'Airteagal 30a*

*Faisnéis atá i seilbh sásraí uathoibrithe láraithe*

1. Soláthróidh na húdaráis a oibríonn na sásraí uathoibrithe láraithe arna mbunú de bhun Airteagal 32a de Threoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[*] faisnéis don Bhord, arna iarraidh sin dó, a bhaineann le líon comhiomlánaithe na gcustaiméirí arb é eintiteas dá dtagraítear in Airteagal 2 den Rialachán seo an t-aon chomhpháirtí baincéireachta nó an príomh-chomhpháirtí baincéireachta atá acu.

2. Ní iarrfaidh an Bord an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 ach amháin ar bhonn cás ar chás agus i gcásanna inar gá agus inar comhréireach sin chun a chúraimí faoin Rialachán seo a chomhlíonadh.

3. Déanfaidh an Bord an fhaisnéis a fhaightear de bhun mhír 1 a chomhroinnt leis na húdaráis réitigh náisiúnta lena mbaineann i gcomhthéacs chomhlíonadh a gcúraimí faoin Rialachán seo.

---

[*] Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le cosc a chur ar úsáid an chórais airgeadais chun críoch sciúrtha airgid nó maoinithe sceimhlitheoirí, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 2005/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2006/70/CE ón gCoimisiún (IO L 141, 5.6.2015, lch. 73, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2015/849/oj).';

(29) in Airteagal 31, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘3. Maidir leis na heintitis agus na grúpaí dá dtagraítear in Airteagal 7(2) den Rialachán seo, agus maidir leis na heintitis agus na grúpaí dá dtagraítear in Airteagal 7(4), pointe (b), agus Airteagal 7(5) den Rialachán seo, i gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha maidir leis na forálacha sin a chur i bhfeidhm, rachaidh na húdaráis réitigh náisiúnta i gcomhairle leis an mBord sula ngníomhóidh siad faoi Airteagal 86 de Threoir 2014/59/AE.

Socróidh na húdaráis réitigh náisiúnta teorainn ama iomchuí don Bhord chun freagra a thabhairt ar an iarraidh ar chomhairliúchán, teorainn nach mbeidh níos giorra ná 2 lá oibre tar éis don údarás réitigh náisiúnta an iarraidh a thíolacadh. I gcás nach gcuirfidh an Bord a thuairimí in iúl laistigh den teorainn ama sin, nó nach n-iarrfaidh sé síneadh a chur léi, glacfar leis nach bhfuil aon bharúlacha le cur in iúl ag an mBord.’;

(30) in Airteagal 32(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

‘I gcás ina mbeidh i ngrúpa eintitis atá bunaithe i mBallstáit rannpháirteacha agus i mBallstáit neamh-rannpháirteacha nó i dtríú tíortha chomh maith, gan dochar d’aon fhormheas ag an gComhairle nó ag an gCoimisiún atá ina cheangal de réir an Rialacháin seo, déanfaidh an Bord ionadaíocht d’údarás réitigh náisiúnta na mBallstát rannpháirteach, chun críoch comhchomhairle agus comhair le Ballstáit neamh-rannpháirteacha nó tríú tíortha i gcomhréir le hAirteagail 7, 8, 12, 13, 16, 18, 45h, 55, agus 88 go 92 de Threoir 2014/59/AE.’;

(31) leasaítear Airteagal 34 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

‘Féadfaidh an Bord, agus lánúsáid á baint aige as an bhfaisnéis ar fad atá ar fáil cheana féin do BCE, lena n-áirítear an fhaisnéis arna bailiú ag comhaltaí CEBC de bhun Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh, nó as an bhfaisnéis uile atá ar fáil do na húdaráis inniúla náisiúnta, do BERS, do ÚBE, do ESMA nó do ÚEÁPC, a cheangal ar na daoine dlítheanacha nó nádúrtha seo a leanas, trí na húdaráis réitigh náisiúnta nó go díreach, tar éis dóibh na húdaráis réitigh náisiúnta a chur ar an eolas, an fhaisnéis uile is gá a sholáthar dó, i gcomhréir leis an nós imeachta agus leis an bhfoirm a iarrann an Bord, chun a chúraimí a chomhlíonadh:’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 5 agus 6:

‘5. Féadfaidh an Bord, BCE, comhaltaí CEBC, na húdaráis inniúla náisiúnta, BERS, ÚBE, ESMA, ÚEÁPC agus na húdaráis réitigh náisiúnta meabhráin tuisceana a tharraingt suas ina leagfar amach nós imeachta lena rialaítear malartú faisnéise. Ní mheasfar gur sárú ar cheanglais maidir le rúndacht ghairmiúil a bheidh i malartú faisnéise idir an Bord, BCE, agus comhaltaí eile CEBC, na húdaráis inniúla náisiúnta, BERS, ÚBE, ESMA, ÚEÁPC agus na húdaráis réitigh náisiúnta.

6. Comhoibreoidh údaráis inniúla náisiúnta, BCE, comhaltaí CEBC, BERS, ÚBE, ESMA, ÚEÁPC, agus na húdaráis réitigh náisiúnta leis an mBord chun a fhíorú an bhfuil cuid den fhaisnéis nó an fhaisnéis ar fad a iarradh ar fáil cheana féin tráth a dhéantar an iarraidh. I gcás ina mbeidh faisnéis den sórt sin ar fáil, cuirfidh na húdaráis inniúla náisiúnta, BCE agus comhaltaí eile CEBC, BERS, ÚBE, ESMA, ÚEÁPC nó na n-údarás réitigh náisiúnta an fhaisnéis sin ar fáil don Bhord.';

(32) cuirtear isteach an t-airteagal seo a leanas:

*'Airteagal 41a*
*Athbhreithniú ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh*

Beidh dlínse neamhtheoranta ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh athbhreithniú a dhéanamh ar chinntí an Bhoird lena bhforchuirtear fíneáil nó íocaíocht phionósach thréimhsiúil. Féadfaidh sí méid na fíneála nó na híocaíochta pionósaí tréimhsiúla a forchuireadh a neamhniú, nó a laghdú nó a mhéadú.';

(33) leasaítear Airteagal 43 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an pointe a leanas isteach:

'(aa) an Leas-Chathaoirleach arna cheapadh i gcomhréir le hAirteagal 56;';

(b) cuirtear an méid a leanas in ionad Airteagal 2:

'2. Beidh aon vóta amháin ag gach comhalta, lena n-áirítear an Cathaoirleach agus an Leas-Chathaoirleach.';

(34) leasaítear Airteagal 45 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

'Trédhearcacht agus cuntasacht';

(b) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

'3a. Foilseoidh an Bord a chuid beartas, treoirlínte, treoracha ginearálta agus doiciméad inmheánach oibre maidir le cúrsaí réitigh i gcoitinne agus maidir leis na cleachtais agus na modheolaíochtaí réitigh a bheidh le cur i bhfeidhm laistigh den Sásra Réitigh Aonair, a fhad agus nach mbeidh nochtadh ábhair rúnda i gceist leis an bhfoilsiú sin. Ní bheidh feidhm ag an gceanglas sin maidir le foilsiú i gcás doiciméid ina bhfuil treoir nó treoracha d'fhoirne réitigh inmheánacha nó i gcás doiciméid eile a ullmhaítear chun faisnéis a mhalartú go hinmheánach laistigh den Sásra Réitigh Aonair, agus chun na gcríoch sin amháin.';

(35) in Airteagal 50(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (n):

'(n) Oifigeach Cuntasaíochta agus iniúchóir inmheánach a cheapadh, faoi réir na Rialachán Foirne agus na gCoinníollacha Fostaíochta, a mbeidh neamhspleáchas feidhmeach acu agus a ndualgais á ndéanamh acu;';

(36) leasaítear Airteagal 53 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

'Ina sheisiún feidhmiúcháin, comhdhéanfar an Bord den Chathaoirleach, den Leas-Chathaoirleach agus de na ceithre chomhalta eile dá dtagraítear in Airteagal 43(1), pointe (b). Tiocfaidh an Bord, ina sheisiún feidhmiúcháin, le chéile chomh minic agus is gá.';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

'5. Áiritheoidh na comhaltaí den Bhord dá dtagraítear in Airteagal 43(1), pointí (a), (aa) agus (b), go bhfuil na cinntí agus gníomhaíochtaí réitigh, go háirithe maidir le húsáid an Chiste, sna foirmíochtaí difriúla de sheisiúin feidhmiúcháin an Bhoird comhleanúnach, iomchuí agus comhréireach.';

(37) leasaítear Airteagal 54 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 2 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

'Agus a dhualgais de bhun mhír 1 den Airteagal seo á bhfeidhmiú aige, déanfaidh an Bord an méid seo a leanas ina sheisiún feidhmiúcháin:';

(ii) cuirtear an pointe seo a leanas leis:

‘(f) comhairliúcháin a dhéanamh i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach i mír 2a maidir le treoirlínte, treoracha ginearálta agus aon ionstraimí eile a bhfuil feidhm ghinearálta acu laistigh den Sásra Réitigh Aonair ina leagtar amach an chaoi a bhfuil sé ar intinn ag an mBord an Rialachán seo a chur chun feidhme.’;

(b) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

‘2a. Chun críocha mhír 2, pointe (f), beidh feidhm ag an nós imeachta seo a leanas:

(a) déanfaidh an Bord, ina sheisiún feidhmiúcháin, dréachtionstraim a thíolacadh don Bhord ina sheisiún iomlánach;

(b) áiritheoidh an Bord ina sheisiún iomlánach go rachfar i gcomhairle leis na comhaltaí den Bhord dá dtagraítear in Airteagal 43(1), pointe (c), maidir leis an dréachtionstraim;

(c) déanfaidh an Bord, ina sheisiún feidhmiúcháin, athbhreithniú ar aon bharúlacha a thabharfar mar chuid den chomhairliúchán dá dtagraítear i bpointe (b);

(d) tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar na barúlacha, cuirfidh an Bord, ina sheisiún feidhmiúcháin, a mheasúnú ar na barúlacha sin ar fáil don Bhord ina sheisiún iomlánach lena phlé;

(e) déanfaidh an Bord, ina sheisiún feidhmiúcháin, cinneadh maidir leis an leagan deiridh den ionstraim tar éis an phlé dá dtagraítear i bpointe (d) agus tar éis aird chuí a thabhairt ar na barúlacha uile a gheofar.

Tabharfaidh an Bord, ina sheisiún feidhmiúcháin, cúiseanna iomchuí don Bhord ina sheisiún iomlánach maidir leis na roghanna a rinneadh i ndáil leis an ionstraim dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo. Foilseofar achoimre ar na cúiseanna sin i dtuarascáil bhliantúil an Bhoird dá dtagraítear in Airteagal 45(2).';

(38) in Airteagal 55, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1 agus 2:

'1. Más rud é, agus eintiteas aonair nó grúpa nach bhfuil bunaithe ach in aon Bhallstát rannpháirteach amháin á bhreithniú, nach féidir leis na comhaltaí uile dá dtagraítear in Airteagal 53(1) agus (3) teacht ar chomhaontú comhpháirteach trí chomhthoil laistigh den sprioc-am arna leagan síos ag an gCathaoirleach, déanfaidh an Leas-Chathaoirleach agus na comhaltaí dá dtagraítear in Airteagal 43(1), pointe (b), cinneadh trí thromlach simplí.

2. Más rud é, agus grúpa trasteorann á bhreithniú, nach féidir leis na comhaltaí uile dá dtagraítear in Airteagal 53(1) agus (4) teacht ar chomhaontú comhpháirteach trí chomhthoil laistigh den sprioc-am arna leagan síos ag an gCathaoirleach, déanfaidh an Cathaoirleach, an Leas-Chathaoirleach agus na comhaltaí dá dtagraítear in Airteagal 43(1), pointe (b), cinneadh trí thromlach simplí.';

(39) leasaítear Airteagal 56 mar a leanas:

(a) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

‘(d) réamh-dhréachtbhuiséad agus dréachtbhuiséad an Bhoird a chur ar bun, i gcomhréir le hAirteagal 61, agus buiséad an Bhoird a chur chun feidhme, i gcomhréir le hAirteagal 63;’;

(b) i mír 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

‘5. 5 bliana a bheidh i dtéarma oifige an Chathaoirligh, an Leas-Chathaoirligh agus na comhaltaí dá dtagraitear in Airteagal 43(1), pointe (b). Ní bheidh an téarma sin in-athnuaite.

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 7:

‘7. Fanfaidh an Cathaoirleach, an Leas-Chathaoirleach agus na comhaltaí dá dtagraítear in Airteagal 43(1), pointe (b), in oifig go dtí go gceapfar a gcomharbaí agus go rachaidh siad i mbun a gcuid dualgas i gcomhréir leis an gcinneadh ón gComhairle dá dtagraítear i mír 6 den Airteagal seo.’;

(d) scriostar mír 8;

(40) Cuirtear an méid seo a leanas isteach in ionad Airteagal 61:

*'Airteagal 61*
*Bunú an bhuiséid*

1. Faoin 31 Márta gach bliain, tarraingeoidh an Cathaoirleach suas réamh-dhréachtbhuiséad de chuid an Bhoird, lena n-áirítear ráiteas ar na meastacháin ar ioncam agus ar chaiteachas an Bhoird don bhliain dár gcionn, mar aon le dréachtphlean bunaíochta, don bhliain ina dhiaidh agus cuirfidh sé faoi bhráid an Bhoird é ina sheisiún iomlánach.

   Déanfaidh an Bord ina sheisiún iomlánach, i gcás inar gá, réamh-dhréachtbhuiséad an Bhoird a choigeartú mar aon leis an dréachtphlean bunaíochta.

2. Ar bhonn an réamh-dhréachtbhuiséid arna ghlacadh ag an mBord ina sheisiún iomlánach, tarraingeoidh an Cathaoirleach suas dréachtbhuiséad an Bhoird agus cuirfidh sé faoi bhráid an Bhoird é ina sheisiún iomlánach lena ghlacadh.

   Faoin 30 Samhain gach bliain, déanfaidh an Bord ina sheisiún iomlánach an dréachtbhuiséad a thíolaic an Cathaoirleach a choigeartú, i gcás inar ghá sin, agus buiséad críochnaitheach an Bhoird a ghlacadh in éineacht leis an bplean bunaíochta.';

(41) in Airteagal 62, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'3. Is ar an mBord ina sheisiún iomlánach a bheidh an fhreagracht as caighdeáin rialaithe inmheánaigh a ghlacadh agus córais rialaithe inmheánaigh agus nósanna imeachta a chur ar bun a bheidh oiriúnach do chúraimí an iniúchóra inmheánaigh a fheidhmiú.';

(42) in Airteagal 69, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. Mura leor na hacmhainní airgeadais atá ar fáil chun an spriocleibhéal a shonraítear i mír 1 den Airteagal seo a bhaint amach, ardófar na ranníocaíochtaí *ex ante* arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 70 go dtí go mbainfear an spriocleibhéal amach. Féadfaidh an Bord tiomsú na ranníocaíochtaí *ex ante* a chur siar i gcomhréir le hAirteagal 70 go ceann 3 bliana nó níos mó lena áirithiú go sroichfidh an méid atá le tiomsú méid atá comhréireach le costais an phróisis tiomsaithe, ar choinníoll nach ndéanfaidh iarchur mar sin difear ábhartha do chumas an Bhoird an Ciste a úsáid de bhun Roinn 3. I gcás inar lú na hacmhainní airgeadais atá ar fáil ná dhá thrian den spriocleibhéal, socrófar na ranníocaíochtaí ar leibhéal lena bhféadfar an spriocleibhéal a shroicheadh laistigh de thréimhse ama réasúnta nach faide ná 6 bliana.

Mar sin féin, i gcás ina sroicheann glanúsáid charntha an Chiste le 3 bliana anuas, a cumasaíodh le ranníocaíocht scéimeanna ráthaithe taiscí i gcomhréir le hAirteagal 79(4), an tairseach de 20 % de spriocleibhéal an Chiste agus ina laghdaítear na hacmhainní airgeadais atá ar fáil go dtí níos lú ná dhá thrian den spriocleibhéal, socrófar na ranníocaíochtaí *ex ante* is gá de bharr na húsáide sin ar leibhéal lenar féidir an spriocleibhéal atá le sroicheadh laistigh de 10 mbliana.

Tabharfaidh an ranníocaíocht *ex ante* an aird chuí ar chéim an timthrialla gnó, agus ar an tionchar a d’fhéadfadh na ranníocaíochtaí comh-thimthriallacha a imirt agus ranníocaíochtaí bliantúla á socrú i gcomhthéacs na míre seo.’;

(43) leasaítear Airteagal 70 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. Sna hacmhainní airgeadais atá ar fáil a chuirfear san áireamh chun an spriocleibhéal a shonraítear in Airteagal 69 a bhaint amach, féadfar gealltanais íocaíochta neamh-inchúlghairthe a áireamh atá cumhdaithe go hiomlán le comhthaobhacht de shócmhainní ísealriosca gan bhac ó aon chearta tríú páirtí atá ar shaordhiúscairt agus sannta lena húsáid go heisiach ag an mBord chun na gcríoch a shonraítear in Airteagal 76(1). Ní rachaidh sciar na ngealltanas íocaíochta neamh-inchúlghairthe thar 30 % de mhéid iomlán na ranníocaíochtaí arna gcruinniú i gcomhréir leis an Airteagal seo. Laistigh den teorainn sin, cinnfidh an Bord go bliantúil sciar na ngealltanas íocaíochta neamh-inchúlghairthe i méid iomlán na ranníocaíochtaí atá le cruinniú i gcomhréir leis an Airteagal seo.’;

(b) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

‘3a. Glaofaidh an Bord ar na gealltanais íocaíochta neamh-inchúlghairthe arna ndéanamh de bhun mhír 3 den Airteagal seo i gcás inar gá an Ciste a úsáid de bhun Airteagal 76.

I gcás ina scoirfidh eintiteas de bheith faoi raon feidhme Airteagal 2, cuirfidh an Bord na gealltanais íocaíochta neamh-inchúlghairthe arna ndéanamh de bhun mhír 3 den Airteagal seo ar ceal agus tabharfar ar ais an chomhthaobhacht lena ráthaítear na gealltanais sin.

Ag féachaint don ghá leibhéal leordhóthanach na n-acmhainní airgeadais atá ar fáil sa Chiste a chaomhnú nó a athbhunú, sna cásanna dá dtagraítear sa dara fomhír, beidh sé de chumhacht ag an mBord, ar chealú na ngealltanas íocaíochta neamh-inchúlghairthe, méid a chinneadh a ranníocfaidh an t-eintiteas dá dtagraítear sa dara fomhír leis an gCiste san fhoirm, sna téarmaí agus san uainiú a leagtar amach i gcinneadh an Bhoird.

Ní bheidh an ranníocaíocht dá dtagraítear sa tríú fomhír níos mó ná méid na ngealltanas íocaíochta neamh-inchúlghairthe arna gcealú de bhun an dara fomhír.';

(44) in Airteagal 71(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

'Ní rachaidh méid iomlán na ranníocaíochtaí *ex post* urghnácha in aghaidh na bliana thar thrí oiread 12,5 % den spriocleibhéal a shonraítear in Airteagal 69.';

(45) in Airteagal 74, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

'Cuirfidh an Bord an Coimisiún agus BCE ar an eolas a luaithe a mheasfaidh sé go bhféadfadh sé gur gá na socruithe airgeadais atá ar conradh don Chiste a ghníomhachtú i gcomhréir leis an Airteagal seo, agus soláthróidh sé don Choimisiún agus do BCE an fhaisnéis uile is gá chun a gcúraimí a chomhlíonadh i ndáil leis na socruithe airgeadais sin.';

(46) leasaítear Airteagal 76 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (e):

‘(e) cúiteamh a íoc le scairshealbhóirí agus creidiúnaithe, nó leis an scéim ráthaithe taiscí sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 79(1), pointe (a), agus Airteagal 79(6), más rud é, tar éis luacháil de bhun Airteagal 20(5), go bhfuil caillteanais níos mó tabhaithe acu ná mar a bheadh tabhaithe acu, tar éis luacháil de bhun Airteagal 20(16), i gcás foirceannadh faoi ghnáthimeachtaí dócmhainneachta;’;

(b) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

‘3a. I gcás ina mbeidh feidhm ag mír 3, aon luach saothair inathraithe, lena n-áirítear sochair phinsin lánroghnacha, de chuid chomhaltaí reatha agus iarchomhaltaí chomhlacht bainistíochta agus bhainistíocht shinsearach na hinstitiúide faoi réiteach le linn tréimhsí roimh theip na hinstitiúide, ar luach saothair é nár íocadh nó nár dílsíodh roimh an gcinneadh gníomhaíocht réitigh a dhéanamh, déanfar é a chealú. Aon luach saothair inathraithe, lena n-áirítear sochair phinsin lánroghnacha, a dílsíodh nó a íocadh, sna 24 mhí roimh an gcinneadh gníomhaíocht réitigh a dhéanamh, le comhaltaí reatha agus iarchomhaltaí an chomhlachta bainistíochta agus na bainistíochta sinsearaí, déanfaidh na comhaltaí agus na hiarchomhaltaí sin iad a thabhairt ar ais nó a aisíoc, ach amháin má chruthaíonn siad nár ghlac siad páirt san iompar ba chúis le teip na hinstitiúide faoi réiteach, nó a chuir leis an teip sin, nó nach raibh siad freagrach as an iompar sin.

Ní bheidh feidhm ag an mír seo maidir le luach saothair inathraithe, lena n-áirítear sochair phinsin lánroghnacha, a rialaítear le comhaontú cómhargála.’;

(c) cuirtear na míreanna seo a leanas leis:

‘5. I gcás ina n-úsáidfear na huirlisí réitigh dá dtagraítear in Airteagal 22(2), pointe (a) nó (b), gan ach cuid de shócmhainní, de chearta nó de dhliteanais na hinstitiúide faoi réiteach a aistriú, beidh éileamh ag an mBord in aghaidh an eintitis iarmharaigh ar aon chostas agus caillteanas a thabhóidh an Ciste mar thoradh ar aon ranníocaíochtaí a rinneadh le réiteach de bhun mhír 1 agus mhír 2 den Airteagal seo maidir le caillteanais a d’iompródh creidiúnaithe murach sin.

6. Beidh an rangú tosaíochta céanna ag éilimh an Bhoird dá dtagraítear i mír 5 den Airteagal seo agus in Airteagal 22(6) den Rialachán seo, i ngach Ballstát rannpháirteach, faoi mar atá ag éilimh na socruithe náisiúnta um maoiniú réitigh i ndlí náisiúnta an Bhallstáit sin lena rialaítear gnáthimeachtaí dócmhainneachta de bhun Airteagal 108(9) de Threoir 2014/59/AE.’;

(47) Cuirtear an méid seo a leanas isteach in ionad Airteagal 79:

*'Airteagal 79*

*Scéimeanna Ráthaithe Taiscí a úsáid i gcomhthéacs réitigh*

1. Áiritheoidh na Ballstáit rannpháirteacha, i gcás ina ndéanfaidh an Bord gníomhaíocht réitigh maidir le hinstitiúid creidmheasa, agus ar choinníoll go n-áiritheofar leis an ngníomhaíocht sin go mbeidh rochtain ag taisceoirí ar a dtaiscí i gcónaí, go ranníocann an scéim ráthaithe taiscí lena bhfuil an institiúid creidmheasa sin cleamhnaithe na méideanna seo a leanas:

   (a) i gcás ina gcuirtear an uirlis tarrthála inmheánaí i bhfeidhm chun críoch Airteagal 27(1), an chéad fhomhír, pointe (a), go neamhspleách nó in éineacht le huirlisí réitigh eile, an méid faoina ndéanfaí taiscí faoi chumhdach a dhíluacháil nó a chomhshó chun na caillteanais a ionsú agus an institiúid faoi réiteach a athchaipitliú de bhun Airteagal 27(13), dá mba rud é gur cuimsíodh taiscí faoi chumhdach i raon feidhme na tarrthála inmheánaí;

   (b) i gcás ina gcuirtear an uirlis díolacháin gnó nó an uirlis droichead-institiúide i bhfeidhm, go neamhspleách nó in éineacht le huirlisí réitigh eile, sa chaoi is go n-imíonn an institiúid faoi réiteach ón margadh:

      (i) an méid is gá chun an difríocht a chumhdach idir, ar thaobh amháin, luach na dtaiscí faoi chumhdach agus na ndliteanas ag a bhfuil an rangú tosaíochta céanna leis na taiscí faoi chumhdach, nó rangú tosaíochta níos airde, agus, ar an taobh eile, luach shócmhainní na hinstitiúide faoi réiteach atá le haistriú chuig faighteoir; agus

(ii) i gcás inarb ábhartha, méid is gá chun neodracht caipitil an fhaighteora a áirithiú tar éis an aistrithe.

2. Sna cásanna dá dtagraítear i mír 1, pointe (b), den Airteagal seo, i gcás ina n-áireofar san aistriú chuig an bhfaighteoir taiscí nach taiscí faoi chumhdach ná dliteanais eile iad ar féidir tarrtháil inmheánach a thabhairt orthu agus inarb é tátal an Bhoird go bhfuil feidhm ag na himthosca dá dtagraítear in Airteagal 27(5) maidir leis na taiscí nó na dliteanais sin, agus i gcás nach ndéantar an tairseach a leagtar síos in Airteagal 27(7), pointe (a), maidir le húsáid na socruithe um maoiniú réitigh a chomhlíonadh trí ranníocaíocht le hionsúchán caillteanais agus le hathchaipitliú arna déanamh ag na scairshealbhóirí agus ag sealbhóirí ionstraimí caipitil ábhartha agus ag sealbhóirí dliteanas eile ar féidir tarrtháil inmheánach a thabhairt orthu, is é seo a leanas a bheidh sa mhéid a ranníocfar ón scéim ráthaithe taiscí:

(a) an méid is gá chun an difríocht a chumhdach idir, ar thaobh amháin, luach na dtaiscí dá dtagraítear in Airteagal 108(1), an chéad fhomhír, de Threoir 2014/59/AE agus luach na ndliteanas a bhfuil an rangú tosaíochta céanna nó rangú tosaíochta níos airde acu ná taiscí faoi chumhdach agus, ar an taobh eile, luach shócmhainní na hinstitiúide faoi réiteach atá le haistriú chuig faighteoir; agus

(b) i gcás inarb ábhartha, méid is gá chun neodracht caipitil an aistrithe a áirithiú don fhaighteoir.

A luaithe a bheidh ranníocaíocht déanta ag an scéim ráthaithe taiscí sna cásanna dá dtagraítear sa chéad fhomhír, staonfaidh an institiúid faoi réiteach ó gheallta a fháil i ngnóthais eile, ó dháileacháin a dhéanamh i dtaca le caipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 nó íocaíochtaí a dhéanamh ar ionstraimí Breise Leibhéal 1, agus ó ghníomhaíochtaí eile a dhéanamh a bhféadfadh eis-sreabhadh cistí a bheith mar thoradh orthu.

3. I gcás ina n-úsáidfear cistí na scéime ráthaithe taiscí i gcur i bhfeidhm na huirlise tarrthála inmheánaí i gcomhréir le mír 1, pointe (a), chun rannchuidiú le hathchaipitliú na hinstitiúide faoi réiteach, aistreoidh an scéim ráthaithe taiscí a sealúchais scaireanna nó ionstraimí úinéireachta eile san institiúid faoi réiteach chuig an earnáil phríobháideach a luaithe is féidir de réir na n-imthosca tráchtála agus airgeadais.

Déanfaidh an scéim ráthaithe taiscí na scaireanna nó na hionstraimí úinéireachta eile dá dtagraítear sa chéad fhomhír a mhargú go hoscailte agus go trédhearcach. Agus na díolacháin sin á ndéanamh, ní thabharfar bréagléiriú ar na scaireanna nó na hionstraimí sin ná ní dhéanfar idirdhealú idir ceannaitheoirí ionchasacha, agus déanfar iad ar théarmaí tráchtála.

4. Maidir le ranníocaíocht na scéime ráthaithe taiscí le haistriú lena n-áirítear taiscí nach taiscí faoi chumhdach ná dliteanais eile ar féidir tarrtháil inmheánach a thabhairt orthu iad de bhun mhír 2 den Airteagal seo, cuirfear san áireamh í faoi chomhair na tairsí a leagtar síos in Airteagal 27(7), pointe (a), i gcás ina gcomhlíontar gach ceann de na coinníollacha seo a leanas:

(a) ní mó ná EUR 80 billiún luach iomlán shócmhainní na hinstitiúide faoi réiteach ar bhonn aonair;

(b) níor sainaithníodh an institiúid faoi réiteach, sna 24 mhí roimh an gcinneadh gníomhaíocht réitigh a dhéanamh, mar eintiteas leachtaithe sa phlean réitigh grúpa ná sa phlean réitigh;

(c) maidir le hionstraimí cistí dílse agus dliteanais incháilithe na hinstitiúide faoi réiteach, agus aon dliteanais nach gcáilíonn a thuilleadh mar dhliteanais incháilithe toisc nach gcomhlíonann siad an coinníoll a leagtar amach in Airteagal 72c(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, úsáideadh iad go hiomlán le haghaidh ionsúchán caillteanais agus athchaipitliú, cé is moite de na dliteanais incháilithe sin a measann an Bord go bhfuil feidhm ag na himthosca dá dtagraítear in Airteagal 27(5) den Rialachán seo maidir leo;

(d) tá leibhéal an cheanglais dá dtagraítear in Airteagal 12(1) don institiúid faoi réiteach cothrom ar a laghad leis an leibhéal dá dtagraítear in Airteagal 12d(5a);

(e) níor sháraigh an institiúid faoi réiteach an ceanglas dá dtagraítear in Airteagal 12a(2), pointe (a), lena n-áirítear na spriocleibhéil idirmheánacha chomhfhreagracha arna gcinneadh de bhun Airteagal 12k(1) agus (2), ar feadh 2 ráithe as a chéile sa tréimhse 4 bliana dar críoch an dáta roimh an gcéad lá de na 3 ráithe iomlána roimh an gcinneadh gníomhaíocht réitigh a dhéanamh.

Chun críocha na chéad fhomhíre, pointe (e), den mhír seo, i gcás inar chuir an Banc Ceannais Eorpach nó an t-údarás inniúil náisiúnta ábhartha nó an Bord ceann amháin ar a laghad de na bearta dá dtagraítear in Airteagal 12j(1) i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar shárú ar an gceanglas dá dtagraítear in Airteagal 12a(2), pointe (a), ní chuirfidh an Bord sáruithe ar an gceanglas sin san áireamh le linn na 4 ráithe iomlána roimh an gcinneadh gníomhaíocht réitigh a dhéanamh.

Ní bheidh feidhm ag pointe (e) den chéad fhomhír den mhír seo maidir leis na ceanglais a eascraíonn as cur i bhfeidhm Airteagal 12c(4), (5) nó (7).

5. I gcás inar féidir an Ciste a úsáid de bharr ranníocaíocht na scéime ráthaithe taiscí le haistriú lena n-áirítear taiscí nach taiscí faoi chumhdach ná dliteanais eile iad ar féidir tarrtháil inmheánach a thabhairt orthu, de bhun mhíreanna 2 agus 4 den Airteagal seo, agus de bharr na ranníocaíochta le hionsúchán caillteanais agus le hathchaipitliú arna déanamh ag na scairshealbhóirí, ag sealbhóirí ionstraimí úinéireachta eile, agus ag sealbhóirí ionstraimí caipitil ábhartha agus ag sealbhóirí dliteanas eile ar féidir tarrtháil inmheánach a thabhairt orthu, beidh ranníocaíocht na scéime ráthaithe taiscí teoranta don mhéid is gá chun an tairseach a leagtar síos in Airteagal 27(7), pointe (a), a chomhlíonadh. Tar éis ranníocaíocht na scéime ráthaithe taiscí, úsáidfear an Ciste i gcomhréir leis na prionsabail lena rialaítear úsáid an Chiste a leagtar amach in Airteagal 27 agus in Airteagal 76.

I gcás ina bhfuil luach iomlán sócmhainní idir EUR 30 billiún agus EUR 80 billiún ag institiúid faoi réiteach ar bhonn aonair, ní rachaidh ranníocaíocht na scéime ráthaithe taiscí de bhun na míre seo thar 2.5 % d'iomlán na ndliteanas, lena n-áirítear cistí dílse na hinstitiúide faoi réiteach.

6. I gcás ina bhfuil feidhm ag mír 4 den Airteagal seo agus ina gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 27(9), déanfaidh an scéim ráthaithe taiscí ranníocaíocht bhreise a bheidh cothrom le méid na gcaillteanas a bhainfeadh do thaiscí faoi chumhdach, dá mba rud é gur bhain caillteanais do thaiscí faoi chumhdach i gcomhréir leis na caillteanais a bhain do chreidiúnaithe a bhfuil an rangú tosaíochta céanna acu san ordlathas dócmhainneachta náisiúnta.

   Ní bheidh costas ranníocaíocht bhreise na scéime ráthaithe taiscí dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo níos mó ná na caillteanais a thabhódh sí dá ndéanfaí an institiúid a fhoirceannadh faoi ghnáthimeachtaí dócmhainneachta, mar a mheastar de bhun Airteagal 20(9).

7. I ngach cás, ní rachaidh méid iomlán ranníocaíocht na scéime ráthaithe taiscí i ngníomhaíocht réitigh i gcomhréir leis an Airteagal seo thar an méid dá dtagraítear in Airteagal 11e, pointe (a), de Threoir 2014/49/AE.

I gcás ina gcuirtear an uirlis díolacháin gnó nó na huirlisí droichead-institiúide i bhfeidhm i gcomhréir le mír 1, pointe (b), nó mír 2, den Airteagal seo dóibh, ní bheidh méid ranníocaíocht na scéime ráthaithe taiscí dá dtagraítear sna forálacha sin os cionn 62.5 % de spriocleibhéal na scéime ráthaithe taiscí mar a thagraítear in Airteagal 10(2) de Threoir 2014/49/AE dó.

Féadfaidh an t-údarás ainmnithe a chinneadh nach mbeidh feidhm ag an teorainn dá dtagraítear sa dara fomhír den mhír seo i gcás ina dtabharfaidh an Bord bonn cirt don údarás ainmnithe sin maidir leis an ngá go mbeadh ranníocaíocht ón scéim ráthaithe taiscí os cionn 62.5 % den spriocleibhéal chun drochthionchair ar an gcobhsaíocht airgeadais a sheachaint nó chun rochtain na dtaisceoirí ar a dtaiscí a chaomhnú.

I gcás ina gcuirtear an uirlis tarrthála inmheánaí i bhfeidhm, i gcomhréir le mír 1, pointe (a), den Airteagal seo di, ní bheidh méid na ranníocaíochta ón scéim ráthaithe taiscí níos mó ná na caillteanais a bheadh tabhaithe ag an scéim ráthaithe taiscí dá ndéanfaí an institiúid a fhoirceannadh faoi ghnáthimeachtaí dócmhainneachta, mar a measadh de bhun Airteagal 20(9).

Arna iarraidh sin, cuirfidh an scéim ráthaithe taiscí an Bord ar an eolas go pras maidir leis na méideanna dá dtagraítear sa chéad agus sa dara fomhír.

8. Is é an Bord a chinnfidh méid na ranníocaíochta ón scéim ráthaithe taiscí i gcomhréir leis an Airteagal seo agus tabharfaidh sé fógra faoin gcinneadh sin don údarás ainmnithe agus don scéim ráthaithe taiscí. Cuirfidh an scéim ráthaithe taiscí an cinneadh sin chun feidhme gan mhoill.

9. I gcás ina n-aistreofar taiscí incháilithe ag institiúid faoi réiteach chuig eintiteas eile tríd an uirlis díolacháin gnó nó tríd an uirlis droichead-institiúide, ní bheidh aon éileamh ag na taisceoirí faoi Threoir 2014/49/AE in aghaidh na scéime ráthaithe taiscí i ndáil le haon chuid dá dtaiscí atá ag an institiúid faoi réiteach nachn-aistreofar, ar choinníoll go bhfuil méid na dtaiscí arna n-aistriú cothrom leis an leibhéal cumhdaigh comhiomlán dá bhforáiltear in Airteagal 6 den Treoir sin, nó níos mó ná an leibhéal cumhdaigh.

10. I gcás ina ndéanfaidh scéim ráthaithe taiscí ranníocaíocht le gníomhaíocht réitigh, beidh feidhm ag Airteagal 76(3a).

11. I gcás ina bhfágfaidh ranníocaíocht scéime ráthaithe taiscí, i gcomhréir le mír 4, gur féidir úsáid a bhaint as an gCiste le haghaidh institiúid faoi réiteach ar fiú idir EUR 30 billiún agus EUR 80 billiún luach iomlán a sócmhainní ar bhonn aonair, tabharfaidh an Bord tuairisc do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle agus don Choimisiún maidir leis an scéim réitigh arna glacadh ag an mBord, ina míneofar go háirithe an fáth ar ghá ranníocaíocht na scéime ráthaithe taiscí agus úsáid an Chiste. Tabharfar an tuarascáil sin laistigh de 3 mhí tar éis ghlacadh na scéime réitigh.';

(48) cuirtear na hairteagail seo a leanas isteach:

*'Airteagal 79a*

*Úsáid charntha an Chiste agus na scéimeanna ráthaithe taiscí*

1. A luaithe a shroichfidh glanúsáid charntha an Chiste le 3 bliana anuas, arna cumasú le ranníocaíocht scéimeanna ráthaithe taiscí i gcomhréir le hAirteagal 79(4), an tairseach de 10 % de spriocleibhéal an Chiste, cuirfidh an Bord treoir ar fáil ina sheisiún iomlánach maidir le húsáid an Chiste arna chumasú le ranníocaíocht scéimeanna ráthaithe taiscí. Leanfaidh an Bord ina sheisiún feidhmiúcháin an treoir sin i gcinntí réitigh dá éis sin go dtí go ndéanfar an Ciste a athshlánú go hiomlán.

   Glacfaidh an Bord an treoir dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo ina sheisiún iomlánach i gcomhréir le hAirteagal 52(2).

2. A luaithe a shroichfidh glanúsáid charntha an Chiste le 3 bliana anuas, arna cumasú le ranníocaíocht scéimeanna ráthaithe taiscí i gcomhréir le hAirteagal 79(4), an tairseach de 20 % de spriocleibhéal an Chiste, cuirfidh an Bord an Chomhairle agus an Coimisiún ar an eolas.

Tar éis dó an fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a fháil, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar an méid seo a leanas:

(a) feidhmiú na bhforálacha maidir le ranníocaíochtaí scéimeanna ráthaithe taiscí i gcás réitigh lena gcumasaítear úsáid an Chiste i gcomhréir le hAirteagal 79(4);

(b) na socruithe a leagtar amach in Airteagail 69, 70 agus 71 chun ranníocaíochtaí a chruinniú tar éis úsáid an Chiste a bheith cumasaithe trí ranníocaíochtaí scéimeanna ráthaithe taiscí, cibé an bhfuil nó nach bhfuil na socruithe sin iomchuí.

Cuirfidh an Coimisiún tuarascáil ina thaobh sin faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle. Beidh togra reachtach ag gabháil leis an tuarascáil sin i gcás inarb iomchuí.

*Airteagal 79b*
*Tuairisciú ar leachtacht i gcás réitigh*

Faoin 31 Nollaig 2026, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ar cheist na leachtachta i gcás réitigh.

Déanfar breithniú sa tuarascáil dá dtagraítear sa chéad fhomhír ar na socruithe atá ann cheana maidir le leachtacht a sholáthar i gcás réitigh, lena n-áirítear sásraí príobháideacha agus poiblí araon, agus scrúdófar inti na bealaí is éifeachtúla chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh leachtachta shealadacha, agus aon fhorbairtí ábhartha ar an leibhéal idirnáisiúnta á gcur san áireamh. Cuirfear roghanna beartais i láthair sa tuarascáil sin.';

(49) in Airteagal 85(3), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

‘Féadfaidh aon duine nádúrtha nó dlítheanach, lena n-áirítear na húdaráis réitigh, achomharc a dhéanamh i gcoinne chinneadh an Bhoird arna ghlacadh faoi Airteagal 10(10), Airteagal 11, Airteagal 12(1), Airteagal 38 go hAirteagal 41, Airteagal 65(3), Airteagal 71 agus Airteagal 90(3) a bheidh dírithe ar an duine sin nó a bhainfidh go díreach nó go leithleach leis an duine sin.’;

(50) leasaítear Airteagal 88 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

‘6. Ní chuirfidh an tAirteagal seo cosc ar an mBord, ar an gComhairle, ar an gCoimisiún, ar BCE, ar na húdaráis réitigh náisiúnta ná ar na húdaráis inniúla náisiúnta, lena n-áirítear a bhfostaithe agus a saineolaithe, faisnéis a chomhroinnt lena chéile agus le haireachtaí inniúla, bainc cheannais, údaráis ainmnithe, scéimeanna ráthaithe taiscí, scéimeanna cúitimh d’infheisteoirí, údaráis atá freagrach as gnáthimeachtaí dócmhainneachta, údaráis réitigh árachais, údaráis mhaoirseachta árachais, údaráis réitigh agus údaráis inniúla ó Bhallstáit neamh-rannpháirteacha, ÚBE, nó, faoi réir Airteagal 33, údaráis tríú tír a dhéanann feidhmeanna atá coibhéiseach le feidhmeanna údaráis réitigh, nó, faoi réir diancheanglais rúndachta, le ceannaitheoir ionchasach chun gníomhaíocht réitigh a phleanáil nó a dhéanamh.’;

(b) cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘8. Leis an Airteagal seo, ní chuirfear cosc ar an mBord a anailísí nó a mheasúnuithe a nochtadh, lena n-áirítear nuair atá siad bunaithe ar fhaisnéis arna soláthar ag na heintitis dá dtagraítear in Airteagal 2 nó ag údaráis eile dá dtagraítear i mír 6 den Airteagal seo, nuair a mheasann an Bord nach mbainfeadh an nochtadh an bonn de chosaint leas an phobail a mhéid a bhaineann le beartas airgeadais, airgeadaíochta nó eacnamaíoch agus go bhfuil leas an phobail i nochtadh a sháraíonn aon leas eile dá dtagraítear i mír 5 den Airteagal seo. Measfar nochtadh mar sin a bheith déanta ag an mBord i bhfeidhmiú a fheidhmeanna faoin Rialachán seo chun críocha mhír 1 den Airteagal seo.’;

(51) cuirtear isteach an t-airteagal seo a leanas:

‘Airteagal 93a
Forálacha idirthréimhseacha

1. De mhaolú ar Airteagal 12c(1a), na taiscí sin a glacadh roimh an … [24 mhí agus lá amháin ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo] a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 12c(1), an chéad fhomhír, in Airteagal 12d(2a), an dara fomhír, nó in Airteagal 12g(2), pointe (a), féadfar iad a áireamh i méid na gcistí dílse agus na ndliteanas incháilithe go dtí an … [36 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo].

2. Maidir le hidirthréimhsí d'eintitis chun na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 12f nó 12g den Rialachán seo nó na ceanglais a eascraíonn as cur i bhfeidhm Airteagal 12c(4), (5) nó (7) den Rialachán seo a chomhlíonadh, de réir mar is iomchuí, ar ceanglais iad arna gcinneadh ag an mBord roimh an … [24 mhí agus lá ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo], ní bheidh feidhm ag Airteagal 1, pointe (15)(a), de Rialachán (AE) 2026/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[*+].

---

[*] Rialachán (AE) 2026/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an … lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 a mhéid a bhaineann le bearta luath-idirghabhála, coinníollacha maidir le réiteach agus gníomhaíocht réitigh a chistiú (IO L, ..., ELI: …).'.

---

[+] IO: cuir isteach sa téacs uimhir an Rialacháin leasaithigh seo agus comhlánaigh an fonóta comhfhreagrach.

*Airteagal 2*

*Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón … [24 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo].

Mar sin féin, beidh feidhm ag Airteagal 1, pointe (1)(b), pointí (2), (3) agus (4), pointe (5)(a), pointe (6)(a), (b) agus (d)(ii), pointe (7)(a), pointe (8), pointí (13)(a)(i) agus (c), pointí (15)(b) agus (d), pointe (20)(d), pointe 20(e) a bhaineann le hAirteagal 18(11) de Rialachán (AE) Uimh. 806/2014, pointe (22), pointe (24)(a)(ii), (b) agus (d), pointe (27), pointí (29) go (41), pointe (45), pointe (48) maidir le hAirteagal 79b de Rialachán (AE) Uimh. 806/2014, agus pointí (49) agus (50), den Rialachán seo ón … [aon mhí amháin ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo].

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in/sa …,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*